



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2016

# Clár

|  |   |            |
|--|---|------------|
| <b>Eagarfhocal</b>   |   | <b>iii</b> |
| <b>Réamhfhocal</b>   | <i>Dónall Ó Braonáin</i>  | <b>1</b>   |
| <b>Tionchar Choinbhéirseacht na Meán ar an Iriseoireacht Chraolta sa Ghaeilge</b>      | <i>Eilís Ní Dhúill</i>  | <b>5</b>   |
| <b>An Fhoghlaim Chumaisc: Taithí na dTeagascóirí</b>                                   | <i>Dorothy Ní Uigín &amp; Éamon Ó Cofaigh</i>   | <b>17</b>  |
| <b>Saintréithe an Luath-oideachais Ghaeltachta:</b>                                    |   |            |
| <b>Léargais Úra ó Chás-staidéar i nGaeltacht Chonamara</b>                             | <i>Conchúr Ó Brolcháin</i>  | <b>31</b>  |
| <b>Athastriú Achta ó Bhlianta Tosaigh an Stáit</b>                                     | <i>Eoin Ó Droighneáin</i>   | <b>43</b>  |
| <b>Dóchas an Dúchais:</b>  |   |            |
| <b>Nearú na nEalaíon Dúchais agus nGréasán Cultúrtha sa Ghaeilge</b>                   | <i>Lillis Ó Laoire</i>  | <b>67</b>  |
| <b>‘Bhí go maith agus ní raibh go holc’: Scéal an bhéaloidis i dtógáil an náisiúin</b> | <i>Pádraig Ó Tiarnaigh</i>  | <b>79</b>  |
| <b>Saothar Sheáin Mhic Giollarnáth ar Thaisclann Dhigiteach na hÉireann</b>            | <i>Seathrún Ó Tuairisg, Rósmáire Ní Cholla &amp; Piaras Ó Droighneáin</i>               | <b>89</b>  |
| <b>Léirmheas ar Cruinneas le hAntain Mac Lochlainn</b>                                 | <i>Aoife Ní Churraoin, Joyce Nic Giolla Shiomáin &amp; Nóirín Uí Mhaoilchiaráin</i>     | <b>107</b> |
| <b>Léirmheas ar Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana le Conchúr Mag Eacháin</b>       | <i>Léirmheas le Róisín Ní Cheallaigh, Áine Nic Gabhann &amp; Máire Nic Oireachtaigh</i> | <b>111</b> |
| <b>Nótaí Beathaisnéise</b>   |   | <b>115</b> |



## Eagarfhocal

A léitheoir dhil, fáilte chuig *Léann Teanga: An Reiviú*, atá á fhoilsiú ar bhonn bliantúil le ceithre bliana anuas mar chuid den chúrsa MA (Léann Teanga) le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Foilsítear *An Reiviú* ar líne agus i mbliana den chéad uair, tá an cúrsa féin á reáchtáil go páirtaimseartha tríd an bhfoghlaim chumaisc. Cuimsítear réimse leathan ábhar san iris ó bhliain go bliain, idir aistriúchán, phleanáil teanga, teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht, teagasc teangacha, cúrsaí cumarsáide agus na meáin Ghaeilge. Is é seo an ceathrú heagrán den *Reiviú*, agus is ardán tairbheach é do mhic léinn agus do lucht léinn na Gaeilge.

Tá muid, an Coiste Eagarthóireachta go mór faoi chomaoin acu siúd ar fad a chuir comhairle orainn agus a thug cabhair agus cúnaimh dúinn an t-eagrán is déanaí den *Reiviú* a chur in eagar. Tá muid an-bhuíoch de Dhónall Ó Braonáin, Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge as glacadh lenár gcuireadh an réamhrá a scríobh agus den Ollamh Gearóid Denvir, Ollamh Emeritus de chuid Roinn na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a ghlac leis an gcuireadh leagan 2016 den *Reiviú* a sheoladh. Is mór againn a gcuid tacaíochta.

Ar ndóigh, murach na scríbhneoirí cumasacha ar fad a scríobh ailt don *Reiviú*, ní bheadh iris ar bith ann. Glacann muid buíochas ó chroí leo as a gcuid saineolais agus taighde a chur ar fáil don tionscadal seo. Bhain muid an-tairbhe agus taitneamh as an idirbheartaíocht a bhí againn leis na scríbhneoirí ar fad agus d'fhoghlaim muid go leor uathu. Mar thoradh ar a gcuid oibre, tá caighdeán den chéad scoth ar fáil san iris arís i mbliana agus tá súil againn gurb amhlaidh a bheidh sna blianta amach romhainn.

Bhí ról an-tábhachtach ag na piarmheasúnóirí freisin agus tá muid an-bhuíoch díobh as ardchaighdeán na hirise a chinntiú. Ár mbuíochas freisin le dearthóir shuíomh an *Reiviú*, Shannon Reeves a chuireann cuma shlachtmhar shnasta ar shuíomh na hirise gach bliain.

Ba mhaith linn ár mórghrúochas a ghabháil le foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Áras na Gaeilge – go háirithe an Dr Dorothy Ní Uigín – a thug treoir agus cuidiú dúinn agus muid i mbun na hoibre seo. Ba mhór ab fhiú an cúnaimh agus comhairle a thug sí dúinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge agus d'Anna Davitt a rinne urraíocht ar sheoladh na hirise agus a thacaigh go fial leis an tionscadal seo ón tús.

**Coiste Eagarthóireachta – Léann Teanga: An Reiviú**

*Róisín Ní Cheallaigh, Aoife Ní Churraoin, Joyce Nic Giolla Shiomáin,  
Máire Nic Oireachtaigh, Áine Nic Gabhann, Nóirín Uí Mhaoilchiaráin*



## Réamhfhocal

*Dónall Ó Braonáin*

<https://doi.org/10.13025/K8YH-4V21>

Céad bliain i ndiaidh 1916, is ábhar dóchais é go bhfuil bail agus biseach ar an léann teanga sa Ghaeilge.

Tarraingíonn eagrán na bliana seo den *Reiviú* ar shruthanna éagsúla léinn i réimse na Gaeilge Feidhmí agus is maith an oidhe ar an iris an ilghnéitheacht seo. Tá gnéithe den léann teanga á saothrú i seomraí ranga, sa chartlann, sa chorpas náisiúnta reachtaíochta, sna meáin chumarsáide, sa stór náisiúnta béaloidis agus sna healaíona dúchais. Tá ábhar machnaimh sna haltanna maidir le heiticí, luachanna agus modhanna taighde. Déantar soláthar don léirmheastóireacht ar fhoilseacháin acadúla freisin. Dioscúrsa ríthábhachtach é seo don léann teanga sa Ghaeilge óir cuidíonn malairt tuairimíochta agus éagsúlacht léargais le caibidil fholláin, oscailte a bhunú agus cultúr intleachtúil atá rannpháirtíoch a bhuanú i measc chomhluadar léinn na Gaeilge trí chéile. Ugach atá i ngníomh an fhoilsithe don phlé, don anailís, don tóraíocht feasa. Toradh fóna amháin ar an rannpháirtíocht leathan san ardoideachas go bhfuil deireadh ag teacht le traidisiún an deifnídeachais. Ní ann don fhocal deiridh a thuilleadh. Léiríonn tosca reatha na teanga gur tábhachtaí anois ná riamh oscailteacht aigne, críochnúlacht mhodheolaíoch agus fuarchúis smaointeoireachta i dtéarmaí taighde, polasaí agus pobail.

Cuireann an teicneolaíocht leis an acmhainn atá againn athdhearadh a dhéanamh ar thoisí teibí agus fisiciúla an léinn. Is léir ar altanna éagsúla an eagráin seo cén t-athrú atá tagtha ar na príomhláithreacha comhthéacsaithe cultúir a bhí againn nuair a bunaíodh an náisiún. Is é áiteamh Phádraig Uí Thiarnaigh go raibh tábhacht leis an mbéaloideas mar bharrshamhail náisiúnta agus gurbh iad earraí cultúrtha an traidisiún bhéil a chaomhnaigh gné den dúchas san atógáil náisiúnta ag tús an chéid seo caite. Bhain feidhm pholaitiúil leis an seanchas agus ní den chéad uair é. Déanann Lillis Ó Laoire comhthéacsú comhaimseartha

ar sheachadadh na n-ealaíon béil agus tráchtann ar dhóchas an dúchais. Cuidíonn an amhránaíocht, an drámaíocht, an aithriseoireacht linn fód na féiniúlachta a sheasamh. Cath cultúrtha é seo agus muid i dtuilleamaí an traidisiúin don treallchogaíocht, dar leis.

Deir Conchúr Ó Brocháin linn go bhfuil an luathoideachas Gaeltachta faoi léigear i ngeall ar imeascadh agus ilteangachas i seomraí ranga bhunscoileanna na Gaeltachta. Ní hé an córas is cúis le toradh slán foghlama ach oideolaíocht phríomhoidí agus múinteoirí ranga ar cás leo cearta teanga leanaí a bhfuil an Ghaeilge mar chéadteanga acu. Scrúdaíonn Eilís Ní Dhúill constráid iltoiseach na meán agus an chaoi a bhfuil múnlaí traidisiúnta feidhme á gcomhshamhlú i neasacht a chéile. Is cinnte go ndéantar éascaíocht ar an bpróiseas léirithe nuair a bhíonn deis foilsithe faoi bhois tuairisceora ach tagann méadú ar an dúshlán iriseoireachta dá réir. Más aimpléiseach féin iad éilimh na teicneolaíochta ar chraoltóirí gairmiúla beidh eiticí, luachanna agus aibíocht bhreithiúnais mar bhunsraith don scéalaíocht ar mheáin éagsúla i gcónaí.

Scéalaíocht agus sonraí ar ardán digiteach téama an ailt atá scríofa ag Seathrún Ó Tuairisg, Rósmáire Ní Cholla agus Piaras Ó Droighneáin. Bhain obair mhion chasta le saothar Sheáin Mhic Giollarnáth a chóiriú le cur ar taispeáint ar Thaisclann Dhigiteach na hÉireann. Cuirfear spéis sa tslí a ndearnadh sonraí faisnéise an tionscadail a shaibhriú agus a bhainistiú le go mbeadh teacht ag taighdeoirí ar chomhéadan nuálach dátheangach. Dar leo nár mhiste acmhainní fearacht stórtha focal rialaithe, ointeolaíochtaí agus stórchistí a thabhairt chun cinn le go dtiocfadh an chartlannaíocht dhigiteach sa Ghaeilge chun forbartha.

Nuair a dhéantar forbairt ar fhardal acmhainní digiteacha don Ghaeilge níor mhiste athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar luach agus fiúntas na n-acmhainní céanna. Pléann Dorothy Ní Uigín agus Éamon Ó Cofaigh ceistanna a bhaineann leis an gcianfhoghlaim, an fhoghlaim chumaisc agus teagasc sioncronach ar líne: gníomhaíochtaí teagaisc a bhain le hacmhainní léinn a forbraíodh in aon turas don BA sa Ghaeilge Fheidhmeach, clár léinn de chuid OÉ Gaillimh. Cuidíonn timpeallacht fhíorúil foghlama (VLE) le deiseanna rochtana ardoideachais ach léirítear san alt seo go bhfuil tionchar cinniúnach ag dearadh na n-acmhainní ar shaothar na dteagascóirí agus an lucht foghlamtha.

Tá comaoin nach beag curtha ag foireann údar Cois Life ar cheird an aistriúcháin agus déantar léirmheas ar dhá fhoilseachán úra. Is iad mic léinn an MA sa Léann Teanga in OÉ Gaillimh atá i mbun na tuairimíochta ar leabhair le Conchúr Mag Eacháin (*Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana*) agus Antain Mac Lochlainn (*Cruinneas*). Saothair théagartha iad an dá fhoilseachán seo agus seans láidir gur leabhair thagartha don ábhar aistritheora a bheidh iontu amach anseo. Tá sé dlite ag foilseacháin den chineál seo go ndéanfar meastóireacht mheáite orthu.

Cuireann Eoin Ó Droighneáin treoir shamplach ar fáil dúinn ar an aistriúchán reachtaíochta trí athleagan den Acht i dtaobh Cogaidh Chathardha na Spáinne (Neamh-Eadarghabháil), 1937 a chur ar fáil. Cuimsíonn an t-alt mionchúrsach seo nótaí tráchta ar ghnéithe de nósmaireachtaí úsáide an Chaighdeáin Oifigiúil

chomh maith le léirmhíniú comair ar chúinsí staire agus bunúdar dréachta na reachtaíochta. Léiriú atá san ábhar agus sa mhodheolaíocht ar shaibhreas Achtanna an Oireachtais mar fhoinse ransaithe d'fhorbairt na Gaeilge.

Ó foilsíodh an t-eagrán deiridh den *Reiviú*, thug comhairliúchán poiblí a d'eagraigh ranna rialtais ar cheisteanna a bhain leis an *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge* deis don phobal teanga athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomh reatha na straitéise úd. Is ceart aitheantas a thabhairt don dul chun cinn, dá laghad é. Cúis mhisnigh atá sa bhorradh faoin bpleanáil chorpais agus na moltaí a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas Gaeltachta. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Foras na Gaeilge ar an bhfoclóir nua Béarla Gaeilge. Cuirfear fáilte roimh leagan athbhreithnithe den Chaighdeán Oifigiúil i mbliana freisin. Is cinnte go ngéaróidh ar riachtanais mhaoinithe na Straitéise de réir mar a bheidh pobal na Gaeltachta ag dul in árach le próiseas na pleanála teanga ar bhonn logánta agus de réir mar a thabharfar tús áite don sealbhú teanga agus an seachadadh idirghlúine. Is ceart a rá chomh maith céanna nár mhór aird leanúnach a bheith ar mhaoirsiú na Straitéise má tá feidhm le tabhairt dá príomhspriocanna.

Is léir nach mbeidh pobal na Gaeilge ná pobal an léinn gann ar ábhar anailíse i mbliain seo chomóradh 1916. Tuigtear cén bhaint a bhí ag tréimhseacháin agus irisí Gaeilge le cothú na féiniúlachta céad bliain ó shin. Baineann an tábhacht ceannan céanna le deiseanna dioscúrsúla a shaothrú agus le hardáin iontaofa a bhuanú don scoláireacht inniu. Tréasláim a gceannaireacht léinn le scríbhneoirí agus eagarthóirí an cheathrú heagrán den *Reiviú*: treise leo agus iad i mbun an léinn teanga.







# Tionchar Choinbhéirseacht na Meán ar an Iriseoireacht Chraolta sa Ghaeilge

*Eilís Ní Dhúill*

<https://doi.org/10.13025/zc7x-jk74>

## 1. Réamhrá: Nuacht RTÉ/TG4

Tá an teorainn idir meáin chumarsáide thraidisiúnta agus meáin nua-aimseartha níos doiléire sa lá atá inniu ann ná riamh. De thairbhe fhorbairtí teicneolaíochta agus cúlú eacnamaíochta go hidirnáisiúnta, tá tús áite á thabhairt do phróisis choinbhéirseachta. Feictear comhnascadh, comhoibriú agus teacht le chéile idir meáin éagsúla agus idir baill foirne meán éagsúil. Tá tionchar láidir ag an gcoinbhéirseacht seo ar ról agus ar shruth oibre laethúil an iriseora ghairmiúil. Ar na saolta seo, den chuid is mó, is duine iloilte a sholáthraíonn seirbhís le haghaidh réimse feasachán, réimse eagraíochtaí agus réimse meán é an t-iriseoir craolta. Ní léir go fóill, áfach, na himpleachtaí ar fad a bheidh ag próisis na coinbhéirseachta ar obair an iriseora, ná go deimhin, ar thodhchaí na hiriseoireachta. Breathnaítear san alt seo ar impleachtaí choinbhéirseacht na meán do shruth oibre laethúil agus do dhualgais an iriseora craolta Ghaeilge. Glactar Nuacht Gaeilge RTÉ/TG4 mar chás-staidéar.

Tá coinbhéirseacht theicneolaíoch, eacnamaíoch agus léirithe, chomh maith le hathruithe leanúnacha eile, ag teacht ar struchtúr seomraí nuachta agus ar mhodhanna oibre agus ar dhualgais na foirne nuachta. In áit a bheith ag soláthar ábhair le haghaidh feasachán nuachta ar mheán amháin, táthar anois ag soláthar ábhair le haghaidh réimse leathan meán ag an am céanna. Tá impleachtaí troma ag na forbairtí seo don bhainistiú a dhéantar ar sheomraí nuachta agus ar chleachtas oibre iriseoirí agus dá réir sin ar fhoirm agus ar chaighdeán na hiriseoireachta. Dealraíonn sé gur próiseas éabhlóide seachas réabhlóide atá i gceist. Gné lárnach d'obair an iriseora sa lá atá inniu ann, mar a luadh thuas, is ea gur gá dó/di a bheith iloilte. Cad go díreach atá i

gceist le hiriseoir iloilte? Cad iad na hathruithe atá tagtha ar ról an iriseora nuachta chraolta Ghaeilge de bharr choinbhéirseacht na meán cumarsáide? Tugtar léargas san alt seo ar thionchar na coimbhéirseachta ar iriseoirí nuachta Gaeilge RTÉ/TG4 agus ar struchtúr na heagraíochta a bhfuil siad ag obair di.

Is iad insintí rogha iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 príomhfhoinsé eolais an ailt seo. Tugann na hiriseoirí léargas ar a sruth oibre laethúil agus ar a bpríomhdhualgais. D'iarr cuid de na hiriseoirí a ghlac páirt sa staidéar seo nach n-ainmneofaí iad. Ar mhaithe lena bpríobháid a chosaint, i gcás gach duine de na hiriseoirí, baintear úsáid san alt seo as ainmneacha bréige. Tarraingítear freisin ar agallaimh leathfhoirmeálta le ceannasaíocht Nuacht RTÉ/TG4 agus ar chomhráití neamhfhoirmeálta le teicneoirí na heagraíochta. Maidir leis an bPríomheagarthóir Nuachta agus an Leas-Phríomheagarthóir Nuachta, bheadh sé dodhéanta a n-ainmneacha a cheilt agus, dá réir sin, baintear úsáid as a n-ainmneacha féin. Chun insintí na n-iriseoirí a chur i gcomhthéacs, tugtar cuntas achomair thíos ar a bhfuil i gceist le coimbhéirseacht na meán.

### 1.1 Comhthéacs Teoiriciúil: Coinbhéirseacht na Meán

Cuireann an digitiú atá déanta ar chórais léirithe nuachta trí chéile agus forbairtí leanúnacha teicneolaíochta deireadh leis an deighilt a aithníodh go traidisiúnta idir próisis léirithe agus sheachadadh ábhar na meán cumarsáide éagsúil. Ar an aimsir seo, is féidir le hiriseoirí ábhar físe, fuaime agus scríofa a roinnt agus a chur in oiriúint do mheáin éagsúla go héasca. De thairbhe dúshláin agus féidearthachtaí ag éirí as na forbairtí seo, tá próisis choinbhéirseachta de chineálacha éagsúla curtha i bhfeidhm ag cuideachtaí cumarsáide ar fud an domhain. Tá an choinbhéirseacht seo ag tarlú i gcomhthéacs mheathlú geilleagair, gearradh siar ar bhuiséid ranna nuachta agus titim san éileamh ar na meáin chlóite go hidirnáisiúnta. Anuas air seo, tá easpa fáis ar lucht féachana teilifíse, tá fás ar líon na ndaoine ag brath ar an idirlíon mar fhoinsé nuachta agus tá meáin nua ag teacht chun cinn go leanúnach (Deuze, 2004; Klinenberg, 2005).

I laethanta tosaigh na coimbhéirseachta bhí tuiscint theoranta ar a mbeadh i gceist le coimbhéirseacht na meán. Dar le Pavlik is éard a bhí ann: *'[the] coming together of all forms of mediated communications in an electronic, digital form, driven by computers'* (1996: 132). De réir mar a thagann forbairtí teicneolaíochta nua chun cinn, forbairtí a thiomáineann modhanna oibre nua, léirítear tuiscintí níos leithne (Féach Blackman, 1998; Vallath, 2000; Pavlik, 2004). Leagann Branston agus Stafford béim ar theacht le chéile tionscal a bhíodh roimhe seo neamhspleách óna chéile:

*... the 'coming together' of previously separate industries (computing, printing, film, audio etc.) which increasingly use the same or related technology and skilled workers. A feature of the contemporary media environment, convergence is a product of mergers between companies in different sectors as well as an outcome of technological development (2003: 495).*

Aithníonn Jenkins coinbhéirseacht ó thaobh soláthar seirbhíse ar lámh amháin agus glacadh seirbhíse ar an lámh eile (2006: 2). Is léir ó na tuiscintí a dtagraítear dóibh anseo nach bhfuil aon sainmhíniú amháin ar an gcoinbhéirseacht ann. Is constráid iltoiseach atá ann. De réir mar a thagann agus mar a thiocfaidh athruithe teicneolaíochta, sóisialta, cultúrtha agus mar sin de ar na meáin chumarsáide, déantar, agus déanfar, leathnú ar na tuiscintí agus ar na comhthéacsanna atá i gceist. I gcás an staidéir seo, féachfar go príomha ar an gcoinbhéirseacht theicneolaíoch a thug Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4 le chéile agus ar na himpleachtaí atá ag an gcoinbhéirseacht seo ar ról an iriseora chraolta Ghaeilge chomhaimseartha.

## 1.2 Coinbhéirseacht idir Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4

Nuair a bunaíodh Teilifís na Gaeilge (TG4, TnaG roimhe seo) i 1996, cuireadh tús le seirbhís nuachta TG4 faoi choimirce RTÉ. De thairbhe phróiseas earcaíochta oscailte, ceapadh an t-iar-iriseoir agus eagarthóir le Nuacht RTÉ Michael Lally ina Phríomheagarthóir ar Nuacht TG4. Seirbhís aistriúcháin, go príomha, a bhí i seirbhís Nuacht RTÉ go traidisiúnta (Reddington, 2016). I gcodarsnacht leis seo, théadh iriseoirí Nuacht TG4 amach ar an mbóthar ag cuardach scéalta dá gcuid féin. Faoi stiúir Lally, mar sin, léirigh Nuacht TG4 neamhspleáchas ó Nuacht RTÉ ó thaobh ábhair de agus ó thaobh sholáthar na seirbhíse de ón tús (Goan, 2016). Cáineadh Nuacht TG4, áfach, as seirbhís réigiúnach seachas náisiúnta a chur ar fáil agus as a laghad scéalta a bhain le pobail Ghaeilge agus Ghaeltachta a clúdaíodh (Mac Dubhghaill, 1998; Ó Muirí, 1998). Ba í móraidhm Nuacht TG4 ag an am súil eile ar scéalta nuachta a thairiscint agus ar an dóigh sin a bheith éagsúil ón tseirbhís nuachta Ghaeilge a bhíodh á soláthar ag RTÉ ag an am. De réir a chéile, áfach, láidríodh an ceangal idir Nuacht TG4 agus Nuacht RTÉ agus in 2001 rinneadh comhnascadh eatarthu. Tháinig an bhuaicphointe in 2009 nuair a aistríodh seirbhís Nuacht RTÉ ó Dhomhnach Broc i mBaile Átha Cliath go dtí Ceannáras TG4 i mBaile na hAbhann. Nuacht RTÉ/TG4 a thugtar ar an tseirbhís nuachta Ghaeilge a sholáthraítear do RTÉ agus do TG4.

Cosúil le neart comhlachtaí meán cumarsáide eile ar fud na cruinne, bhí tionchar láidir ag an gcúlú eacnamaíochta ar chúinsí airgid RTÉ. Tuairiscíonn Bord Airgeadais RTÉ go raibh ‘íslíú beagnach €130 milliún nó 29% tugtha i gcrích ag RTÉ ar an mbonn costais oibriúcháin bliantúil’ idir 2008 agus 2014 (Bord Raidió Teilifís Éireann 2014: 11). Ba chuid de bheartas eacnamaíoch RTÉ é, mar sin, an comhnascadh idir Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4 in 2009. Cuireadh €3 milliún ar fáil chun stiúideo nua a thógáil i mBaile na hAbhann agus chun foireann theicniúil bhreise a fhostú agus a thraenáil (féach Bord Raidió Teilifís Éireann, 2014; Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 2009; Fallon, 2009). Sa lá atá inniu ann, soláthraítear an tseirbhís laethúil nuachta teilifíse i nGaeilge ar RTÉ agus ar TG4 araon, ó Cheanncheathrú TG4 i mBaile na hAbhann, Conamara (Bord Raidió Teilifís Éireann, 2014: 46). Tá dualgas reachtúil ar Nuacht RTÉ/TG4 i leith na bhfeasachán nuachta teilifíse a sholáthraítear do TG4 (An tAcht Craolacháin, 2009: 127).

I mí Mheán Fómhair 2014 tharla dul chun cinn mór eile maidir le nuacht Ghaeilge in RTÉ. Cuireadh seirbhís chuimsitheach nuachta réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta i nGaeilge ar fáil ar líne agus ar dheiseanna so-iompair den chéad uair (Bord Raidió Teilifís Éireann, 2014: 8). Is ar iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4, le tacaíocht ó iriseoirí RTÉ Raidió na Gaeltachta, a thiteann sé ábhar a sholáthar do na seirbhísí seo (Reddington, 2016). Anuas ar ábhar a sholáthar d'fheasacháin nuachta TG4, mar sin, anois soláthraíonn iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 ábhar nuachta – i nGaeilge go príomha, ach i mBéarla corruair freisin – do sheirbhís teilifíse agus raidió Nuacht RTÉ, do RTÉ News, do RTÉ NewsNow, an cainéal agus an aip, agus do shuíomhanna gréasáin RTÉ agus TG4.<sup>1</sup> Is don tseirbhís Nuacht RTÉ/TG4 atá na hiriseoirí ar fad a ghlac páirt sa staidéar seo ag soláthar. Ní beag na himpleachtaí atá ag an gcoinbhéirseacht idir Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4 atá tarlaithe le blianta beaga anuas do ról agus do chúraimí an iriseora chraolta Ghaeilge, agus dá réir sin, do thodhchaí na hiriseoireachta Gaeilge trí chéile. D'fhonn na himpleachtaí seo a fhiosrú agus léargas a fháil ar na hathruithe i dtéarmaí ról an iriseora, féachfar thíos ar ról iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 ar na saolta seo. Ar dtús, ar mhaithe le comparáid agus comhthéacs a thabhairt, féachfar go hachomair ar ról iriseoirí Nuacht TG4 nuair a bunaíodh an tseirbhís ar dtús i 1996.

### 1.3 Iriseoirí Nuacht TG4

Ar dhuine de na chéad iriseoirí a chuaigh ag obair le Nuacht TG4 i 1996 tá Tammy Ní Laoire. In 2000, tar éis di ceithre bliana a chaitheamh sa phost, seo mar a chuir sí síos ar obair an iriseora le Nuacht TG4:

*[As a broadcast journalist] you get to do everything. . . We cover elections, political stuff, job losses, job announcements, murders, any local issues that are bothering people. . . It is so varied – you just do everything, which is good. . . the variety makes it more interesting. . . It's great for the adrenalin when something real, something human is happening on the day (luaite in Byrne, 2000).*

Is léir óna cuntas gur thaitin an tsaoirse agus an fhreagracht a bhain le tuairiscí nuachta a réiteach léi féin le Ní Laoire:

*We are lucky, we can actually edit ourselves. We work with the cameraman or you do the whole thing yourself. You edit, script, completely control your own [news] package. It's a multi-skilled job in that respect. You have to be a journalist, an editor, a producer and a presenter (luaite in Byrne, 2000).*

1 Le haghaidh tuilleadh eolais agus sonraí i dtaobh sholáthar na seirbhíse seo féach Tuarascáil Bhliantúil RTÉ 2014 agus sceidil laethúla RTÉ agus TG4.

Tugann Ní Laoire cuntas freisin ar shruth oibre laethúil an iriseora. Cé go bhfuil sé beagáinín fada is fiú é a thabhairt anseo ina iomláine ar mhaithe le bheith in ann comparáid a dhéanamh idir é agus na cuntais a thugann na hiriseoirí a ghlac páirt sa staidéar seo:

*Her working day usually starts at 9:30a.m. when she drives to the station about 20 miles outside Galway city. But 7:30 a.m. is the real start, she explains. Once the radio is turned on she's listening to Morning Ireland. Then she listens to all the local programmes from stations in the Galway area to get a sense of what's happening.*

*When she arrives at Baile na hAbhann "I meet my programme editor of the day and I head off with a camera crew. I make my calls on the go. We have such a wide area to cover. Getting from A to B you need to work on the way. I have the interview set up when I arrive at the location." ... Her day usually finishes around 7p.m. (luaite in Byrne, 2000).*

Mar mhíniú ar an bhfáth nach mbeadh na cúinsí oibre agus an tuarastal céanna á bhfáil ag na hiriseoirí nua agus a bhíodh ag iriseoirí RTÉ go dtí sin, tugann Lally léargas breise dúinn ar shruth oibre an iriseora a bheadh ag obair ar Nuacht TG4:

[Ní bheidh] an brú céanna oibre ar [iriseoirí] TnaG: is minic go mbíonn ar lucht RTÉ tuairiscí sholáthar ó Morning Ireland ar maidin go dtí an tuairisc dhéanach nuachta ar Network 2 san oíche, ach ní bheidh ar lucht TnaG ach tuairisc amháin a réiteach (luaite in Mac Dubhghaill, 1996: 13).

Is léir ó chuntas Ní Laoire agus ó chuntas Lally go raibh ról an iriseora chraolta, agus na scileanna a bheadh ag teastáil ón iriseoir craolta chun feidhmiú go héifeachtach, cheana féin ag athrú i 1996. Chun léargas a thabhairt ar na tuiscintí atá ag na hiriseoirí a chuireann seirbhís nuachta ar fáil do Nuacht RTÉ/TG4 sa lá atá inniu ann, díreofar thíos ar chuntais a thugann na hiriseoirí féin. D'fhonn tuiscint agus léargas níos iomláine a fháil ar na cuntais seo, agus ar athruithe struchtúir agus ar fhorbairtí teicneolaíochta a d'imir agus a imríonn tionchar ar shruth oibre laethúil na n-iriseoirí, tarraingeofar freisin ar agallaimh neamhfhoirmeálta le heagarthóirí, comhordaitheoirí, stiúrthóirí agus teicneoirí a bhfuil ról lárnach acu i soláthar Nuacht TG4.

## **2. Torthaí Taighde: Cuntais na nIriseoirí**

Is féidir na ceisteanna a cuireadh ar na hiriseoirí a roinnt ina dtrí chuid. Cuireadh sraith cheisteanna ar dtús i dtaobh shruth oibre agus dhualgais laethúla an iriseora agus i dtaobh na scileanna a bheadh ag teastáil chun an obair sin a chur i gcrích. Ansin, iarradh ar iriseoirí léargas a thabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta agus machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'imir na forbairtí sin orthu agus iad ag cur seirbhís nuachta ar fáil

do Nuacht RTÉ/TG4. Ar deireadh, iarradh ar na hiriseoirí a dtuairimí i dtaobh thodhchaí iriseoireacht chraolta na Gaeilge agus thodhchaí Nuacht TG4 go sonrach a thabhairt. I bhfianaise léargas McLafferty (2003) i dtaobh úsáid ceistneoirí, aithnítear go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag struchtúr na gceisteanna a cuireadh ar fhreagraí na rannpháirtithe. Aithnítear freisin go mbíonn teorainn uaireanta le doimhneacht agus nuálach na bhfreagraí a faightear ar cheistneoirí (féach McLafferty, 2003: 87-100). Ach, is cur chuige solúbtha é a chuidíonn leis an taighdeoir léargas a fháil ar threochtaí sóisialta agus ceadaíonn sé dó/di eolas i dtaobh tuairimí, iompair agus seasamh rannpháirtithe a bhailiú ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de. Ceal spáis agus ar mhaithe le léargas chomh hiomlán agus is féidir a fháil ar thionchar choinbhéirseacht Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4 ar iriseoirí nuachta craolta Gaeilge, díreofar anseo ar shruth oibre laethúil agus ar dhualgais na n-iriseoirí. Déanfar ceisteanna i dtaobh na húsáide a bhaineann iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 as na meáin shóisialta a phlé amach anseo.

## 2.1 Sruth Oibre Laethúil agus Dualgais Iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4

Cé gur tuairiscíodh éagsúlachtaí ó thaobh dualgas de ag brath ar an áit ina raibh an t-iriseoir lonnaithe agus ar an scéal a bhí le clúdach, aithnítear go leanann na hiriseoirí a ghlac páirt sa staidéar seo an sruth oibre laethúil céanna, a mhórán nó a bheagán, ach amháin go mbíonn láithreoir nuachta an lae ag plé go hiondúil le mórscéalta idirnáisiúnta. Na hiriseoirí eile, is ar scéalta náisiúnta agus áitiúla is mó a bhíonn a n-aird, is é sin, mura mbriseann scéal mór idirnáisiúnta a chaithfear a chlúdach (Ó hÓgáin, 2016).

Ó insintí na n-iriseoirí á ghlac páirt sa staidéar seo, mar a mbeifí ag súil leis, tosaíonn lá oibre an iriseora a luaithe is a éiríonn sé/sí ar maidin agus a thosaíonn sé/sí ag éisteacht le agus ag léamh scéalta atá i mbéal an phobail an lá sin. Tagann deireadh le mórspriocanna an lae le craoladh fheasachán nuachta TG4 ar 7i.n. Ach, bítear ag coinneáil súil ar scéalta móra an lae, agus ar scéalta nua atá ag briseadh, go dtí go dtéitear a luí istoíche. Tugann Ní Chnámhsigh achoimre mhaith ar an obair a bhíonn á déanamh acu i rith an ama sin:

Gach lá bíonn scéal le aimsiú, taighde le déanamh, pictiúirí/pictiúir le taifead, cainteoirí Gaeilge le n-aimsiú agus ansin bíonn eagarthóireacht le déanamh ar an bpacáiste (2016).

Míníonn na hiriseoirí go dtosaíonn siad obair an lae ag bailiú eolais i dtaobh na scéalta atá cheana féin i mbéal an phobail an mhaidin sin. Bíonn cluas ghéar éisteachta ag na hiriseoirí le haghaidh scéalta nua nó eolas nua atá á sceitheadh i dtaobh scéalta a rabhthas ag tuairisciú orthu roimhe seo. Tuairiscíonn na hiriseoirí go mbaineann siad úsáid as na meáin thraidisiúnta chun an obair seo a dhéanamh. 'Is é an chéad rud a dhéanaim ar mo ghnáth lá oibre, an raidió a chur ar siúl agus na nuachtáin a léamh sula bhfágaim an

teach,’ a deir Ní Choileáin (2016). Luann Nic an Éamhaigh dhá fhoinsé eolais ar leith a mbaineann sí féin úsáid astu go rialta, mar atá, *Morning Ireland* ar RTÉ Raidió 1 agus *Adhmhaidin* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta (2016).

Ina dhiaidh seo, bíonn ‘scéal le haimsiú’ agus taighde le déanamh air (Ní Chnámhsigh, 2016). D’fhéadfadh iriseoir, dar le Ní Ghlaisne, a bheith ag plé le scéal atá molta aige/aici féin nó le scéal atá molta ag clár-eagarthóir nuachta an lae (2016). Sa dá chás, is í an chéad chéim eile, an scéal ‘a phlé’ leis an gclár-eagarthóir. Is minic, dar leis na hiriseoirí, a théitear i gcomhairle, ní amháin leis an gclár-eagarthóir, ach leis an gceamaradóir a bheidh ag obair ar an scéal leo freisin. Seo tuairisc ó Ní Choileáin:

Labhraím leis an chlár-eagarthóir ar dtús ar maidin le mo scéal a phlé. Nuair atá an scéal pléite againn, téim i gcomhairle leis an cheamradóir/ceamaradóir faoin dóigh is fearr agus is físiúla le tabhairt faoin scealscéal. Déanaim taighde, aimsim cainteoirí agus ansin téim féin agus an ceamradóir/ceamaradóir amach leis an scéal a thairseadh (2016).

Nuair a bhíonn an taighde déanta, an t-eolas bailithe, an script scríofa, na hagallaimh tairseadta agus píosa chuig ceamara déanta ag an iriseoir, bíonn an t-ábhar ar fad le chur le chéile i bhfoirm ‘pacáiste’ nó tuairisc nuachta (Ní Ghlaisne, 2016; Ní Shíocháin, 2016; Nic Andáin, 2016). Míníonn Ní Ghlaisne, mar shampla, go mbíonn sí ‘ag suí leis an gceamaradóir faid is a bhímid araon gafa leis an eagarthóireacht’ (2016). Ina cás siúd, deir Ní Ghlaisne go ndéanann sí féin an eagarthóireacht ‘ó am go chéile’ ach ‘de ghnáth bíim ag obair le ceamaradóir’ (2016). I gcás Nic Andáin, deir sí go ndéanann sí a cuid eagarthóireachta féin ‘nuair a bhíonn an ceamaradóir ag obair le hiriseoir eile i mo dhiaidh’ (2016). I gcás na n-iriseoirí eile, tuairiscíonn siad go ndéanann siad a gcuid eagarthóireachta féin i gcónaí, nó den chuid is mó, ach ó am go chéile go ndéanann an ceamaradóir an obair seo. Le linn dóibh an obair seo ar fad a dhéanamh, meabhraíonn Ní Shíocháin dúinn an tábhacht a bhaineann le ‘súil a choimeád ar an méid atá ag titim amach’ i dtaca leis an scéal atá á chlúdach ag an iriseoir. ‘Is féidir,’ a deir sí, ‘rudaí a chailliúint, áfach, nuair atánn tú ag rith timpeall ag bailiú agallamh, ag freastal ar phearsónaí nó ag eagarthóireacht!’ (2016).

Anuas ar na pearsónaí a mbítear ag freastal orthu agus spriocamanna eile a socraítear i rith an lae, le hagallaithe agus le hurlabhraithe, cuir i gcás, bíonn tionchar freisin, dár ndóigh, ag am craolta na bhfeasachán a mbítear ag soláthar dóibh.<sup>2</sup> Míníonn Ní Shíocháin, mar shampla, go ndéanann sí iarracht aon ‘p[h]íosa raidió’ a bhíonn á lorg don fheasachán ar RTÉ Raidió 1 ar 12:30 ‘a chur [di] sara dtuga[nn sí] aghaidh ar chúrsaí teilifíse’ (2016). Maidir leis na tuairiscí teilifíse, bíonn mír isteach – an réamhrá a léann an láithreoir nuachta roimh gach tuairisc le linn an fheasacháin – le scríobh agus le cur ar fáil don fhoireann léiriúcháin

2 Faoi láthair cuireann iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 tuairiscí nuachta ar fáil le haghaidh Nuacht TG4, Nuacht RTÉ – feasachán raidió agus teilifíse – agus le haghaidh NewsNow. Cuireann siad ábhar ar fáil freisin a fhoilsítear ar leathanaigh ghréasáin TG4 agus RTÉ agus ar an táb Gaeilge den aip NewsNow (Ní Shíocháin, R. (2016), Ceistneoir.)

nuachta roimh 16:00i.n. Bíonn an tuairisc féin le cur ar fáil ‘a luaithe a bhíonn sí réidh,’ ach, ar a 18:00 ar a dheireanaí (Nic Lochlainn, 2016). I gcás Nuacht TG4 is é an feasachán nuachta ar 7i.n. ‘mórsheirbhís an lae’ agus an ceann is mó a mbíonn iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 dírithe air (Reddington, 2016).

Cé gur ar fheasachán TG4 ag 7i.n. is mó a bhíonn aird iriseoirí físe Nuacht RTÉ/TG4 freisin, bíonn sruth oibre laethúil beagáinín éagsúil acu. Ní ar scéalta móra an lae a bhíonn siad ag obair go hiondúil, ach ar ghné-thuairiscí. Dá réir sin, bíonn níos mó ama acu a gcuid pacáistí a réiteach (Ní Chnámhsigh, 2016). Tugann de Róiste cuntas ar obair an iriseora físe:

Tá obair go leor déanta agam freisin mar iriseoir físe, is é sin, mé i mo chadhain aonair mar fhear ceamra/fuaimne, mar iriseoir agus mar eagarthóir físe ag bailiú ábhar físe agus agallamh, á chur le chéile agus á phacáistiú don teilifís. Is mar seo a chlúdaigh mé na Cluichí Olimpeacha in 2008 i mBeijing agus i Londain in 2012 (2016).

Tuairiscíonn na hiriseoirí físe a ghlac páirt sa staidéar seo go dtaitníonn an modh oibre seo leo toisc go dtugann sé saoirse agus solúbthacht dóibh. Ní bhíonn orthu brath ar cheamaradóir a bheith ar fáil agus bíonn smacht iomlán acu féin ar shruth oibre an lae (Nic Lochlainn, 2016).

Bíodh is go mbíonn iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 ag soláthar ábhair le haghaidh réimse leathan feasachán, idir theilifís, raidió agus na meáin shóisialta, tugtar tús áite i gcónaí d’fheasachán Nuacht TG4. Míníonn Reddington: ‘[go bhfuil] an teilifís fós ag tiomáint roinnt na n-acmhainní agus is í an teilifís a stiúran leagan amach an lá oibre freisin’. Deir sé go bhfuil sé an-deacair imeacht ‘ó nós na spriocamanta’ le haghaidh na gclár teilifíse ‘agus is air sin a bhíonn [iriseoirí] ag cuimhneamh’ (2016). Má chuimhnímid siar ar thuairisc Ní Laoire (féach 1.3 thuas), toisc go bhfuil an bhéim go fóill ar ábhar a sholáthar don fheasachán nuachta teilifíse, d’fhéadfá a shamhlú gur beag an t-athrú atá tagtha ar shruth oibre laethúil an iriseora. Tá mórdhifríocht amháin ann, áfach, a aithníonn na hiriseoirí atá ag cur seirbhís ar fáil do Nuacht TG4 ó bunaíodh Teilifís na Gaeilge i 1996 agus is é sin teacht an idirlín. San áit a mbíodh réimse gléasanna ag teastáil ón iriseoir chun agallaimh a thaifeadadh, eagarthóireacht a dhéanamh agus tuairisc a chur ar fáil don fhoireann léiriúchán nuachta, is féidir an obair seo ar fad a dhéanamh ar aon ghléas amháin inniu (de Róiste, 2016). Tá iriseoirí aonaracha cheana féin ag tapú an deis eagarthóireacht a dhéanamh ar an láthair nuachta, agallaimh bheo a dhéanamh ón láthair agus ábhar a sheachadadh ón láthair. Athrú mór eile a bhfuil tionchar láidir aige ar shruth oibre laethúil an iriseora is ea teacht na meán sóisialta. Tugann na rannpháirtithe sa staidéar seo le fios go mbaineann siad úsáid as na meáin shóisialta, *Facebook* agus *Twitter* go príomha, ar bhonn laethúil agus gur gné lárnach dá sruth oibre laethúil anois iad. Ceal spáis, ní féidir na himpleachtaí atá ag na meáin shóisialta d’obair agus do dhualgais an iriseora a phlé anseo ach déanfar é sin amach anseo.



### 3. Conclúidí: Iriseoirí Ildánacha ach Easpa Cinnteachta

Tá léirithe sa pháipéar seo go bhfuil tionchar láidir ag coinbhéirseacht Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4 ar shruth oibre laethúil iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4. Go fóill tá feasachán laethúil Nuacht TG4 ag 7i.n. ina chuid sheasta de chlársceideal TG4 agus tá roinnt acmhainní Nuacht RTÉ/TG4 fós á tiomáint ag soláthar an fheasacháin teilifíse seo. Ag éirí as an gcoinbhéirseacht idir Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4, agus as seirbhísí agus ardáin nuachta breise atá tagtha chun cinn, áfach, tá ról níos leithne agus dualgais bhreise ar na hiriseoirí a ghlac páirt sa staidéar seo. Nochtadh gur daoine ildánacha iloilte iad a sholáthraíonn ábhar le haghaidh réimse leathan feasachán ar réimse ardán.

Dealraítear go mbraitheann an luas ag a dtéann iriseoirí Nuacht RTÉ/TG4 i ngleic le forbairtí teicneolaíochta cuid mhór ar an spéis phearsanta atá acu inti, seachas straitéis struchtúrtha shonrach ar leith a bheith leagtha amach ag Nuacht RTÉ/TG4. Cé go dtugann an cur chuige seo saoirse d'iriseoirí a scileanna a fhorbairt ag luas a oireann dóibh féin, cruthaíonn sé easpa cinnteachta agus easpa misnigh i dtaobh thodhchaí iriseoireacht chraolta na Gaeilge. In áit a bheith ag réiteach dó agus ag teacht roimh athruithe teicneolaíochta atá ag tarlú anois go leanúnach, tá Nuacht RTÉ/TG4 ag dul i ngleic leo ar bhonn *ad hoc* de réir mar a thiteann siad amach.

Is í an mhian is láidre a léiríonn na hiriseoirí seo i dtaobh thodhchaí iriseoireacht chraolta na Gaeilge, go dtabharfaí an deis dóibh agus an tacaíocht atá ag teastáil chun leanúint orthu ag freastal ar phobail Ghaeilge agus Ghaeltachta. Tá siad ar aon ghuth go bhfuiltear ag iarraidh seirbhís nuachta i nGaeilge a chur ar fáil ar na hardáin is déanaí agus ar an gcaighdeán is airde.

## Leabharliosta

### Leabhair

Branston, G. & Stafford, R., (2003) *The Media Student's Book* (3ú eag.) Londain & Nua-Eabhrac: Routledge.

Jenkins, H., (2006) *Convergence Culture: where old and new media collide*. Nua-Eabhrac & Londain: New York University Press.

Pavlik, J.V. (1996) *New media technology and the information superhighway*. Bostún: Allyn & Bacon.



## **Agallaimh**

Reddington, J. (2016) 'Agallamh leathstruchtúrtha: Nuacht RTÉ/TG4', Ceannáras TG4: Baile na hAbhann Gaillimh.

## **Ceistneoirí**

de Róiste, I., (2016).

Ní Chnámhsigh, G., (2016).

Ní Choileáin, C., (2016).

Ní Ghlaisne, C., (2016).

Ní Shíocháin, R., (2016).

Nic an Éamhaigh, C., (2016).

Nic Andáin, L., (2016).

Nic Lochlainn, C., (2016).

Ó hÓgáin, M., (2016).

## **Comhfhreagras**

Goan, C., (2016) 'Bunú sheirbhís nuachta TnaG'. Comhfhreagras pearsanta.

## **Foinsí Leictreonacha**

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 'Here's the news RTÉ's Nuacht goes west'. Ar fáil ag: [www.gaelport.com](http://www.gaelport.com).

(Léite 1 Márta 2016.)

Fallon, J., (2009) 'Here's the news RTE's Nuacht shifts base to west coast', *Independent.ie*, 13 Iúil. (Léite 1 Márta 2016.)

## **Tuarascálacha**

Bord Raidió Teilifís Éireann (2014) *Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2014*. Baile Átha Cliath: RTÉ.



## An Fhoghlaim Chumaisc: Taithí na dTeagascóirí

*Dorothy Ní Uigín & Éamon Ó Cofaigh*

<https://doi.org/10.13025/153n-wn37>

### **Cúlra an Staidéir**

Thosaigh an BA sa Ghaeilge Fheidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa bhliain 2011 agus bronnadh céim ar an gcéad ghrúpa mac léinn in 2015. Is cúrsa páirtaimseartha fochéime é seo a dhéantar a sheachadadh tríd an bhfoghlaim chumaisc (ar líne **agus** sa seomra ranga traidisiúnta) agus is é Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Roinn na Gaeilge i gcomhpháirt a chuireann an chéim ar fáil. Sa pháipéar seo déanfar plé agus anailís ar thaithí na dteagascóirí agus iad i mbun teagaisc le linn chéad timthriall an chlár léinn seo. Bailíodh agus scagadh aiseolas na mac léinn go rialta le linn na gceithre bliana, ach ní dhearnadh aon iniúchadh córasach ar thaithí na múinteoirí le linn na tréimhse céanna.

Luann Sue Clegg (2003: 452) tábhacht an chleachtais mhachnamhaigh sa teagasc ag an tríú leibhéal agus maíonn *'reflective practice has become the major model for continuing professional development in higher education'*. Is tábhachtach an ní mar sin é athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcleachtas, go háirithe más cur chuige nuálach nó difriúil atá idir lámha againn. Táthar ag súil go gcuirfidh an staidéar reatha eolas úsáideach ar fáil a chabhróidh le teagascóirí ina gcleachtas (machnamhach) agus, ar ndóigh, le mic léinn a bheas i mbun léinn sa timpeallacht foghlama cumaisc amach anseo. Is é Comhordaitheoir an BA sa Ghaeilge Fheidhmeach é Éamon Ó Cofaigh agus tá Dorothy Ní Uigín ina ball de bhord clár na céime. Chomh maith leis sin, mhúin sí modúl amháin ar a laghad in aghaidh na bliana ar an gclár céime seo. Is de bharr na rólanna atá acu i gcás an BA seo, agus mar gheall ar an taithí phearsanta atá acu sa réimse seo a tugadh faoin taighde a phléitear thíos. Creideann na húdair go mbeidh a n-ionchur agus a gcuid anailíse ar an eolas a bailíodh luachmhar mar, mar a léiríonn Justine Mercer (2006: 6):

*Hawkins (1990) suggests that a participant-observer who continues to perform his or her normal role within an institution will have more impact on the research than an outsider consultant, whereas Hockey (1993, p. 204) maintains that insiders are able 'to blend into situations, making them less likely to alter the research setting'.*

Deir Mercer freisin:

*With regard to the issue of familiarity, insiders will undoubtedly have a better initial understanding of the social setting because they know the context; they understand the subtle and diffuse links between situations and events; and they can assess the implications of following particular avenues of enquiry (Griffiths, 1985, p. 211).*

Pléann Cohen *et al* (2010: 457) ceist an rannpháirtí-bhreathnóra mar chontanam ó rannpháirtí iomlán go dtí breathnóir iomlán. Sa chomhthéacs seo, tá scríbhneoirí an ailt seo sa lár: tá a ról sa chomhthéacs oideachais atá á phlé soiléir, mar atá a ról sa togra taighde chomh maith. (Féach freisin Creswell, 2013: 166). Ní fheictear do na húdair gur aon bhac é an bhaint lárnach atá acu leis an gclár léinn i gcás an taighde seo. Go deimhin, creideann siad go gcabhróidh an taithí atá acu ar an gcúrsa leo agus iad i mbun taighde agus anailíse. Anuas air sin, agus le cinntiú go mbeadh torthaí an taighde iontaofa, chuathas i dteagmháil le Coiste Eiticí na hOllscoile sular tugadh faoin taighde; cuireadh an ceistneoir a úsáideadh faoina mbráid agus cuireadh roinnt leasuithe a mhol siad i bhfeidhm ar an leagan deiridh den cheistneoir a scaipeadh agus a bhfuil a chuid torthaí á bplé thíos.

## **Céard is brí leis an bhFoghlaim Chumaisc?**

Cé go bhfaightear sainmhínte éagsúla sa litríocht ar an bhfoghlaim chumaisc aontaíonn an tromlach gur meascán den teagasc ar líne agus den teagasc traidisiúnta (sa seomra ranga ar aghaidh na mac léinn) a bhíonn i gceist léi (féach Graham *et al*, 2004). Cé gur feiniméan réasúnta nua atá sa teagasc ar líne, is fiú cuimhneach go bhfuil an chianfhoghlaim á cleachtadh le fada an lá; bunaíodh an Open University, a bhfuil ceangal lárnach ag an gcianfhoghlaim leis, i 1969, mar shampla. Tagraíonn Phil Race (2007: 158) do thraidisiún na cianfoghlaime lena chur síos ar '*resource-based, student-centred learning materials...*' a bhí, agus atá fós i go leor comhthéacsanna, ina ngné lárnach den chianfhoghlaim. Déanann Race tagairt ar leith don Open University, áit a raibh an fhoghlaim féinstiúrtha, cuid mhór, agus téacsbhunaithe, nuair a bunaíodh ar dtús í, ach a bhfuil athruithe móra le sonrú i seachadadh a cuid cúrsaí ó thús na mílaoise nua.

Éascaíonn an t-idirlíon an teagasc agus an fhoghlaim chianda – nó ba cheart go n-éascódh. Go traidisiúnta sa chianfhoghlaim, bhí béim ar an idirghníomhaíocht foghlaimeora-ábhair, agus ar ndóigh, bhíodh an bhéim ar an idirghníomhaíocht foghlaimeora-mhúinteora sa seomra ranga. Sa mhílaois nua, áfach, féachann an

fhoghlaim chumaisc leis na buntáistí a bhaineann leis an idirlíon agus leis an teicneolaíocht a phósadh leis an gcur chuige téacsbhunaithe chun cur le heispéireas foghlama na mac léinn. Tá an baol ann, ar ndóigh, nach mbeidh sa timpeallacht fhíorúil foghlama (VLE) ach taisclann ábhair, ag glacadh áit an phostais thraidisiúnta a bhíodh in úsáid sa chianfhoghlaim. Is léir freisin go mbíonn dúshlán ag teagascóirí barrúsáid a bhaint as na háiseanna uile atá ar fáil in VLE de chineál ar bith, go háirithe agus iad ag tús aistir leis an bhfoghlaim chumaisc. Ní mór cuimhneamh chomh maith, ar ndóigh, go n-úsáideann roinnt teagascóirí an teicneolaíocht sa seomra ranga ‘traidisiúnta’, agus go mbíonn roinnt teagascóirí ar a gcompord sa timpeallacht fhíorúil foghlama a luaithe is a thosaíonn siad ag obair inti.

## Cúpla Cur Chuige

Ar an BA sa Ghaeilge Fheidhmeach, baineadh úsáid go príomha as dhá chur chuige leis an ábhar a chur ar fáil do na mic léinn, agus cuireadh sampla den dá chur chuige ar fáil sa Teimpléad Scríbhneoireachta a tugadh do na teagascóirí roimh ré. Sa chéad chur chuige, déantar formhór an ábhair a theagasc trí leas a bhaint as an mbogearra ‘Camtasia’ le léachtaí a chur i bhfoirm físeáin (sleamhnáin agus osghuthú); scríobhtar leabhrán le dul leis na físeáin seo ag cloí leis an teimpléad scríbhneoireachta. Sa dara cur chuige, cuirtear an t-ábhar ar fad ar fáil i bhfoirm scríofa. Tá leanúnachas idir an dá chur chuige seo maidir le dearadh na leabhrán agus iarrtar ar na teagascóirí na míreanna scríofa a leanas a chur ar fáil, is cuma cén cur chuige a úsáideann siad: Réamhrá an Aonaid, Torthaí Foghlama an Aonaid, Ábhar an Aonaid, Athbhreithniú ar an Aonad, Ceisteanna Féinmheasúnaithe, Freagraí ar na Ceisteanna Féinmheasúnaithe agus Ceist le cur ar an bhFóram Plé. Cuirtear torthaí foghlama ar fáil in aghaidh an aonaid chomh maith.

D’fhéadfaí leas a bhaint as an bhfoghlaim shioncronach mar chuid den bhfoghlaim chumaisc freisin. Úsáidtear bogearraí cosúil le Moodle nó Blackboard Collaborate len é seo a dhéanamh. Déantar léachtaí nó ranganna a sheachadadh trí mheán seimineár gréasáin ina bhfuil na rannpháirtithe in ann an léachtóir a fheiceáil agus a chloisteáil, chomh maith le sleamhnáin na léachta. Is féidir leis an léachtóir scríobh ar na sleamhnáin agus tá na mic léinn in ann ceisteanna a chur go díreach ar an léachtóir sa seisiún beo seo. Déantar taifead ar an léacht agus bíonn an taifead ar fáil le híoslódáil ag na mic léinn tar éis an ranga. Ar an gcúrsa BA seo, baineadh úsáid as an bhfoghlaim shioncronach sa tríú agus sa cheathrú bliain amháin, agus do na modúil teanga amháin. Déanfar tuilleadh plé air seo thíos.

## Na Fáthanna a dTugtar faoin bhFoghlaim Chumaisc

Má fhiosraítear an *fáth* ar cheart tabhairt faoin bhfoghlaim chumaisc aithníonn Graham *et al* (2004) trí chúis ar leith: '(1) *improved pedagogy*, (2) *increased access/flexibility*, and (3) *increased cost effectiveness*.' Tá an baol ann go bhféadfadh béim ní ba láidre a bheith ar an dá fháth dheiridh sa chás seo mura gcuirtear an t-am cuí ar fáil do theagascóirí a bheas ag dul i mbun teagaisc tríd an bhfoghlaim chumaisc. Sa chomhthéacs atá á phlé sa pháipéar seo, áfach, is ag iarraidh freastal ar phobal scaipthe a bhíothas nuair a cuireadh an clár céime seo ar bun. Tá taithí ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an oideachas pobail agus tá cúrsaí teastais agus dioplóma á réachtáil aige in ionaid sheachtracha ar fud na tíre ó bunaíodh é in 2004. Bhí éileamh ar thuilleadh oideachais ag teacht ó na pobail scaipthe seo, agus bhíothas den tuairim go bhféadfaí freastal ar an éileamh seo tríd an bhfoghlaim chumaisc. Glacadh an cinneadh dul leis an bhfoghlaim chumaisc bunaithe ar aiseolas ó mhórshuirbhé a rinneadh roimh thús an chúrsa, áit a raibh an fhoghlaim chumaisc chun tosaigh i measc na gcur chuige a roghnaigh na rannpháirtithe.

## Dúshlán na Foghlama Cumaisc

Aithníonn Graham *et al* (2004) sé mhórdúshlán a bhaineann le dearadh cláir foghlama cumaisc, eadhon:

- (1) *the role of live interaction*, (2) *the role of learner choice and self-regulation*, (3) *models for support and training*, (4) *finding balance between innovation and production*, (5) *cultural adaptation*, and (6) *dealing with the digital divide*.

I gcás an chláir léinn seo, ní raibh an idirghníomhaíocht bheo i gceist ach amháin i gcás na tríú agus na ceathrú bliana nuair a rinneadh na modúil teanga a sheachadadh trí Blackboard Collaborate mar a luadh thuas. Tríd is tríd thaitin an cur chuige sioncronach seo leis na mic léinn, agus tá tuairisc ar an ngné seo den fhoghlaim ar líne le fáil in Magnoni, F. *et al.* (2014).

Níl aon amhras ach gur thaitin an tsolúbthacht a bhain leis an bhfoghlaim chumaisc leis na mic léinn agus leis na teagascóirí araon, cé go raibh dúshlán ann maidir leis an bhféinstiúradh i gcás roinnt rannpháirtithe i gcás an chláir seo.

Léiríonn an t-aiseolas a phléitear thíos go rabhtas sásta, tríd is tríd, leis an tacaíocht agus leis an traenáil a cuireadh ar fáil, cé go n-adhmaíonn roinnt de na teagascóirí féin go raibh drogall orthu rudaí nuálacha a thriail ag an tús. Ní raibh an cur in oiriúint cultúrtha i gceist i gcás an chúrsa seo, agus cé go rabhtas inníoch faoin 'scoilt dhigiteach' a luaitear thuas, níor tháinig an oiread sin fadhbanna chun cinn i measc na rannpháirtithe – idir theagascóirí agus mhic léinn – a bhí ag plé leis an gcúrsa seo, agus ní raibh aon cheann de na fadhbanna a tháinig chun cinn dosháraithe.



## **An Fhoghlaim Ar líne in Éirinn**

Deirtear in *A Roadmap for Enhancement in a Digital World 2015-2017* de chuid *The National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning in Higher Education* (2014: vi) go mbeidh na nithe a leanas le sonrú go láidir sa chóras ardoideachais in Éirinn:

- *... a culture that fully embraces digital learning and digital innovation...*
- *teachers will be fully enabled to use digital technologies where appropriate, in order to enhance student learning within their disciplines.*

Agus deirtear i bplean straitéiseach an Údaráis um Ard-Oideachais (2012-2016) go mbeidh allúntais an Údaráis á leasú ‘*so that it can take systematic account of mode of delivery (i.e. parity between part-time versus full time, on campus or blended learning)*’ (2012: 16). Is léir, mar sin, go mbeidh tábhacht na foghlama cumaisc in institiúidí tríú leibhéal na tíre seo ag fás sna blianta amach romhainn. In Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, luaitear i bPlean Straitéiseach na hOllscoile (2015-2020) go bhfuil sé mar aidhm lárnach de chuid na hOllscoile ‘*Níos mó deiseanna a fhorbairt d’fhoghlaim pháirtaimseartha, sholúbtha agus chumaisc; cuirfidh sé seo lenár gceannaireacht náisiúnta maidir le foghlaim ar líne a sholáthar*’ (2015: 24), agus, ar ndóigh, tá an fhoghlaim chumaisc luaite le roinnt clár léinn i bPlean Acadúil agus Gnó (2015-2017) an Acadaimh freisin. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar na forbairtí seo san earnáil ardoideachais, agus bhí rannpháirtithe an chláir seo ar thús cadhnaíochta sa chomhthéacs seo.


## **An Réamhullmhúchán don Teagasc Ar-líne i gcás an Chláir Léinn seo**

Cuireadh deis ar fáil do na teagascóirí cúrsa e-mhonatóireachta a dhéanamh roimh thús an chúrsa seo, agus thapaigh a dtromlach an deis seo. Tugadh teimpléad scríbhneoireachta ina raibh samplaí de mhodúil chomh maith le léargas cruinn ar an bpróiseas scríbhneoireachta do na teagascóirí freisin agus aontaíodh dátaí leis an ábhar a leagan isteach. Cuireadh ábhar na modúl go léir chuig dearthóir teagascach le faomhadh. An sprioc a bhí ag an dearthóir ná cinntiú go raibh ábhar na modúl ag teacht leis na torthaí foghlama a bhain leo, cinntiú nach raibh aon trasnaíl idir na modúil agus cinntiú go raibh leanúnachas ó thaobh leagan amach de sna modúil go léir. Cuireadh an t-ábhar chuig foilsitheoir deisce agus rinneadh profú air ansin. Cuireadh seisiúin traenála faoi ghnéithe ar leith de Blackboard ar fáil (físeáin, an fóram plé, srl) do na rannpháirtithe, agus bhí comhordaitheoir an chláir ar fáil le tacaíocht a thabhairt ag gach céim den phróiseas forbartha.

## Anailís ar an Suirbhé

Cuireadh an suirbhé chuig 20 teagascóir agus d'fhreagair 12 é. Bhíothas réasúnta sásta leis an ráta freagartha seo – 60%. Níor chomhlánaigh údair an pháipéir seo an suirbhé ó tharla gurbh iadsan a dhear, ach cuirtear taithí na n-údar san áireamh sa phlé thíos nuair is cuí. Ceithre cheist déag a bhí sa suirbhé, agus scaipeadh é in Eanáir na bliana 2016. Fiosraíodh sa **chéad cheist** an bhliain a raibh na teagascóirí ag plé leis an bhfoghlaim chumaisc ar an gclár léinn; bhí beirt ag múineadh in 2011-2012 (céad bhliain an chúrsa), ceathrar in 2012-2013, seisear in 2013-2013 agus duine amháin in 2014-2015. (Féach Figiúr a 1).

### Cén bhliain den chúrsa ina raibh na mic léinn nuair a mhúin tú iad?




Figiúr a 1.

Fiosraíodh i **gceist a 2** na modhanna teagaisc a úsáideadh. Luaigh ceathrar gur úsáid siad ábhar scríofa amháin agus i measc na dteagascóirí eile úsáideadh ábhar scríofa in éineacht le hosghuthú (triúr) nó ábhar scríofa in éineacht le míreanna fuaime (beirt), le míreanna físe (beirt) nó ábhar scríofa agus 'obair phraiticiúil faoi stiúir' (duine amháin). Is éard is suntasaí sa chás seo – cé nach ábhar mór iontais é – ná gur bhraith na teagascóirí cuid mhór ar an ábhar scríofa, in ainneoin na n-áiseanna teicneolaíochta a bhí ar fáil dóibh sa timpeallacht foghlama fhíorúil. Tá an spleáchas seo ar an bhfocal scríofa sothuigte agus daoine ag tabhairt faoin bhfoghlaim chumaisc i dtosach, agus bheifí ag súil go dtiocfadh athrú air seo agus teagascóirí ag dul i dtaithí ar an teagasc ar-líne. Is spéisiúil an ní é, áfach, gur léirigh na mic léinn féin i bhfoirmeacha aiseolais a chomhlánaigh siadsan gurbh fhéarr le cuid mhór acu an t-ábhar scríofa ar fad a bhain leis an modúl a fháil. Sa chás sin ní raibh orthu am a chaitheamh ag glacadh a gcuid nótaí féin, rud a bhí i gceist nuair a bhí modúil á seachadadh le sleamhnáin a raibh osghuthú déanta orthu.

Fiafraíodh i **gceist a 3** ar thaitin an teagasc tríd an bhfoghlaim chumaisc leis na rannpháirtithe. Úsáideadh scála Likert sa chás seo, a raibh ‘Thaitin’ ag uimhir a 1 air agus ‘Níor thaitin’ ag uimhir a 5. Bhí ceathrar ag uimhir a 1 ar an scála, seisear ag uimhir a 2 agus an bheirt deiridh ag uimhir a 3. Cé go raibh drogall ar roinnt teagascóirí tabhairt faoin teagasc ar líne i dtosach, léiríonn an toradh seo nach raibh aon duine míshásta leis an modh teagaisc tar éis dóibh tabhairt faoi. (Féach Figiúr a 2).

#### Ar thaitin an teagasc tríd an bhfoghlaim chumaisc leat?



Figiúr a 2.

Nuair a fiafraíodh cé na buntáistí a bhain leis an bhfoghlaim chumaisc i **gceist a 4**, bhí réimse leathan freagraí ag an deichniúr rannpháirtithe a d’fhreagair an cheist áirithe sin. Chuir ceathrar acu béim ar na buntáistí a bhain leis an gcineál seo teagaisc do na *mic léinn*: luaigh siad go raibh buntáiste acu mar gheall ar an ‘ábhar teagaisc a bheith curtha ar fáil dóibh (gan gá nótaí a thógáil ná taighde leabharlainne a dhéanamh etc)’; ‘bhí ábhar ar fáil do mhic léinn le staidéar a dhéanamh air ina gcuid ama féin’ agus luaigh duine eile go raibh ‘an-slacht ar na nótaí a crochadh mar gheall ar an dearadh a bhí orthu.’ Luaigh cúigear ceist na solúbthachta ama i gcás na mac léinn, agus aithníodh an buntáiste a bhí anseo do dhaoine nach mbeadh an deis oideachais chéanna acu murach an fhoghlaim chumaisc. Is spéisiúil an dearcadh mac léinn-lárnaithe a léirítear anseo, agus is comhartha é den chleachtas machnamhach a luaigh Clegg thuas.

Maidir leis na teagascóirí féin, luaigh cúpla duine gur mhór a bheith ‘an-eagraithe’ le dul i mbun teagaisc ar líne; ba bhuntáiste é freisin go bhféadfaí ‘an t-eolas ábhartha ar fad a chur ar fáil ar aon ardán amháin’. Mheas duine amháin a d’fhreagair gur airigh sé/sí go raibh aithne ní b’fhearr aige/aici ‘ar an ngrúpa le hais grúpa a bheadh i léacht os mo chomhair de bharr go raibh mé i dteagmháil leo go minic’; ní minic, áfach, an tuairim seo léirithe i measc na dteagascóirí, cé gur luaigh duine amháin eile ‘gur dheas a bheith ag léamh a gcuid tuairimí ar an bhfóram plé’. Luaigh beirt teagascóirí eile an modh seachadta féin, ag moladh a struchtúrtha is a bhí sé.

Maidir leis na míbhuntáistí a pléadh i **gceist a 5**, luaigh seachtar an caidreamh leis na mic léinn agus nach raibh sé ar chomhchéim leis an gcaidreamh a bheadh ann dá mbeadh na mic léinn sa seomra ranga, cé gur luaigh duine amháin gur chuidigh an fóram plé sa chás seo, agus duine eile na ceardlanna ar an údar céanna. Mar a dúirt duine amháin, áfach: ‘Tá sé deacair atmaisféar an ranga a bhuaileadh uaireanta’. I measc na míbhuntáistí

eile a luadh bhí brú ama (beirt a luaigh); duine amháin a luaigh cumas na mac léinn i gcás na teicneolaíochta, agus mheas rannpháirtí amháin gur mhíbhuntáiste a bhí ann gur tugadh ‘an t-ábhar uilig do na mic léinn. Ní raibh orthu dul i mbun taighde iad féin.’ D’fhéadfadh fadhbanna eascairt as seo murach a dhíograisí is a bhí an grúpa mac léinn seo. Pléann David Little (2015) an fhoghlaim neamhspleách agus míníonn:

*There is nevertheless broad agreement that **autonomous learners** understand the purpose of their learning programme, explicitly accept responsibility for their learning, share in the setting of learning goals, take initiatives in planning and executing learning activities, and regularly review their learning and evaluate its effectiveness.*

Luaigh beirt teagascóirí an dúshlán a bhain le scríobh na modúl nuair a fiosraíodh na dúshlán ba mhó a bhain leis an modh teagaisc seo **i gceist a 6**. Cé gur cuireadh teimpléid ar fáil agus gur thaitin an tacaíocht seo le teagascóirí áirithe, ba laincisí a bhí sna teimpléid seo do dhaoine eile. Bhí an fóram plé ina ábhar imní ag cúigear, a luaigh na deacrachtaí a bhain leis an bplé a stiúradh agus na mic léinn a mhealladh le dul i mbun plé. Luaigh duine amháin an dúshlán a bhain le cumas na mac léinn a mheas agus bhí beirt buartha faoi na fadhbanna teicniúla a bhain leis an seachadadh uaireanta. Is spéisiúil an ní é *nár* tháinig fadhbanna leis an teicneolaíocht chun cinn mórán in aiseolas na dteagascóirí (ná in aiseolas na mac léinn), agus ba í taithí na dteagascóirí trí chéile gur fheil an VLE go maith don obair a bhí ar bun acu. Luaigh duine amháin eile an deacracht a bhí aige/aici obair phraiticbhunaithe a láimhseáil ar líne – gné lárnach den mhodúl a bhí á theagasc ag an té seo.


Nuair a fiosraíodh ‘An fearr leat an modh teagaisc seo nó an modh teagaisc traidisiúnta? Cén fáth?’ **i gceist a 7**, ní raibh ach duine amháin a dúirt go cinnte go raibh an modh teagaisc nua seo ní b’fhearr; bhí triúr den tuairim go raibh siad mar a chéile; luaigh duine amháin gur thaitin an ghné *chumaiscthe* den mhodh seo leis/léi i.e. bhí tábhacht leis an teagmháil aghaidh-ar-aghaidh ag na ceardlanna míosúla, ach bhí triúr a bhí idir dhá chomhairle sa chás seo: luadh gur bhraith sé ar ábhar an mhodúil, agus ar mheon na mac léinn. Ceathrar a dúirt gurbh fhearr leo an modh traidisiúnta go cinnte, agus an idirghníomhaíocht sa seomra ranga luaite go sonrath ag duine amháin acu sin.

Fiosraíodh **i gceist a 8** na hathruithe sa chur chuige a dhéanadh na teagascóirí dá mbeidís ag múineadh ar an gclár seo arís agus na fáthanna a bheadh acu lena n-athrú. Dúirt cúigear go raibh siad sásta leis na modhanna a d’úsáid siad. Luaigh duine amháin gur mhúin sé/sí arís in 2014-15 agus gur athraigh sé/sí ‘go leor’, ach gur ghá ‘dul tríd uair amháin, áfach, leis na nithe sin a thabhairt faoi ndeara.’ Dúirt beirt go mbeadh suim acu triail a bhaint as modh teagaisc eile (osghuthú ar shleamhnáin/podchraoladh etc), agus luaigh an tríú duine gur mhaith leis/léi BB Collaborate (i.e. teagasc sioncronach ar líne) a úsáid leis an gclár seo, tar éis don té sin taithí a fháil air sin ar chlár teagaisc eile. Mheas beirt go raibh an t-ualach oibre ar na mic léinn

agus orthu féin iomarcach i gcás na foghlama cumaisc, agus go dtabharfaidís aghaidh air sin ach an deis a bheith acu, agus luaigh duine amháin eile go mbainfí níos mó úsáide as an bhfóram plé – go mbeadh an teagascóir féin ‘níos feiceálaí’ ar an bhfóram.

Fiafraíodh **i gceist a 9** ar airigh na teagascóirí go raibh siad ullmhaithe le tabhairt faoin teagasc ar chlár de chuid na foghlama cumaisc? Úsáideadh scála Likert sa chás seo chomh maith – 1 = D’airigh agus 5 = Níor airigh. Triúr a dúirt go raibh siad ullmhaithe agus iad ag dul i mbun teagaisc (uimhir a 1) agus beirt a cheap nach raibh (uimhir a 5). Chuir triúr tic le huimhir a 2, duine amháin a chuir tic le huimhir a 3 agus triúr a thiceáil uimhir a 4. (Féach Figiúr a 3).

**Ar airigh tú go raibh tú ullmhaithe le tabhairt faoin teagasc ar chlár de chuid na foghlama cumaisc?**



**Figiúr a 3.**

Nuair a fiafraíodh ‘An bhfuair tú do dhóthain tacaíochta agus tú ag tabhairt faoin bhfoghlaim chumaisc?’ **i gceist a 10**, bhí an dáréag a d’fhreagair sásta go bhfuair siad tacaíocht mhaith agus iad i mbun teagaisc. B’údar suime gur luaigh duine amháin, in ainneoin go bhfuarthas cúnaimh agus tacaíocht, ‘Ar deireadh thiar is faoin teagascóir féin atá sé é/í féin a ullmhú’ agus is dócha, i ndeireadh na dála gurb amhlaidh atá le clár léinn ar bith. Is léir, mar sin féin, gur mhór ag na rannpháirtithe an tacaíocht a cuireadh ar fáil.


D’fhreagair deichniúr **ceist a 11**, áit ar fiafraíodh faoi na tacaíochtaí breise a d’fhéadfaí a chur ar fáil le tacú leis na teagascóirí. Deichniúr a d’fhreagair an cheist, agus tríd is tríd bhí siad sásta leis an tacaíocht a fuarthas. Luaigh duine acu nár mhiste ‘smaoineamh ar cheardlann uair sa mbliain ina mbeadh deis ag na teagascóirí ar fad san Acadamh a dtaithí féin ar an bhfoghlaim chumaisc a phlé lena chéile’ agus bhí triúr eile a léirigh tuairimí cosúla. Tagann tuairimí mar seo le coincheap na bpobal cleachtais a phléann Wenger (2010: 179):

*A community of practice can be viewed as a social learning system. Arising out of learning, it exhibits many characteristics of systems more generally: emergent structure, complex relationships, self-organization, dynamic boundaries, ongoing negotiation of identity and cultural meaning, to mention a few.*

agus is cinnte go rachadh gréasáin de theagascóirí laistigh den ollscoil seo agus in ollscoileanna eile chun tairbhe do na teagascóirí a bhíonn i mbun teagaisc ar líne. Luaigh duine amháin an cúrsa e-mhonatóireachta agus go raibh sé sin cabhrach agus thagair duine eile do na teimpléid a cuireadh ar fáil, agus a úsáidí is a bhí siad siúd. Mheas duine amháin gur theastaigh tuilleadh traenála maidir le dearadh modúl, áfach, agus bhí duine eile den tuairim nár cuireadh san áireamh a fhad is a ghlacann sé ábhar teagaisc a chur in oiriúint don fhoghlaim chumaisc. Luaigh duine amháin eile leagan amach na modúl, agus mhol duine eile gur cheart breathnú ar an ‘Saineolas is deireanaí faoi úsáid fóram agus marcáil an fhórait.’ Is ceist choigilteach í ceist an fhórait phlé, agus cé gur mheas tromlach na dteagascóirí gur bhain fiúntas leis, tá ceisteanna maidir le bainistiú na bhfóram le beachtú ar an BA seo. (Féach an plé ar Cheist a 13 thíos).

Fiafraíodh faoi na ceardlanna míosúla **i gceist a 12**. Úsáideadh scála Likert sa chás seo freisin – 1 = Luachmhar agus 5 = Gan Luach – agus is léir ó na torthaí atá le feiceáil sa ghraf thíos gur bhain tábhacht leis na ceardlanna do na teagascóirí:

#### Cén luach a bhain leis na ceardlanna míosúla?



Figiúr a 4.

Léiríodh réimse leathan tuairimí nuair a fiosraíodh faoin bhfóram plé **i gceist a 13**. Bíonn céatadán ar leith den mharc iomlán ag dul ar na hiontrálacha ar an bhfóram plé sa chéad agus sa dara bliain den BA leis na mic léinn a spreagadh chun rannpháirtíochta agus tugann na léachtóirí aiseolas ginearálta rialta do na mic léinn ar an bhfóram plé féin. Is gné lárnach den fhoghlaim chumaisc í sa BA mar sin, agus cheap cúigear gur oibrigh sé go maith; shíl an séú duine gurbh é an fóram plé an ghné ab fhearr leis/léi agus dúirt: ‘Is maith liom na tuairimí, stíleanna, smaointe etc. a léamh agus a bheith páirteach sa díospóireacht mé féin. Ceapaim go dtéann cuid de na rannpháirtithe i bhfad scéil anois is arís ach tá sé deacair é sin a bhainistiú.’ Luaigh duine amháin aiseolas diúltach na mac léinn i gcás an fhórait ach dúirt gur thuig sé/sí an fáth a raibh an fóram ann, agus luaigh duine amháin eile nár oibrigh sé in aon chor nuair a bhí an té sin i mbun teagaisc in 2012-2013 ach go ndearna sé/sí bainistiú ní b’fhearr ar an bhfóram nuair a bhí an modúl á theagasc arís

do chohórt nua in 2014-2015. Bhí duine eile in amhras faoin bhfóram plé freisin: ‘I gcás go leor de na mic léinn, braithim nach mbíonn ar bun ach ‘tic a chur i mbosca’ agus nach mbaineann siad úsáid as chun plé ceart a dhéanamh. Bíonn a lán athrá ar ráitis a chéile ar bun ag roinnt acu freisin.’

Triúr eile a thug freagraí réasúnta fada ar an gceist seo, agus phléigh siad na dúshláin a bhain leis an bhfóram ina gcás siúd. Mhol siad gur cheart a bheith an-soiléir faoina dteastaíonn ar an bhfóram plé, agus go raibh roinnt mac léinn éiginnte faoi ghné an rannpháirteachais ar an bhfóram, i.e. bhí siad sásta tuairimí dá gcuid féin a thabhairt ach bhí leisce orthu dul i ngleic le tuairimí na mac léinn eile. Bhíodh sé deacair díospóireacht a spreagadh go minic agus uaireanta, bhíodh an fóram ‘stadach seachas dinimiciúil’ mar a mhínigh teagascóir eile.

Le teacht roimh roinnt de na fadhbanna seo, cinneadh nach mbeadh marcanna á mbronnadh ar ábhar an fhóraithe phlé i mbliain a 3 i gcás na modúl teanga cé gur chroch an múinteoir ceisteanna agus ábhar plé ar an bhfóram in aghaidh na seachtaine. Ba shuntasach an ní é gur bhain tromlach an ranga úsáid as an bhfóram fós agus chonacthas don teagascóir gur sa tréimhse seo a bhí an plé ba bhríomhaire agus ba shuimiúla le feiceáil. Ba léir faoin am sin go raibh na mic léinn ar a gcompord leis an bhfóram agus nár airigh siad aon bhrú de bharr nár bhain marcanna leis na hiontrálacha. D’fheidhmigh an fóram mar áis cheart tacaíochta sa chomhthéacs seo.

Fiafraíodh **i gceist a 14** an raibh aon tuairimí eile ag na rannpháirtithe. Ceathrar a thug freagraí sa chás seo. Dúirt duine acu go ndeachaigh an t-eispéireas go mór i bhfeidhm air/uirthe agus go raibh ‘ugach tugtha dom gach modúl atá á theagasc agam a chur in oiriúint don modh seo anois’ agus d’aithin duine eile go mbíonn ‘go leor den ualach ag titim ar an mac léinn féin’ i gcur chuige teagaisc dá leithéid seo. Luaigh duine amháin, áfach, gurb é ‘Bb Collaborate an modh is éifeachtaí – tá na buntáistí a bhaineann le rang beo ar an láthair i gceist leis mar aon leis an ngné chianfhoghlama. Bíonn idirghníomhaíocht níos éifeachtaí ann idir an teagascóir agus na mic léinn dá réir.’ Is cinnte go gcaithfear breathnú ar na féidearthachtaí atá ann an ghné seo den BA a leathnú agus is do na modúil teanga agus aistriúcháin is mó a d’fheilfeadh an teagasc sioncronach.

## Tátal & Conclúidí

Is léir gur den riachtanas é tacaíocht a thabhairt do theagascóirí agus iad ag tabhairt faoin bhfoghlaim chumaisc den chéad uair. Baineann dhá bhuntáiste ar leith le teimpléad deartha a chur ar fáil mar a rinneadh i gcás an chláir léinn seo:

- Cuireann sé fráma tagartha úsáideach ar fáil do na teagascóirí, cé gur cheart beagán solúbthachta a fhágáil acu lena stampa féin a chur ar a n-ábhar teagaisc.
- Cuidíonn na teimpléid agus na comharthaí comónta físiúla a mholtar san ábhar teagaisc leis na mic léinn ord agus eagar a chur ar a gcuid oibre, gné den fhoghlaim a bhaineann an-tábhacht léi i gcás na foghlama cumaisc/cianda.

Is léir ón staidéar seo freisin nach bhfuil an teagasc ar líne chomh scanrúil agus a cheapann daoine sula dtosaíonn an teagasc féin. Ba cheart do theagascóirí, áfach, tabhairt faoi chúrsa e-mhionatóireachta nó e-fhoghlama iad féin sula dtosaíonn an teagasc le go mbeidís feasach ar an timpeallacht fhíorúil foghlama agus le go dtuigfidís na dúshláin a bhaineann le teagasc den chineál seo do na mic léinn.

Ní mór machnamh a dhéanamh ar ról an fhórait phlé sa teagasc ar líne, agus ní mór an obair a dhéantar ar an bhfóram a stiúradh i gceart chun misneach a thabhairt do mhic léinn iad féin a chur in iúl ar líne, agus le cinntiú nach dtagann lagmhisneach orthu.

Labhraíonn mic léinn go minic faoin uaigneas a bhíonn orthu agus iad i mbun foghlama ar líne, agus is cinnte go mbíonn deacrachtaí acu uaireanta iad féin a fheiceáil mar bhaill de phobal foghlama. Tá an rud céanna fíor i gcás na dteagascóirí, agus is cinnte go gcabhródh pobal cleachtasbhunaithe ar an teagasc ar líne le cúrsaí sa chás seo. Deir Graham *et al* (2004):

*While it is impossible to see entirely what the future holds, we can be pretty certain that the trend towards blended learning systems will increase. It may even become so ubiquitous that we will eventually drop the word "blended" ... But regardless of what we decide to call blended learning in the future, it is clear that the phenomenon of blended learning is here to stay.*

Ní mór dúinn, mar sin, deimhin a dhéanamh de go mbeidh ár gcuid teagascóirí réidh le tabhairt faoin dúshlán seo go muiníneach. Léirigh an staidéar a phléitear thuas gur thug na teagascóirí faoin obair seo go fonnmar den chuid is mó, agus is údar sásaimh é gur léirigh a chuid aiseolais thuas a dhíograisí is a bhí siad agus iad i mbun teagaisc.

## Leabharliosta

### Leabhair

Barnett, R. & Coate, K., (2005) *Engaging the Curriculum in Higher Education*. Maidenhead: Open University Press.

Cohen, L., Manion, L. & Morrison, K., (2010) *Research Methods in Education*. 7ú heagrán. Londain: Routledge.



Creswell, J.W., (2013) *Qualitative Inquiry and Research Design: Choosing among Five Approaches*. 3ú heagrán. Thousand Oaks & Londain: Sage Publications.

Moon, J., (1999) *Reflection in Learning and Professional Development*. London: Kogan Page.

Prosser, M, & Trigwell, K., (1999) *Understanding Learning and Teaching: The Experience in Higher Education*. Buckingham, UK: SRHE, Open University Press.

Race, P., (2007) *The Lecturer's Toolkit 3<sup>rd</sup> Edition*. Abingdon: Routledge.

Salmon, G., (2003) *E-moderating: The Key to Teaching and Learning Online*. RoutledgeFalmer.

Simpson, O., (2002) *Supporting Students in Online, Open and Distance Learning*. 2ú heagrán. Londain: Kogan Press.

## **Ailt**

Biggs, J., (1999) 'What the Student Does: teaching for enhanced learning.' *Higher Education Research and Development*. 18(1): 57-75.

Biggs, J., (2003) *Teaching for Quality Learning at University*. Buckingham: Open University Press.

Clegg, S., (2000) 'Knowing through Reflective Practice in Higher Education.' *Educational Action Research* 8(3): 451-69.

Coate, K., Barnett, R. & Williams, G., (2001) 'Relationships between Teaching and Researching Higher Education in England.' *Higher Education Quarterly*, Iml. 55, Uimh. 2, Aibreán, 55-174.

Cummins, J., (2008) 'Technology, literacy, and young second language learners: Designing educational futures.' Parker, L. (Eag.), *Technology-mediated learning environments for young English learners*. Nua-Eabhrac: Lawrence Erlbaum Associates, 61-98.

Fraser, S.P. and Bosanquet, M. (2006) 'The Curriculum? That's just a unit outline, isn't it?' *Studies in Higher Education* 31(3): 269-84.

- Graham, C.R., (2004) 'Blended Learning Systems: Definition, Current Trends, and Future Directions'. Bonk, C.J. & Graham, C.R. (eag.) *Handbook of blended learning: Global Perspectives, local designs*. San Francisco, Ca: Pfeiffer Publishling, le fáil ag <http://www.click4it.org/images/a/a8/Graham.pdf> (Léite: 26 Feabhra 2016).
- Little, D., (1990) 'Autonomy in language learning: some theoretical and practical considerations'. Gathercole, (Eag.), *Learning foreign languages from authentic texts*. Baile Átha Cliath: Authentik, i gcomhar le CiLT, Londain.
- Little, D., (2015) 'Learner Autonomy and Second/Foreign language Learning.' LLAS Centre for Languages, Linguistics and Area Studies, Avenue Campus, Highfield, University of Southampton, Southampton, S017 1BF, le fáil ag [https://www.llas.ac.uk/resources/gpg/1409#toc\\_3](https://www.llas.ac.uk/resources/gpg/1409#toc_3) (Léite: 29 Márta 2016).
- Magnoni, F., Incalcaterra McLoughlin, L., Ní Uigín, D., Ó Cofaigh, É., Ní Mhainnín, M., (2014) 'OL4LL: Online Languages for Lifelong Learning'. *International Conference: ICT for Language Learning*. 98-101.
- Mercer, J., (2006) 'The Challenges of Insider Research in Educational Institutions: Wielding a double-edged sword and resolving delicate dilemmas'. *Oxford Review of Education*, 33:1, 1-17.
- Tight, M., (2004) 'Research into higher education: an a-theoretical community of practice?' *Higher Educational Research & Development*, 23:4, 395-411.
- Wenger, E., (2010) 'Communities of practice and social learning systems: the career of a concept'. Blackmore, C. (eag.) *Social Learning system and Communities of Practice*. Springer: Londain. 179-98.

## Tuairiscí

- An tÚdarás um Ard-Oideachas, (2012) Plean Straitéiseach 2012-2016, le fáil ag [http://www.heai.ie/sites/default/files/hea\\_strategic\\_plan\\_2012-2016.pdf](http://www.heai.ie/sites/default/files/hea_strategic_plan_2012-2016.pdf) (Léite: 26 Feabhra 2016).
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, (2015) Plean Straitéiseach na hOllscoile, le fáil ag <https://www.nuigalway.ie/media/nuigalwayie/content/files/aboutus/F%C3%ADs2020-Plean-Strait%C3%A9iseach-O%C3%89-Gaillimh-2015-2020-Web.pdf> (Léite: 26 Feabhra 2016).
- The National Forum for the Enhancement of Teaching And Learning In Higher Education, (2014) *Teaching and Learning In Irish Higher Education: A Roadmap for Enhancement in a Digital World 2015-2017 National Forum Executive Summary*, le fáil ag <http://www.teachingandlearning.ie/wp-content/uploads/2015/03/Digital-Roadmap-V2-EXEC-SUMMARY.pdf> (Léite: 26 Feabhra 2016).



## **Saintréithe an Luath-oideachais Ghaeltachta: Léargais Úra ó Chás-staidéar i nGaeltacht Chonamara**

*Conchúr Ó Brolcháin*

<https://doi.org/10.13025/n7zq-sr36>

### **Coimriú**

Déanfar anailís chriticiúil san alt seo, ar an múnla luath-oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i mbunscoil amháin i nGaeltacht Chonamara (Catagóir A). Breathnófar ar athróa éagsúla dá múnla oideachais lena n-áirítear: cothú an tsainspioraid Ghaeilge sa scoil, cur chuige agus idé-eolaíochtaí teagaisc na múinteoirí, straitéisí saibhriúcháin don dalta T1 agus an fhoghlaim idirdhealaitheach do dhaltáí T1 agus T2. Gné lárnach de mhodheolaíocht an taighde, inar deineadh cás-staidéar feiniméaneolaíochta, ab ea breathnóireacht struchtúrtha ar mhúinteoirí naíonán i mbun teagaisc, anailís ar dhoiciméid agus ar agallaimh neamhstruchtúrtha ar fhoireann na scoile. Sa chaoi sin tá na torthaí taighde bunaithe ar ghníomhaíochtaí na rannpháirtithe seachas ar a dtuairisc féin ar na gníomhaíochtaí sin. Nochtfar samplaí den teagasc ceannródaíoch san alt lena n-áirítear ceachtanna saibhriúcháin do dhaltáí T1, grúpáil idirdhealaithe ag trí leibhéal cumais agus tréimhse tumoideachais ina gcuirtear múineadh na mórtheanga siar go dtí Rang 1. Sonraítear go mbraitheann na dea-chleachtais oideolaíochta seo ar thiomantas an phríomhoide agus ar shainchleachtais an mhúinteora ranga, seachas ar mhúnla aontaithe oifigiúil an chórais. Cuirfear moltaí dea-chleachtais os comhair an léitheora ar deireadh, mar threoir do bhunscoileanna Gaeltachta atá i mbun plean teanga a dhréachtú.

## Réamhrá

Is iomaí staidéar atá foilsithe le deich mbliana anuas a léiríonn leochaileacht na Gaeilge sa Ghaeltacht agus an t-iompú teanga atá ar siúl inti (m.sh. Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, & Ní Mhainín, 2005; Ó Flatharta, 2007; Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, & O'Brien, 2007). Sna ceantair dhátheangacha seo tuigtear go bhfuil líon na bpáistí atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge ag laghdú (Mac Donnacha et al., 2005; Ó Giollagáin et al., 2007) agus go bhfuil líon na dteaghlach atá ag seachadadh na Gaeilge ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile ag laghdú chomh maith (Ó Giollagáin et al., 2007; Ó hIfeárnáin, 2007; Romaine, 2007). Glactar leis anois go bhfuil caighdeán na Gaeilge labhartha tite go suntasach i measc dhaltá na Gaeltachta (Harris et al., 2006), go bhfuil an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga cumarsáide i dtromlach na mbunscoileanna Gaeltachta, fiú sna ceantair sin ina mbaintear an úsáid is leithne as an nGaeilge (Mac Donnacha et al., 2005), agus go bhfuil rian an Bhéarla le sonrú ar Ghaeilge na bpáistí Gaeltachta (Leonach et al., 2012; Péterváry et al., 2014). Ábhar ar leith inní do thodhchaí na Gaeltachta anois, gur treise cumas an Bhéarla ná cumas na Gaeilge i measc gasúr, fiú amháin más í an Ghaeilge an teanga baile (Péterváry et al., 2014) agus é maíte ag Ní Shéaghdha (2010) ar ndóigh go bhfuil líon na ndaltaí bunscoile a labhraíonn an Ghaeilge mar chéad teanga faoi bhun 1,000 sna ceantair Ghaeltachta is láidre. I gcomhthéacs an tseomra ranga Gaeltachta, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh dhá phríomhchineál dalta a bheith sa suíomh céanna oideachais, daltaí T1 agus T2, agus go mbeadh spriocanna éagsúla foghlama leagtha amach ag an múinteoir dóibh (Mac Donnacha, 2005). Tá an múinteoir ag iarraidh go sealbhódh na páistí nach bhfuil an Ghaeilge acu, nó a bhfuil fíorbheagán Ghaeilge acu gan cur isteach ar a máthairtheanga. Tá fianaise ann áfach, nach bhfuil a leithéid ag tarlú agus go bhfuil lorg an Bhéarla le sonrú ar Ghaeilge na bpáistí Gaeltachta dá bharr (Leonach et al., 2012).

## Dúshlán an Imeachtha sa Seomra Ranga Gaeltachta

I gcás na ndaltaí gan Ghaeilge nó ar fhíorbheagán Gaeilge, tá an múinteoir ag iarraidh go gcuirfí ar chumas na bpáistí sin lán-sealbhú a dhéanamh ar an nGaeilge gan cur isteach ar a máthairtheanga. Cuireann sé seo dúshlán suntasach ar mhúinteoirí na Gaeltachta agus tuiscint oifigiúil ag teacht chun cinn go mbíonn an fócas sa soláthar teanga i mbunscoileanna Gaeltachta ar fhoghlaimoírí na Gaeilge, chun dochair na gcainteoirí dúchais (ROS, 2015b: 6).

Nuair a tharlaíonn imeascadh idir foghlaimoírí agus cainteoirí dúchais sa suíomh céanna foghlama, bíonn baol ann go ndéanfaidh an múinteoir a chaint féin a shimpliú agus a mhoilliú sa seomra ranga mar thacaíocht don dalta T2 (Mougeon & Beniak, 1994), agus nach mbeadh an t-ionchur teanga ard, saibhir, céanna á fháil ag páistí T1 agus a bheadh dá mbeadh siad i ngnáthchlár T1. I gcomhthéacs mar seo caithfidh oideachasóirí iarracht a dhéanamh ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil trí theanga dhúchais na gcainteoirí

T1 (Valdes, 2011) ionas nach leanfar ar aghaidh leis an éagothroime teanga, agus nach méadófar an baol teipe do dhaltáí dá bharr (Cummins & Swain, 1986). Is cosúil nach bhfuil an t-idirdhealú seo ar siúl go forleathan sa Ghaeltacht, áfach, agus go dtacaíonn an córas bunoidreachais mar atá sé le lagú Ghaeilge na ndaltáí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga (Péterváry et al., 2014; Ó Giollagáin et al., 2007).

Caithfear cumhacht na dteangacha a chur san áireamh i ndearadh aon chlár oideachais dhátheangaigh, go háirithe nuair a chuirtear mionteanga ar nós na Gaeilge in iomaíocht le teanga chumhachtach, dhomhanda ar nós an Bhéarla. Léiríonn taighde Hickey (2001), mar shampla, nach labhraíonn páistí Gaeltachta an Ghaeilge le chéile nuair a thagann páistí ó chúla an Bhéarla ina gcuideachta. Streachlaíonn mionteangacha in aghaidh cúinsí ginearálta áirithe lena n-áirítear stádas íseal agus acmhainní ar chaighdeán níos ísle agus cuireann rangú teangeolaíochta sa seomra ranga brú diúltach ar iompar teanga pháistí na mionteanga. Is léir mar sin, i gcomhthéacs na Gaeltachta go mbíonn daltaí an-mheasctha ó thaobh cúlra teanga de, agus go mbíonn tumadh á fháil acu sa Bhéarla an-luath sa chóras oideachais Gaeltachta (Ní Shéaghdha, 2010). Tuairiscítear nach gcuirtear mórán tacaíochta ar fáil don chainteoir dúchais sa seomra ranga Gaeltachta ach go háirithe agus tuiscint tagtha chun cinn gur cheart idirdhealú foghlama a chur i bhfeidhm sa seomra ranga do dhaltáí T1 agus do dhaltáí T2 (Ó Duibhir et al., 2015). Tá béim leagtha ar thábhacht an phointe seo ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus iad ag maíomh go gcaithfidh an córas oideachais i limistéir Ghaeltachta tús áite a thabhairt do riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge i mbunscoileanna Gaeltachta (ROS, 2015b: 42). Ba cheart do mhúinteoirí a gcuid straitéisí teagaisc a athrú le bheith cinnte go bhfuil siad ag freastal ar ghánna na ndaltáí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais agus iad siúd atá i mbun fhoghlaim na teanga (Coady & Ó Laoire, 2002). Moltar chomh maith go bhfhéadfaí na páistí T1 a ghrúpáil le chéile do ghníomhaíochtaí éagsúla mar chuid den lá scoile, chun deis níos saibhre chumarsáide a thabhairt dóibh (Baker agus Jones, 1998). Aithnítear anois gurb iad an líon réasúnta beag de dhaltáí na Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu an dream is leochailí agus is tábhachtaí agus gur cheart cearta teanga na ngasúr seo a chur chun tosaigh ar chearta na bhfoghlaimoírí (Ó Duibhir et al., 2015).

Ceann de mhóraidhmeanna an ailt seo ná iniúchadh a dhéanamh ar chleachais na múinteoirí naíonán i dtaca le múnla tumoidreachais a fheidhmiú do dhaltáí T2 agus múnla saibhriúcháin do dhaltáí T1, lasmuigh den suíomh céanna oideachais i.e. Rang na Naíonán i mbunscoil Ghaeltachta. Díritear ar mhúinteoirí naíonán toisc gurb iad is túisce a bhíonn ag plé leis an meascán teangeolaíochta seo sa chóras oifigiúil bunscolaíochta agus toisc an aois chriticiúil do shealbhú teangacha a bheith ann roimh ocht mbliana d'aois (Montrul, 2008).

## Modheolaíocht an Staidéir

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo léargas a thabhairt ar chur i bhfeidhm an oideachais dháttheangaigh i mbunscoil amháin sa Ghaeltacht trí iniúchadh ar na ceistanna seo: (1) Céard iad na cleachtais reatha, bhainistíochta scoile uile, atá i bhfeidhm chun polasaithe oideachais dháttheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a stiúradh go laethúil? Agus (2) Céard iad na cleachtais reatha oideolaíochta atá in úsáid i ranganna naíonán chun na polasaithe oideachais dháttheangaigh seo a chur i bhfeidhm? D'eascair teideal agus príomhcheistanna an taighde as glaochanna taighde le blianta beaga anuas, as an scagadh cuimsitheach a deineadh sa léirbhreithniú litríochta agus as réamhagallaimh neamhstruchtúrtha a cuireadh ar shaineolaithe oideachais i réimse an oideachais Ghaeltachta. Tá taighde goirt mar chuid lárnach den staidéar seo chomh maith, ina bhfuil gá feiminéan an oideachais dháttheangaigh a fhiosrú trí shúile na rannpháirtithe. Nuair a socraíodh mórcheistanna agus príomhchuspóirí an taighde, bhí rogha ar fáil dom. D'fhéadfaí cloí le modh amháin taighde nó úsáid a bhaint as modhanna ilchodacha. Úsáideadh modhanna measctha sa taighde seo, le béim ar chás-staidéar feiniméaneolaíochta i bhfráma tagartha de chuid an phragmatachais. Taighde bíseach a bhí ann ina leagtar an-bhéim ar an mbreathnóireacht struchtúrtha ar mhúinteoirí naíonán i mbun teagaisc, ach ina ndéantar agallaimh leathstruchtúrtha agus anailís ar dhoiciméid freisin, d'fhonn torthaí iontaofa taighde a sholáthar. Ar mhaithe le neamhainmníocht na rannpháirtithe a chosaint, baintear úsáid as ainmneacha bréagacha pearsanta agus scoile tríd an alt seo uilig.

### Giorrúcháin sa Chás-staidéar

- APO Agallamh leathstruchtúrtha ar an bpríomhoide
- AM Agallamh leathstruchtúrtha ar an múinteoir ranga
- AD Anailís ar dhoiciméid ábhartha (polasaithe, comhfhreagras oifigiúil, mar shampla)
- MSU Tuairiscí oifigiúla cigireachta ó mheasúnuithe scoile uile
- NB Nótaí breathnóireachta a glacadh i mbun breathnóireachta ar mhúinteoir
- NG Nótaí goirt a glacadh go neamhfhoirmiúil i dtimpeallacht na scoile

### An Cás-staidéar: Scoil Cholmcille

Tá Scoil Cholmcille lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir A, i gceantar atá aitheanta mar cheantar faoi mhíbhuntáiste. Tá beagnach 83% de dhaonra an cheantair ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta, 2007: 18-23) agus as an 150-200 dalta a fhreastalaíonn ar an scoil tugann an príomhoide le fios gurb í an Ghaeilge 'an chéad teanga agus an teanga baile atá ag breis is 90% de dhaltaí na scoile' (Litir ón bpríomhoide chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012). Maidir le foireann

lánaimseartha na scoile tá seachtar múinteoirí ranga ann chomh maith le triúr múinteoirí tacaíochta foghlama agus cúntóir teanga amháin ag feidhmiú sa scoil agus tá an príomhoide, Cáit, í féin saor ó dhualgais teagaisc sa scoil, rud atá eisceachtúil i mbunscoil Ghaeltachta (Mac Donnacha et al., 2005).

## **Bainistiú Imeachadh na nDaltaí agus an tIdirdhealú Foghlama**

Tá castacht ag baint le comhdhéanamh teangeolaíochta na ndaltaí sna ranganna naíonán sa scoil seo (NG). Tugtar le fios go bhfuil 18 dalta le Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó sa bhaile. As an 11 eile tá triúr le meascán 50:50 [Béarla:Gaeilge] acu sa bhaile agus triúr eile le Béarla den chuid is mó (NG). Tá dalta amháin sa rang agus a bheirt tuismitheoirí ina gcainteoirí Polainnise agus é á thógáil tríd an teanga sin. Tá dalta eile atá á thógáil go dátheangach le Béarla agus Liotuáinis. Cé go bhfaightear léargas sa pholasaí Labhairt na Gaeilge, ar mhianta na scoile i dtaobh bhainistiú an imeasctha, feictear go bhfuil níos mó doimhneachta agus castachta ag baint leis an bhfíorchleachtas oideolaíochta ná mar a léirítear sa pholasaí sin. Ní hamháin go ndéantar an-iarracht freastail ar riachtanaisí oideachais agus teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais T1 ach freastalaítear ar ghánna an chainteora T2 agus T3 ar bhealach cruthaitheach, ceannródaíoch. Léiríonn sé seo ardleibhéal pleanála agus smaoinimh i dtaobh na ceiste seo (APO, AM, NG & NB).

Bhíodh an nós i gcónaí ann go gcuirfí na daltaí 'is laige' amach chuig an múinteoir tacaíochta foghlama ach... braitheadh nach raibh an seanchóras sin ag freastal ar ghánna chuile pháiste ... tá an dream atá ag goil amach ag an múinteoir tacaíochta teanga, tá an dream atá iontach ... ansin tá an dream sin atá sa lár, idir eatarthu, agus dá bhféadfadh muid trí ghrúpa a dhéanamh ansin go mbeadh muid ar muin na muice. (AM).

Thuig an múinteoir ranga go raibh an córas mar a bhí ag tacú go láidir le foghlaimeoirí Gaeilge (Daltaí T2) ach nach raibh freastal ceart á dhéanamh ar na cainteoirí dúchais (Daltaí T1) agus go raibh dochar á dhéanamh ag an gcóras bunscolaíochta sin dá gcuid Gaeilge:

Tá chuile ghasúr ag teacht isteach sa rang seo agus iad ar chéimeanna éagsúla ar an dréimire [maidir le cumas sa Ghaeilge], tá mise mar mhúinteoir ag iarraidh go mbeidh chuile ghasúr ag dreapadh an dréimire sin, bíonn muid ag caint faoi Vygotsky agus Brunner agus an Zone of Proximal Development go mbeidh dul chun cinn á dhéanamh ag chuile ghasúr (AM).

agus níos déanaí san agallamh céanna:

An rud a bhíodh mise ag tabhairt faoi deara ná go raibh an dream ag an mbun ag dreapadh, ag dreapadh agus ag dreapadh (dul chun cinn maith á dhéanamh acu), bhí an dream sa lár ag déanamh togha freisin ach an dream sin a tháinig isteach sa scoil le togha na Gaeilge (na cainteoirí dúchais), ní raibh mórán dreapadóireachta ar siúl ag an dream sin ar chor ar bith, scaití thit siad anuas agus sin é an fáth go bhfuil trí ghrúpa ann anois (AM).

Is cosúil gur cuireadh in iúl do thuismitheoirí go mbeadh ‘beagáinín grúpála’ ar siúl ach nár deineadh scéal mór de agus gur léiríodh an-tuiscint maidir leis na buarthaí a bhíonn ag thuismitheoirí faoina bpáistí féin sa chóras oideachais:

Dúirt muid go mbeadh muid [an triúr múinteoirí] ag díriú ar a gcaint [caint na ndaltaí], go dtiocfaidh feabhas ar chuide dhuine, go mbeidh trí ghrúpa déanta, go mbeadh muid ag babhtáil thart, níor dhúirt mé leo cá mbeadh siad, ní dhearna mé scéal chailleach an uafáis den rud! mar ghoilfheadh sé sin go mór ar thuismitheoirí a Chonchúir, tá a fhios agamsa mar mháthair go mbeadh daoine ag rá ‘ó cá bhfuil sí [mo pháiste féin], an bhfuil sí sa chéad, nó sa dara nó sa tríú grúpa? (AM).

Labhraíodh faoin gcur chuige grúpála mar ghnáthsheift normálta le linn an chás-staidéir ‘ar nós a bheith ag múineadh peannaireachta, ag múineadh léitheoireachta, ag múineadh matamaitice pé áit ina bhfuil do pháiste, go bhfuil forbairt ag teacht ar do pháiste, caithfidh sé sin a bheith mar sprioc’ (AM). I bhfianaise a bhfuil ag titim amach sna cás-staidéir eile, áfach, is léir gur chleachtas nuálach, ar leithligh é. Mar thoradh ar an bhféincheistiú gairmiúil agus anailís oideolaíochta seo bheartaigh foireann na scoile go mbrisfí rang na naíonán i dtrí ghrúpa mar chuid den straitéis idirdhealaithe foghlama.

## **Múnla Oideachais Dhátheangaigh i Scoil Cholmcille**

Tá ceithre phríomhghné i gcur i bhfeidhm an mhúnla oideachais dhátheangaigh sa scoil seo. Leagtar an-bhéim ar chur chun cinn na Gaeilge i ngach gné d’fheidhmiú na scoile, cuirtear múineadh an Bhéarla siar go dtí an dara téarma sna naíonáin shinsearacha. Déantar freastal ar leith ar T1 agus T2 sna seisiúin ghrúpála agus déantar iarrachtaí an teanga a threisiú i measc an phobail i gcoitinne.

Maidir le cur chun cinn na Gaeilge, ní labhraíonn an múinteoir aon Bhéarla agus is cosúil go gceapann na daltaí nach bhfuil sí in ann Béarla a labhairt (NG). Tá sé seo tábhachtach mar go gcruthaíonn sé ‘gá cumarsáide’ do na daltaí trí Ghaeilge. Creideann na daltaí go gcaithfear cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge sa rang nó nach dtuigtear iad. Ní shimplíonn an múinteoir a chuid Gaeilge, dearbhaíonn sé an chanúint áitiúil go rialta agus baineann sé an-úsáid as athrá agus aithris i stíl oideolaíochta atá cumarsáideach (Cook, 2008). Baintear úsáid rialta as an bhfilíocht agus as an amhránaíocht mar straitéisí foghlama. Cuirtear go



leor deiseanna cumarsáide ar fáil do dhaltaí i rith an lae agus tugtar aischothú ceartaitheach ar earráidí teanga na ndaltaí go rialta. Maidir leis na hábhair eile a mhúintear sa rang bíonn chuile cheann acu ina cheacht saibhrithe teanga ina nglacann an múinteoir an deis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumas labhartha na ndaltaí sa Ghaeilge.

Cé nach luaitear múineadh an Bhéarla sa phlean ba shoiléir ón obair ghoirt gur gné lárnach, chonspóideach uaireanta, de pholasaí na Gaeilge is ea múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí an dara téarma i Rang na Naíonán Sinsir. D'éascair an ghné seo den phlean go príomha as comhráite idir an príomhoide agus an múinteoir naíonán, beirt le cúlra gaelscolaíochta, a bhí ag iarraidh 'nós na gaelscoile' (APO) [gan Béarla a mhúineadh sna naíonáin shóisearacha] a chur i bhfeidhm sa scoil. D'éascair próiseas fada comhairliúcháin agus go leor díospóireachta ag leibhéal na foirne agus an bhoird bhainistíochta, as litir ghearáin a sheol tuismitheoir chuig an scoil a bhí cáinteach faoi mhúineadh an Bhéarla a bheith ar siúl i rang na Naíonán Sóisir. Faoi dheireadh thángthas ar chomhréiteach go gcuirfí múineadh an Bhéarla siar go dtí an dara téarma i Rang na Naíonán Sinsir ar mhaithe le 18 mí den 'tumoideachas' a thabhairt do na daltaí.

Cuirtear in iúl go mbíonn drogall ar roinnt scoileanna sa Ghaeltacht múineadh an Bhéarla a chur siar mar go gceaptar go dtarraingeoidh tuismitheoirí a gcuid daltaí amach as an scoil má fheiceann siad a leithéid de pholasaí i bhfeidhm. Léiríodh tuairimí láidre sa scoil, go bhfuil géarghá go gcuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna iachall ar scoileanna na Gaeltachta tréimhse tumtha a chur i bhfeidhm. Ceaptar dá mbeadh an polasaí céanna [dhá bhliain den tumoideachas] i bhfeidhm ar fud na Gaeltachta go laghdódh sé an iompaire idir scoileanna maidir le daltaí a mhealladh chuig an scoil, agus nach mbeadh an bhuaire chéanna ar phríomhoide maidir le daltaí a chailliúint.

Aithnítear i bPlean Labhairt na Gaeilge, go bhfuil dúshlán ag baint le bainistiú an mheascáin teangeolaíochta sa scoil ach go bhfuil gá iarracht a dhéanamh freastal cóir, ceart a dhéanamh ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimoirí agus go mbeidh siad ar fad ag forbairt ag a luas foghlama féin. Sa chomhthéacs seo chonacthas go raibh an cleachtas ranga níos cuimsithí ná mar a bhí léirithe sa phlean scríofa. Do thrí thréimhse gach seachtain roinntear an rang i dtrí ghrúpa de réir chumas na ndaltaí sa Ghaeilge. Sa churaclam 'páiste lárnach' ina bhfuil béim ar fhreastal cuimsitheach, cuí a dhéanamh ar riachtanais chuile dhalta, sonraítear an tábhacht a bhaineann le straitéis idirdhealaithe cosúil le grúpáil na dtríthe.

**Tábla 1: Saintréithe Mhúnla Oideachais Dhátheangaigh Scoil Cholmcille**

| Téama                           | Tréithe a Bhaineann leis  |
|---------------------------------|---|
| Eolas faoin bhFoireann          | Príomhoide ar siúl (saor ó chúraimí teagaisc sa seomra ranga). Taithí chuimsitheach Ghaelscolaíochta aici agus ag an múinteoir ranga.             |
| Eolas Ginearálta faoi na Daltaí | Cainteoirí T <sub>1</sub> , T <sub>2</sub> agus T <sub>3</sub> i seomra ranga na naíonán  |
| Catagóir Gaeltachta             | A   |
| Iompar Teanga na nDaltaí        | Claontacht i dtreo na Gaeilge ach go leor samplaí den chódmhalartú le sonrú ar a gcuid Gaeilge. Rian an Bhéarla an-láidir ar Ghaeilge na ndaltaí. |

|   |  |
|---|--|
| <b>Polasáí Gaeilge</b>                                  | Plean Labhairt na Gaeilge<br>An-tuiscint ar na difríochtaí idir riachtanaisí oideachais an dalta T1 agus T2  |
| <b>Tosaíochtaí Curaclaim sa Seomra Ranga</b>            | An Fhilíocht mar straitéis foghlama in úsáid go minic<br>Gach ceacht ina cheacht saibhriúcháin   |
| <b>Cur Chuige Oideolaíochta</b>                         | An Stíl Chumarsáideach go príomha  |
| <b>Múineadh an Bhéarla</b>                              | Tosaítear ar mhúineadh an Bhéarla sa dara téarma de Rang na Naíonán Sinsir   |
| <b>Aistear</b>  | Níor baineadh úsáid as Aistear sa scoil le linn an chás-staidéir ach tauriscítear go 'ndéantar Aistear uaireanta' (AM).<br>Gaolta oideachais cothaithe le tuismitheoirí  |
| <b>Soláthar a dhéantar do dhaltaí T1&amp;T2</b>         | An-chúram déanta do shaibhriúchán Ghaeilge an chainteora dhúchais.<br>Straitéisí idirdhealaithe 'grúpáil na dtríthe' i bhfeidhm<br>Tuiscint léirithe gur ag teip an chainteora dúchais atá an córas bunscolaíochta sa Ghaeltacht |
| <b>An Múnla Oideachais Dhátheangaigh atá i bhfeidhm</b> | Múnla Oidhreacht (May, 2005)<br>Gnéithe den Oideachas Athchúrsach (García, 2011) agus den Oideachas Saibhriúcháin (May, 2005) chomh maith, áfach   |

Léirítear an-tuiscint sa scoil maidir le soláthar oideachais dhátheangaigh do phobail áitiúil ina bhfuil an comhdhéanamh sochtheangeolaíochta casta agus ag athrú go minic (Ó Duibhir et al., 2015). Tuigtear go bhfuil bearna mhór chumais idir an cainteoir dúchais T1 is fearr i Rang na Naíonán Sinsir agus an dalta le cumas íseal sa Ghaeilge i Rang na Naíonán Sóisir. Sa mheon traidisiúnta dhéanfadh múinteoirí an-iarracht tacaíocht a thabhairt don chainteoir T2 (an dalta le Béarla mar mháthairtheanga sa chomhthéacs seo), le cur ar a gcumas leas a bhaint as an gcuraclam sa rang. Déantar é sin sa scoil seo leis, ach comhthreomhar leis na hiarrachtaí sin leagtar an-bhéim ar shaibhriú Ghaeilge an chainteora dhúchais. Aithnítear go bhféadfadh sé a bheith ina míbhuntáiste don chainteoir T1 anois a bheith ag fáil a chuid oideachais i mbunscoil Ghaeltachta [ó thaobh sealbhú iomlán a dhéanamh ar an nGaeilge] agus cuirtear idirghabhála oideolaíochta agus bainistíochta i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste sin.

Tá go leor de thréithe an mhúnla oidhreacht (May, 2005) le sonrú sa scoil seo. Dírítear ar shealbhú saibhir a dhéanamh ar Ghaeilge nádúrtha an cheantair. Maidir leis na daltaí T2 is múnla suimíoch an tumoideachais oidhreacht atá á fháil ag na daltaí ina bhfuil siad 'tumtha' do thréimhse 18 mí ag tús a gcuid scolaíochta. Táthar ag súil go mbeidh daltaí T1 agus T2 in ann ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag deireadh a dtréimhse bhunscolaíochta. Maidir leis na cainteoirí T3 déantar forbairt ar a gcuid scileanna cumarsáide sa Ghaeilge (T1) agus sa Bhéarla (T2) ach ní thugtar aon tacaíocht dá máthairtheanga (T3: Polainnis agus Liotuáinis sa chás seo). Díríonn polasáí agus cleachtais na scoile ar na cainteoirí T1 agus T2 ach braitear sa scoil nach bhfuil sé de chumas faoi láthair freastail a dhéanamh ar dhaltaí T3.

## Focal Scoir

Níl aon amhras ach gur cheist chasta í an luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Is dúshlán mór é, gurb iad riachtanais na mBéarlóirí a thiomáineann an córas oideachais in Éirinn go minic, fiú sna ceantair oidhreachtas is láidre don Ghaeilge. Tuigtear go gcaithfí ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí Gaeilge sa Ghaeltacht. Tuigtear leis, go gcaithfear freastal iomlán éagsúil a chur ar fáil don chainteoir dúchais sa Ghaeltacht. Dúshlán ollmhór do mhúinteoirí bunscoile sa Ghaeltacht is ea an t-imeascadh seo de daltaí T1 agus T2. Maidir le moltaí dea-chleachtais a chur chun cinn bunaithe ar an obair ghort seo braithim go mba chóir trí ghné lárnacha a chur san áireamh. Ar dtús, caithfear riachtanais teanga agus oideachais na ndaltaí T1 agus T2 a aithint agus straitéis idirdhealaithe a chur i bhfeidhm mar chuid den soláthar oideachais. Is gá na daltaí T1 agus T2 a scaradh amach óna chéile do thréimhsí ar leith gach lá. Ba cheart go mbeadh ceachtanna laethúla saibhriúcháin ar siúl le daltaí T1 mar thacaíocht ar shealbhú iomlánaíoch na Gaeilge ina leagtar béim ar Ghaeilge dhúchasach an cheantair agus ar naisc a chothú le pobal agus oidhreacht an cheantair. Molaim gur cheart tréimhse tumoideachais iomláin a chur i bhfeidhm i scoileanna Gaeltachta, ina gcuirtear múineadh na mórtheanga siar go dtí Rang 1 chun sainspiorad láidir Gaeilge a chothú sa timpeallacht fhoghlama. Tá sé soiléir go mbraitheann feidhmiú na ndea-chleachtas sin, go dtí seo ar aon nós, ar thiomantas an phríomhoide don Ghaeilge agus ar shainchleachtais an mhúinteora ranga seachas ar mhúnla aontaithe, oifigiúil oideachais don Ghaeltacht ar fad. Caithfear scafall níos daingne a sholáthar don oideolaíocht ceannródaíoch seo áfach, tríd an bhforbairt leanúnach ghairmiúil don Churaclam Chomhtháite Teanga (2016), trí mholadh láidir ón Roinn Oideachais agus Scileanna an tréimhse tumoideachais a chur i bhfeidhm agus trí thacaíocht phraiticiúil i bhfoirm na gcúntóirí teanga a chur ar fáil go fairsing do gach scoil sa Ghaeltacht.

## Leabharliosta

### Leabhair

Cook, V.J., (2008) *Second language learning and language teaching* (4ú heag). Londain: Hodder Education

García, O., (2011) *Bilingual education in the 21st century: A global perspective*. John Wiley & Sons.

Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (eag.) (2012) *An chonair chaoch: An mionteangachas sa dátheangachas*. Gaillimh: LeabharBreac.

Mac Donnacha S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & Ní Mhainín, T., (2005) *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta: A study of Gaeltacht schools 2004*. Baile Átha Cliath: COGG.

Mac Donnacha, S., (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004: Léargas ó na Príomhoidí na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí*. Baile Átha Cliath: COGG.

Montrul, S.A., (2008) *Incomplete acquisition in bilingualism: Re-examining the age factor*. (Vol. 39). John Benjamins Publishing.

Ní Shéaghdha, A., (2010) *Taighde ar dhea-chleachtais bhunscoile i dtaca le saibhriú/sealbhú agus sóisialú teanga do dhaltáí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga*. Baile Átha Cliath: COGG.

Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L. & Ó Brolcháin, C., (2014) *Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta*. BÁC: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar fáil ag <https://www.education.ie/en/PressEvents/Events/>

Ó Flatharta, P., (2007) *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: COGG.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Chualáin, F. N., Shéaghdha, A. N., & O'Brien, M., (2007) *Comprehensive Linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: Principal Findings and Recommendations*. BÁC: DCRGA.

Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., & Sheahan, J., (2014) *Iniúchadh ar an gcumas dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: COGG.

Valdés, G., (2011) *Dual-language immersion programs: A cautionary note concerning the education of language minority students*. *Research and Practice in Immersion Education*.

## **Ailt**

Coady, M., & Ó Laoire, M., (2002) 'Mismatches in policy and practice: The case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland.' *Language Policy: An International Journal*, 1(2), 143-58.

- Cummins, J., & Swain, M., (1986) 'Linguistic interdependence: A central principle of bilingual education.' *Bilingualism in education, Aspects of theory, research and practice*. 80-95. Londain: Longman.
- Hickey, T., (2001) 'Mixing beginners and native speakers in minority language immersion: Who is immersing whom?' *Canadian Modern Language Review/La Revue Canadienne Des Langues Vivantes*, 57(3), 443-74.
- May, S., (2005) 'Bilingual / Immersion Education in Aotearoa / New Zealand: Setting the Context.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 8(5), 365-76.
- Ó hIfearnáin, T., (2007) 'Raising children to be bilingual in the Gaeltacht: Language preference and practice.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10(4), 510-28.
- Romaine, S., (2007) 'Preserving endangered languages.' *Language and Linguistics Compass*, 1(1-2), 115-32.

## **Tuairiscí agus Doiciméid Polasaí**

- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015a) 'Soláthar Scoile i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta – Soláthar Reatha agus Éileamh Amach Anseo' [www.education.ie](http://www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015b) 'Athbhreithniú ar an Oideachas sa Ghaeltacht: Athbhreithniú ar an Litríocht Náisiúnta' [www.education.ie](http://www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015c) 'Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta' [www.education.ie](http://www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015d) Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais trí mheán na Gaeilge i Scoileanna Gaeltachta: Cás-Staidéir Bunscoile agus Iarbhunscoile [www.education.ie](http://www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015e) 'Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta' [www.education.ie](http://www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1998) *Acht Oideachais*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (1999) *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge*. Ar fáil ag: [http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Primary\\_Gaeilge\\_Curriculum.pdf](http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Primary_Gaeilge_Curriculum.pdf)





## Athastriú Achta ó Bhlianta Tosaigh an Stáit

*Eoin Ó Droighneáin*

<https://doi.org/10.13025/dke2-km31>

### Réamhrá

San alt seo féachtar le scrúdú achomair a dhéanamh ar dhá leagan Gaeilge d'Acht de chuid an Oireachtais – an Tiontú Oifigiúil den *Spanish Civil War (Non-Intervention) Act, 1937* faoi mar a foilsíodh é beagnach ceithre scór bliain ó shin ar lámh amháin, agus ar an lámh eile aistriúchán comhaimseartha atá bunaithe ar na tuiscintí is déanaí ar an gCaighdeán Oifigiúil agus ar nósmhaireachtaí aistriúcháin reatha Rannóg an Aistriúcháin, Oifig Thithe an Oireachtais. Déanfar tráchtareacht ar chúig cinn déag de na pointí aistriúcháin agus teanga is spéisiúla a thagann chun cinn nuair a scrúdaítear an dá spriothéacs agus tabharfar spleachadh ar líon beag de na hathruithe atá tagtha ar an nGaeilge oifigiúil a úsáidtear in Achtanna an Oireachtais ó bhlianta tosaigh an Stáit go dtí ár linn féin. Tabharfar cuntas achomair staire freisin ar ghnéithe de na cúinsí polaitíochta a bhain le hachtú an phársa reachtaíochta atá faoi chaibidil.

### Cúlra an Achta

Bhí Cogadh Cathartha na Spáinne ar cheann de na cogá ab fhuiltí san Eoraip san fhichiú céad lasmuigh den dá chogadh dhomhanda féin. Cuireadh tús leis i mí Iúil nuair a thug oifigh shinsearacha i bhfórsaí míleata na Spáinne faoi cheannairc agus iad ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar rialtas na tíre; bhí súil acu *coup d'état* a chur i gcrích lena mbainfí ceannas na tíre go léir den rialtas den eite chlé a bhí i réim ó thús na bliana sin. Níor éirigh leis an gceannairc, áfach, ach i gcodanna faoi leith den tír, agus d'éirigh leis an rialtas poblachtach greim a choinneáil i dtús aimsire ar an dá chathair ba mhó – Maidrid agus Barcelona – mar aon le dhá thrian de chríoch na tíre trí chéile; bhí an Spáinn roinnte ar bhonn tíreolaíochta agus míleata, anuas ar an deighilt pholaitiúil a bhí sa tír idir poblachtaigh den eite chlé agus náisiúnaigh den eite dheis (Lannon, 2002: 26).

Ó thaobh pholaitíocht na hEorpa trí chéile de, tharla Cogadh Cathartha na Spáinne i gcomhthéacs na coimhlinte móire a bhí ar bun san Eoraip idir an Cumannachas agus an Frith-Chumannachas ó Réabhlóid na Rúise i 1917 i leith (Preston, 1996: 98). Tháinig polasaí neamh-idirghabhála chun cinn i measc na gcumhachtaí móra faoi fhómhar na bliana 1936 agus an dóchas i measc cuid acu go dtiocfadh deireadh leis an gcogadh dá gcuirfí neamh-idirghabháil dhocht i bhfeidhm agus gan teacht a bheith ag ceachtar taobh sa chogadh ar airm ná ar armlón (Preston, 1996: 100). Faoi dheireadh mhí Lúnasa 1936 bhí an Comhaontú um Neamh-Idirghabháil sa Spáinn sínithe ag gach uile stát san Eoraip seachas an Eilvéis, a raibh a neodracht leagtha amach ina bunrecht (Casanova, 2013: 84). Ghlac Rialtas Shaorstát Éireann, faoi cheannas Éamoin de Valera, leis an gComhaontú ar an 26 Lúnasa 1936 (McGarry, 1999: 211).

Cuireadh cuid mhór spéise in imeachtaí na Spáinne in Éirinn agus faoi thionchar na hEaglaise Caitlicí músclaíodh a lán tacaíochta i measc an phobail do chúis na náisiúnach a bhí faoi cheannas an Ghinearáil Franco. Faoi fhómhar na bliana 1936 bhí iarrachtaí ar bun buíon fear a chur le chéile a rachadh ag troid ar son na náisiúnach sa Spáinn faoi cheannas an Ghinearáil Eoin O'Duffy; 'an Bhriogáid Éireannach' a tugadh ar an mbuíon sin agus roimh dheireadh 1936 chuaigh 700 fear go dtí an Spáinn chun troda faoi cheannas O'Duffy (McGarry, 1999: 29). Bhí méid áirithe tacaíochta in Éirinn freisin do rialtas poblachtach na Spáinne, go mór mór sna cathracha agus sna bailte móra, agus i gContae Dhún na nGall, agus meastar go ndeachaigh thart faoi 200 Éireannach chun troda sa Bhriogáid Idirnáisiúnta sa tréimhse chéanna ar son an rialtais phoblachtaigh (McGarry, 1999: 56).

Ainneoin go raibh a lán brú ag teacht ón bpobal agus ón aos polaitíochta go dtarraingeodh an Saorstát siar a aitheantas do rialtas poblachtach na Spáinne, chloígh de Valera leis an bpolasaí neamh-idirghabhála agus ritheadh an tAcht i dtaobh Cogaidh Chathartha na Spáinne (Neamh-Eadarghabháil), 1937 ar an 24 Feabhra 1937 agus d'aidhm leis toirmeasc a chur ar earcaíocht Éireannach agus ar ghluaiseacht Éireannach le páirt a ghlacadh sa chogadh (McGarry, 1999: 214). Faoi mar a thit amach, tháinig maolú mór ar an éileamh ón Spáinn ar óglaigh as Éirinn ag tús 1937, agus níor ghá forálacha na reachtaíochta a chur i bhfeidhm go han-docht (McGarry, 1999: 215). Lean Cogadh Cathartha na Spáinne ar aghaidh go dtí an 1 Aibreán 1939; ghéill an t-arm poblachtach ar fad d'fhórsaí Franco an lá sin tar éis do na náisiúnaigh Maidrid a ghabháil cúpla lá roimhe sin (Casanova, 2013: 19).

## Cur chuige don aistriúchán

D'fhonn comparáid fhiúntach a dhéanamh idir an dá théacs aistrithe, beartaíodh an *Spanish Civil War (Non-Intervention) Act, 1937 (01/1937)* a aistriú as an nua ar fad, gan aird ar bith a thabhairt ar Thiontú Oifigiúil 1937. Baineadh úsáid as [www.achtanna.ie](http://www.achtanna.ie) mar phríomhfhoinsé chun fasaigh Ghaeilge sa reachtaíocht a aimsiú agus rinneadh an t-aistriúchán sa bhogearra *memoQ Translator Pro*; seachnaíodh fasaigh ó 01/1937 féin, ar ndóigh, agus an t-aistriúchán ar siúl. De ghrá na soiléireachta, tá na trí théacs – buntéacs Béarla an Achta, an Tiontú



Oifigiúil (1937), agus an tiontú nua a ullmhaíodh de réir nósmaireachtaí 2016 – leagtha amach le taobh a chéile i dtábla. Na fasaigh ar baineadh úsáid astu chun an tiontú nua a chur i dtoll a chéile, tá tagairtí dóibh leagtha amach in iarnótaí agus tá líne curtha faoin gcuid sin den bhuntéacs Béarla a seasann gach tagairt dó.

## Buntéacs Béarla an Achta, an Tiontú Oifigiúil (1937), agus an Tiontú de réir na Nósmaireachtaí Reatha

| Buntéacs Béarla an Achta  | An Tiontú Oifigiúil (1937)   | Tiontú de réir na Nósmaireachtaí Reatha  | Nóta tráchta ina bpléitear pointe spéise |
|---|--|--|--|
| <i>Number 1 of 1937.</i><br><b>SPANISH CIVIL WAR (NON-INTERVENTION) ACT, 1937.</b>  | <i>Uimhir 1 de 1937.</i><br><b>ACHT I dTAOBH COGADH CHATHARDHA NA SPÁINNE (NEAMH-EADARGHABHÁIL), 1937.</b>   | <i>Uimhir 1 de 1937.</i><br><b>AN tACHT UM CHOĞADH CATHARTHA NA SPÁINNE (NEAMH-IDIRGHABHÁIL), 1937</b>   | Nóta tráchta 1                           |
| AN ACT TO CARRY INTO EXECUTION THE INTERNATIONAL OBLIGATIONS OF SAORSTÁT EIREANN IN RELATION TO THE CIVIL WAR NOW BEING WAGED IN SPAIN, AND TO MAKE SUCH PROVISIONS AS ARE NECESSARY OR EXPEDIENT <sup>1</sup> FOR THAT PURPOSE, AND IN PARTICULAR TO PROHIBIT <sup>2</sup> CITIZENS OF SAORSTÁT EIREANN FROM PARTICIPATING IN THAT WAR. [24th February, 1937.]   | ACHT CHUN NA nOBLAGÁIDÍ EADARNÁISIÚNTA, ATÁ AR SHAORSTÁT ÉIREANN MAIDIR LEIS AN gCOGADH CATHARDHA ATÁ A DHÉANAMH FÉ LÁTHAIR SA SPÁINN, DO CHUR I bhFEIDHM, AGUS CHUN PÉ SOCRUITHE DO DHÉANAMH IS GÁ NO IS OIRIÚNACH CHUIGE SIN, AGUS GO SONNRÁCH CHUN A THOIRMEASC AR SHAORÁNAIGH DE SHAORSTÁT ÉIREANN PÁIRT DO GHABHÁIL SA CHOĞADH SAN. [24adh Feabhra, 1937.]  | ACHT D'FHORGHNIOMHÚ NA nOIBLEAGÁIDÍ IDIRNÁISIÚNTA ATÁ AR SHAORSTÁT ÉIREANN I nDÁIL LEIS AN gCOGADH CATHARTHA ATÁ Á FHEARADH FAOI LÁTHAIR SA SPÁINN, AGUS DO DHÉANAMH CIBÉ FORÁLACHA IS GÁ NÓ IS FÓIRSTEANACH CHUN NA CRÍCHE SIN, AGUS GO hÁIRITHE DO THOIRMEASC AR SHAORÁNAIGH DE SHAORSTÁT ÉIREANN PÁIRT A GHLACADH SA CHOĞADH SIN. [24 Feabhra 1937.]  | Nóta tráchta 2                           |
| BE IT ENACTED BY THE OIREACHTAS OF SAORSTÁT EIREANN AS FOLLOWS:—  | ACHTUIGHEADH OIREACHTAS SHAORSTÁIT ÉIREANN MAR LEANAS:—  | ACHTÁITEAR AG OIREACHTAS SHAORSTÁT ÉIREANN MAR A LEANAS:—  | Nóta tráchta 3                           |
| Short title   | Gearr-theideal.  | Gearrtheideal.   |  |
| <b>1.</b> —This Act may be cited as the Spanish Civil War (Non-Intervention) Act, 1937.   | <b>1.</b> —Féadfar an tAcht i dtaobh Cogaidh Chathardha na Spáinne (Neamh-Eadarghabháil), 1937, do ghairm den Acht so.   | <b>1.</b> —Féadfar an tAcht um Chogadh Cathartha na Spáinne (Neamh-Idirghabháil), 1937 a ghairm den Acht seo.  |  |
| Commencement and duration.  | Tosach feidhme agus ré.  | Tosach feidhme agus ré.  |  |
| <b>2.</b> —(1) This Act shall come into operation on such day as the Executive Council shall by order appoint for that purpose, and shall (unless continued under the next following sub-section of this section) expire at the expiration of <sup>3</sup> six months from that day.  | <b>2.</b> —(1) Tiofaidh an tAcht so i ngníomh pé lá cheapfaidh an Ard-Chomhairle le hordú chuige sin, agus (mara gcoimeádtar i bhfeidhm é féin gcéad fho-alt ina dhiaidh seo den alt so) ragha sé in éag i gcionn sé mhí ón lá san.  | <b>2.</b> —(1) Tiofaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an Ard-Chomhairle le hordú chun na críche sin, agus rachaidh sé in éag (mura mbuanófar é faoin gcéad fho-alt eile den alt seo) nuair a bheidh sé mhí ón dáta sin caite.  | Nóta tráchta 4                           |
| (2) So long as this Act is in force <sup>4</sup> , the Executive Council may, whenever and so often as they think proper <sup>5</sup> , by order continue this Act in force for such time (not exceeding six months from the date on which it would otherwise <sup>6</sup> expire) as they shall think proper and shall specify in such order and, whenever any such order is made by the Executive Council, this Act shall continue in force <sup>7</sup> in accordance with such order and shall (unless further continued under this sub-section) then expire. | (2) Faid a bheidh an tAcht so i bhfeidhm, féadfaidh an Ard-Chomhairle, pé uair agus chó minic agus is dóich leo san do bheith ceart, an tAcht so do choimeád i bhfeidhm le hordú ar feadh pé aimsire (nach sia ná sé mhí ón dáta ar a raghadh sé in éag mara mbeadh san) is dóich leo is ceart agus a luadhfaid san ordú san agus, pé uair a dhéanfaidh an Ard-Chomhairle aon ordú den tsórt san, leanfaidh an tAcht so i bhfeidhm do réir an orduithe sin agus (mara gcoimeádtar i bhfeidhm níos sia é féin bhfo-alt so) ragha sé in éag ansan. | (2) Fad a bheidh an tAcht seo i bhfeidhm, féadfaidh an Ard-Chomhairle, aon uair agus a mhinice is cuí léi, le hordú leanúint den Acht seo a bheith i bhfeidhm aici ar feadh cibé tréimhse (nach faide ná sé mhí ón dáta a rachadh sé in éag murach sin) is cuí léi agus a shonróidh sí san ordú sin agus, aon uair a dhéanfaidh an Ard-Chomhairle aon ordú den sórt sin, leanfaidh an tAcht seo de bheith i bhfeidhm de réir an ordaithe sin agus rachaidh sé (mura gcuirfear fad lena thréimhse feidhme faoin bhfo-alt seo) in éag ansin. | Nóta tráchta 5                           |

|  |  |   |                |
|--|--|---|----------------|
| (3) If the Executive Council do not, <u>within one year after the passing of this Act</u> <sup>8</sup> , appoint <u>the day on which</u> <sup>9</sup> this Act is to come into operation, this Act shall expire at the expiration of one year from the passing of this Act.  | (3) Mara ndeinidh an Ard-Chomhairle, fé cheann bliana tar éis an Achta so do rith, an lá ar a dtiocfaidh an tAcht so i ngníomh do cheapadh, raghaidh an tAcht so in éag i gciinn bliana o dháta an Achta so do rith.   | (3) Mura ndéanfaidh an Ard-Chomhairle, laistigh de bhliain amháin tar éis an tAcht seo a rith, lá a thiocfaidh an tAcht seo i ngníomh a cheapadh, rachaidh an tAcht seo in éag nuair a bheidh bliain amháin caite ón Acht seo a rith.   |                |
| (4) <u>Notwithstanding anything contained in this section</u> <sup>10</sup> , a person may be arrested and <u>tried</u> <sup>11</sup> and, if convicted, <u>may be punished</u> <sup>12</sup> under this Act after the expiration thereof for an offence under any section of this Act committed or alleged to have been <u>committed</u> <sup>13</sup> by him while this Act was in force.  | (4) D'ainneoin éiníní atá san alt so, féadfar duine do ghabháil agus do thriail agus, má ciontuítear é, féadfar é do phionósú fén Acht so, tar éis an Achta so do dhul in éag, mar gheall ar chionta fé aon alt den Acht so do rinne sé no deirtear do rinne sé faid a bhí an tAcht so i bhfeidhm.   | (4) D'ainneoin aon ní san alt seo, féadfar duine a ghabháil agus a thriail agus, má chiontaítear é nó í, féadfar é nó í a phionósú faoin Acht seo tar éis dhul in éag an chéanna i leith cion faoi aon alt den Acht seo a rinne sé nó sí nó a líomhnaítear a rinne sé nó sí le linn don Acht seo a bheith i bhfeidhm.   |                |
| Definitions.   | Mínithe.   | Mínithe.  |                |
| <b>3.</b> —In this Act—  | <b>3.</b> —San Acht so—  | <b>3.</b> —San Acht seo—  |                |
| <u>the expression</u> <sup>14</sup> “ <i>the war</i> ” means the civil war which is being waged in Spain <u>at the passing of this Act</u> <sup>15</sup> ;   | cialluíonn an abairt “an cogadh” an cogadh cathardha atá á dhéanamh sa Spáinn le linn an Achta so do rith;   | ciallaíonn an abairt “an cogadh” an cogadh cathartha atá á fhearadh sa Spáinn tráth rite an Achta seo;  |                |
| the word “ <i>belligerent</i> ” <sup>16</sup> means one of the governments or organisations <u>in the nature of</u> <sup>17</sup> governments between whom the war is being waged;   | cialluíonn an focal “cogaidheach” ceann de sna rialtaisí nó de sna có-ghléasanna i bhfuirm rialtas gur eatortha atá an cogadh á dhéanamh;  | ciallaíonn an focal “cogaíoch” ceann de na rialtaisí nó na heagraíochtaí de chineál rialtas a bhfuil an cogadh á fhearadh eatarthu;   |                |
| the expression “ <i>military forces</i> ” <sup>18</sup> includes all combatant forces whether fighting <u>on land</u> <sup>19</sup> <u>on the sea</u> <sup>20</sup> or in the air, and includes also all services and organisations which, though not <u>actually</u> <sup>21</sup> combatant, render necessary or <u>ancillary</u> <sup>22</sup> services to the combatant forces or any part of the combatant forces, but does not include any <u>body of persons</u> <sup>23</sup> in respect of which the Minister for Justice has issued under this Act a certificate that such body of persons is a Red Cross unit for the purposes of this Act. | foluíonn an abairt “fórsaí míleata” na fórsaí cogúla uile pe’ca ar talamh no ar muir no san aer atáid ag troid, agus foluíonn freisin gach seirbhís agus có-ghléasadh thugann, cé ná fuilid ag troid, seirbhísí riachtanacha no fo-sheirbhísí do sna fórsaí cogúla no d’aon chuid de sna fórsaí cogúla, ach ní fholuíonn sí aon chólucht daoine go mbeidh deimhniú tugtha amach fén Acht so ag an Aire Dlí agus Cirt ina dtaobh á dheimhniú gur aonad den Chrois Dheirg chun crícheanna an Achta so an cólucht daoine sin. | folaíonn an abairt “fórsaí míleata” na fórsaí comhraic go léir, bídis ag troid ar talamh, ar an bhfarraige, nó san aer, agus foluíonn sé freisin na seirbhísí agus na heagraíochtaí go léir a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha nó coimhdeacha do na fórsaí comhraic nó d’aon chuid de na fórsaí comhraic, ach ní fholuíonn sé aon chomhlacht daoine a bhfuil deimhniú eisithe ag an Aire Dlí agus Cirt ina leith faoin Acht seo gur aonad den Chros Dhearg an comhlacht daoine sin chun críocha an Achta seo. | Nóta tráchta 6 |
| Certification of Red Cross units.  | Aonaid den Chrois Dheirg do dheimhniú.   | Aonaid den Chros Dhearg a dheimhniú.  |                |
| <b>4.</b> —Whenever <sup>24</sup> the Minister for Justice is satisfied in respect of a body of persons (in this section referred to as <sup>25</sup> a unit) <u>serving</u> <sup>26</sup> or proposing or <u>intending</u> <sup>27</sup> to serve with the military forces of a belligerent—  | <b>4.</b> —Pé uair is deimhin leis an Aire Dlí agus Cirt maidir le cólucht daoine (dá ngairtear aonad san alt so) bheidh ag fónamh no bheartóidh no bheidh ar intinn bheith ag fónamh i dteanta fórsaí míleata cogaidh—  | <b>4.</b> —Aon uair is deimhin leis an Aire Dlí agus Cirt maidir le comhlacht daoine (dá ngairtear “aonad” san alt seo) atá ag fónamh nó a bhfuil sé beartaithe nó ar intinn aige fónamh le fórsaí míleata cogaigh—   |                |
| (a) that such unit is organised by or is working under the auspices of a society or organisation (whether established in Saorstát Éireann or in another country) <u>having as its object or one of its objects</u> <sup>28</sup> <u>the furnishing of volunteer aid to the sick and wounded of armies in time of war</u> <sup>29</sup> and   | (a) an t-aonad san do bheith có-ghléasta ag cumann no cóghléasadh no do bheith ag obair fé choimirce chumainn no chó-ghléasta (pe’ca bunuithe i Saorstát Éireann no i dtír eile dhó) gurb é a chuspóir no ceann dá chuspóirí cabhair shaoirseánach do thabhairt d’othair agus do chréachtaigh arm in aimsir chogaidh, agus   | (a) go bhfuil an t-aonad sin á eagrú ag cumann nó ag eagraíocht (bíodh an cumann nó an eagraíocht sin bunaithe i Saorstát Éireann nó i dtír eile) agus arb é an cuspóir atá leis, nó ar ceann dá chuspóirí, cabhair shaorálach a thabhairt do na comhaltaí tinne agus gonta d’airm le linn cogaidh, agus  | Nóta tráchta 6 |

|  |  |   |                 |
|--|--|---|-----------------|
| <p>(b) that such unit is in or <u>proceeding to</u><sup>30</sup> or proposes or intends to proceed to Spain or any Spanish territory <u>solely for the purpose of</u><sup>31</sup> furnishing volunteer aid to the sick and wounded of the military forces of the belligerents and rendering other <u>humanitarian</u><sup>32</sup> services to the members of those forces, and</p>   | <p>(b) go bhfuil an t-aonad san sa Spáinn no in aon chrích Spáinnigh no ag dul no ag beartú dul no ar intinn dul chun na tíre no na críche sin chun cabhair shaoirseánach do thabhairt d'othair agus do chréachtaigh fórsaí míleata na gcogaidheach agus seirbhísí daoncharadais eile do thabhairt do bhaill na bhfórsaí sin agus chuige sin amháin, agus</p>  | <p>(b) go bhfuil an t-aonad sin sa Spáinn nó in aon chríoch de chuid na Spáinne nó ag dul go dtí an céanna nó go bhfuil sé beartaithe nó ar intinn aige dul go dtí an céanna d'aon toisc chun cabhair shaorálach a thabhairt do chomhaltaí tinne agus gonta fhórsaí míleata na gcogaíoch agus chun seirbhísí daonchairdiúla eile a thabhairt do chomhaltaí na bhfórsaí sin, agus</p>  | Nóta tráchta 7  |
| <p>(c) that the members of such unit will not take any combatant part in the war or render any combatant service to either belligerent,</p>  | <p>(c) ná déanfaidh baill an aonaid sin aon pháirt chogúil do thógaint sa chogadh ná aon tseirbhís chogúil do thabhairt do cheachtar cogaidheach,</p>  | <p>(c) nach nglacfaidh comhaltaí an aonaid sin aon pháirt chomhraic sa chogadh ná nach dtabharfaidh siad aon seirbhís chomhraic do cheachtar cogaióch,</p>  | Nóta tráchta 6  |
| <p><u>the said Minister</u><sup>33</sup> may issue to<sup>34</sup> the society or organisation by which such unit is organised or <u>under the auspices of</u><sup>35</sup> which such unit is working a <u>certificate sealed with the official seal of the said Minister</u><sup>36</sup> certifying that<sup>37</sup> such unit is a Red Cross unit for the purposes of this Act.</p>   | <p>féadfaidh an tAire sin deimhniú do thabhairt don chumann no don chó-ghléasadh do chó-ghléas an t-aonad san no gur fé n-a choimirce atá an t-aonad san ag obair, deimhniú bheidh séaluithe le séala oifigiúil an Aire sin á dheimhniú gur aonad den Chrois Dheirg an t-aonad san chun chrícheanna an Achta so.</p>   | <p>féadfaidh an tAire sin deimhniú arna shéalú le séala oifigiúil an Aire a eisiúint don chumann nó don eagraíocht a bhfuil an t-aonad sin á eagrú aige nó aici nó a bhfuil an t-aonad sin ag oibriú faoina choimirce nó faoina coimirce, ar deimhniú é gur aonad den Chros Dhearg an t-aonad sin chun críche an Achta seo.</p>   | Nóta tráchta 8  |
| <p><u>Prohibition of</u><sup>38</sup> service in the military forces of a belligerent.</p>   | <p>Toirmeasc ar fónamh i bhfórsaí míleata cogaidhigh.</p>  | <p>Toirmeasc le seirbhís i bhfórsaí míleata cogaióch.</p>   |                 |
| <p><b>5. —(1) It shall not be lawful—</b><sup>39</sup></p>   | <p><b>5. —(1) Ní bheidh sé dleathach—</b></p>  | <p><b>5. —(1) Ní dleathach—</b></p>   | Nóta tráchta 9  |
| <p>(a) for any person <u>who is a citizen of Saorstát Éireann</u><sup>40</sup> and is not, at the passing of this Act, a member of the military forces of a belligerent to <u>accept</u><sup>41</sup> or to obtain or attempt to obtain any commission or <u>engagement in</u><sup>42</sup> or otherwise to <u>join</u><sup>43</sup> or become a member of or attempt to join or become a member of the military forces of a belligerent, or</p> | <p>(a) do dhuine ar bith is saoránach de Shaorstát Éireann agus ná fuil, le linn an Achta so do rith, ina bhall d'fhórsaí míleata cogaidhigh aon choimisiún no fostú do ghlacadh ná d'fháil ná iarracht a dhéanamh ar é fháil i bhfórsaí míleata cogaidhigh ná dul ionta ná teacht chun bheith ina bhall díobh ná iarracht a dhéanamh ar dhul ionta no ar theacht chun bheith ina bhall díobh ar shlí eile, ná</p> | <p>(a) d'aon duine is saoránach de Shaorstát Éireann agus nach comhalta, tráth rite an Achta seo, d'fhórsaí míleata cogaióch glacadh le haon choimisiún nó fruilíocht i bhfórsaí míleata cogaióch nó an céanna a fháil ná féachaint leis an gcéanna a fháil ná ní dleathach dó nó di ar shlí eile dul isteach i bhfórsaí míleata cogaióch nó a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhórsaí míleata cogaióch nó féachaint le dul isteach i bhfórsaí míleata cogaióch nó a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhórsaí míleata cogaióch, ná</p> | Nóta tráchta 10 |
| <p>(b) for any person to <u>induce or attempt to induce</u><sup>44</sup> persons generally or any particular person to serve in or accept any commission or engagement in the military forces of a belligerent, or</p>   | <p>(b) do dhuine ar bith a thabhairt ná iarracht a dhéanamh ar a thabhairt ar dhaoine i gcoitinne no ar aon duine áirithe fónamh i bhfórsaí míleata cogaidhigh no aon choimisiún no fostú do ghlacadh sa chéanna, ná</p>   | <p>(b) d'aon duine daoine i gcoitinne nó aon duine áirithe a aslú ná féachaint le daoine i gcoitinne nó aon duine áirithe a aslú chun fónamh i bhfórsaí míleata cogaióch nó glacadh le coimisiún nó le fruilíocht sa chéanna, ná</p>  |                 |
| <p>(c) for any person to <u>aid or abet</u><sup>45</sup> a citizen of Saorstát Éireann in <u>obtaining</u><sup>46</sup> or <u>attempting</u><sup>47</sup> to obtain a commission or engagement in or otherwise joining or becoming a member of or attempting to <u>join</u><sup>48</sup> or <u>become</u><sup>49</sup> a member of the military forces of a belligerent, or</p>  | <p>(c) do dhuine ar bith cabhrú no neartú le saoránach de Shaorstát Éireann chun coimisiún no fostú d'fháil no chun iarracht a dhéanamh ar é fháil i bhfórsaí míleata cogaidhigh no chun dul ionta no chun teacht chun bheith ina bhall díobh no chun iarracht a dhéanamh ar dhul ionta no ar theacht chun bheith ina bhall díobh ar shlí eile, ná</p>   | <p>(c) d'aon duine cabhrú nó neartú le saoránach de Shaorstát Éireann coimisiún nó fruilíocht a fháil nó féachaint leis an gcéanna a fháil i bhfórsaí míleata cogaióch nó ar shlí eile dul isteach i bhfórsaí míleata cogaióch nó a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhórsaí míleata cogaióch nó féachaint le dul isteach i bhfórsaí míleata cogaióch nó a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhórsaí míleata cogaióch, ná</p>  | Nóta tráchta 11 |

|  |   |   |                        |
|--|---|---|------------------------|
| <p>(d) for any person to organise, aid, or abet the <u>departure from</u><sup>50</sup> Saorstát Éireann of persons departing from Saorstát Éireann for the purpose of serving in the military forces of a belligerent, whether such persons have or have not accepted or been offered a commission or engagement in or joined or become a member of such forces.</p>   | <p>(d) do dhuine ar bith imeacht daoine as Saorstát Éireann, is daoine bheidh ag imeacht as Saorstát Éireann chun fónamh i bhfórsaí míleata cogaidhigh, do chur ar siúl ná cabhrú ná neartú leis, pe'ca ghlac na daoine sin coimisiún no fostú sna fórsaí sin no nár ghlac no tairgeadh san dóibh no nár tairgeadh no chuardar ionta no ná deachadar no thánadar chun bheith ina bhall díobh no nár thánadar.</p>   | <p>(d) d'aon duine imeacht daoine ó Shaorstát Éireann a eagrú, ná cabhrú ná neartú le himeacht daoine ó Shaorstát Éireann, ar daoine iad atá ag imeacht ó Shaorstát Éireann chun fónamh i bhfórsaí míleata cogaigh, cibé acu atá nó nach bhfuil na daoine sin tar éis glacadh le coimisiún nó le fruiliocht sna fórsaí sin nó atá nó nach bhfuil an céanna tairgthe dóibh nó atá nó nach bhfuil na daoine sin tar éis dul isteach sna fórsaí sin nó teacht chun bheith ina gcomhaltaí de na fórsaí sin.</p>   |                        |
| <p>(2) <u>Every person who does any act (whether of commission or omission) which is a contravention of this section shall be guilty of an offence under this section.</u><sup>51</sup></p>  | <p>(2) Gach duine dhéanfaidh éinní (tré gníomh no tré fhaillí) is sárú ar an alt so beidh sé ciontach i gcionta fén alt so.</p>   | <p>(2) Gach duine a dhéanfaidh aon ghníomh (cibé acu trí ghníomh nó trí neamhghníomh) de shárú ar an alt seo beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.</p>   |                        |
| <p><u>Restriction on</u><sup>52</sup> the departure of citizens to Spain.</p>  | <p>Srian le saoránaigh d'imeacht go dtí an Spáinn.</p>  | <p>Srian le himeacht saoránach go dtí an Spáinn.</p>  |                        |
| <p><b>6.</b>—(1) It shall not be lawful for any person who is a citizen of Saorstát Éireann to depart or attempt to depart from Saorstát Éireann for the purpose of proceeding to Spain or to any Spanish territory or to go from any place in Saorstát Éireann to any other place in Saorstát Éireann for the purpose of so departing from Saorstát Éireann, unless such person holds a passport <u>issued to</u><sup>53</sup> him by the Minister for External Affairs and <u>bearing an endorsement</u><sup>54</sup> lawfully made thereon on or after the 1st day of January, 1937, declaring such passport to be valid for Spain and Spanish territory.</p> | <p><b>6.</b>—(1) Ní bheidh sé dleathach do dhuine ar bith is saoránach de Shaorstát Éireann imeacht ná iarracht a dhéanamh ar imeacht as Saorstát Éireann chun dul go dtí an Spáinn no go dtí aon chríoch Spáinneach ná dul o aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann chun imeacht as Saorstát Éireann amhlaidh mara mbeidh pas ag an duine sin do thug an tAire Gnóthaí Coigríche amach dó agus ar a mbeidh cúl-scríbhinn, do cuireadh air go dleathach an tadh lá d'Eanáir, 1937, no dá éis sin, á dhearbhu an pas san do bheith dleathach don Spáinn agus do chríocha Spáinneacha.</p> | <p><b>6.</b>—(1) Ní ceadmhach d'aon duine is saoránach de Shaorstát Éireann imeacht nó féachaint le himeacht ó Shaorstát Éireann chun gabháil ar aghaidh go dtí an Spáinn nó aon chríoch de chuid na Spáinne nó gabháil ó aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann chun imeacht amhlaidh ó Shaorstát Éireann, mura mbeidh i seilbh an duine sin pas arna eisiúint chuige nó chuici ag an Aire Gnóthaí Eachtracha agus ar a mbeidh formhuiniú, a rinneadh go dleathach an tadh lá d'Eanáir 1937 nó dá éis, á dhearbhu go bhfuil an pas sin bailí le haghaidh na Spáinne agus chríocha na Spáinne.</p> | <p>Nóta tráchta 12</p> |
| <p>(2) Every person who, in contravention of this section, departs or attempts to depart from Saorstát Éireann or goes from a place in Saorstát Éireann to another place in Saorstát Éireann shall be guilty of an offence under this section.</p>   | <p>(2) Gach duine imeoidh no dhéanfaidh iarracht ar imeacht as Saorstát Éireann, no raghaidh o áit i Saorstát Éireann go háit eile i Saorstát Éireann, contrárdha don alt so, beidh sé ciontach i gcionta fén alt so.</p>   | <p>(2) Gach duine a imíonn nó a fhéachann le himeacht ó Shaorstát Éireann nó a théann ó aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann, de shárú ar an alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.</p>   |                        |
| <p>Restriction on the departure to Spain of nationals of certain countries.</p>  | <p>Srian le náisiúnaigh de thíortha áirithe d'imeacht go dtí an Spáinn.</p>   | <p>Srian le himeacht náisiúnach ó thíortha áirithe go dtí an Spáinn.</p>  |                        |
| <p><b>7.</b>—(1) The Executive Council may, <u>from time to time as occasion requires</u>,<sup>55</sup> by order appoint the countries <u>to which this section applies</u>.<sup>56</sup></p>  | <p><b>7.</b>—(1) Féadfaidh an Ard-Chomhairle le hordú, o am go ham fé mar is gá é, na tíortha le n-a mbainfidh an t-alt so do cheapadh.</p>   | <p><b>7.</b>—(1) Féadfaidh an Ard-Chomhairle, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, le hordú, na tíortha lena mbaineann an t-alt seo a cheapadh.</p>   |                        |

|   |  |  |                        |
|---|--|--|------------------------|
| <p>(2) It shall not be lawful for any person who is a national of a country which is for the time being appointed by the Executive Council as a country to which this section applies to depart or attempt to depart from Saorstát Éireann for the purpose of proceeding to Spain or to any Spanish territory or to go from any place in Saorstát Éireann to any other place in Saorstát Éireann for the purpose of so departing from Saorstát Éireann, unless such person is the holder of a passport issued to him by <u>the proper authority of the country</u><sup>57</sup> of which he is a national and bearing an endorsement made thereon on or after the 1st day of January, 1937, by a <u>lawful authority</u><sup>58</sup> of such country, declaring such passport to be valid for Spain and Spanish territory.</p> | <p>(2) Ní bheidh sé dleathach do dhuine ar bith is náisiúnach de thír a bheidh ceaptha de thuras na huaire ag an Ard-Chomhairle mar thír le n-a mbaineann an t-alt so imeacht ná iarracht a dhéanamh ar imeacht as Saorstát Éireann chun dul go dtí an Spáinn no go dtí aon chríoch Spáinneach ná dul o aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann chun imeacht as Saorstát Éireann amhlaidh, mara mbeidh pas ag an duine sin do thug ceart-údarás na tíre gur náisiúnach de é amach dó agus ar a mbeidh cúl-scríbhinn do chuir údarás dleathach den tír sin air an 1adh lá d'Eanáir, 1937, no dá éis sin, á dhearbhu an pas san do bheith dleathach don Spáinn agus do chríocha Spáinneacha.</p> | <p>(2) Aon duine is náisiúnach de thír atá de thuras na huaire ceaptha ag an Ard-Chomhairle mar thír lena mbaineann an t-alt seo, ní ceadmhach dó nó di imeacht nó féachaint le himeacht ó Shaorstát Éireann chun gabháil ar aghaidh go dtí an Spáinn nó aon chríoch de chuid na Spáinne nó gabháil ó aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann chun imeacht amhlaidh ó Shaorstát Éireann, mura bhfuil i seilbh an duine sin pas arna eisiúint chuige nó chuici ag údarás cuí na tíre dar náisiúnach é nó í agus ar a mbeidh formhuiniú, a rinneadh go dleathach an 1ú lá d'Eanáir 1937 nó dá éis, ag údarás dleathach de chuid na tíre sin á dhearbhu go bhfuil an pas sin bailí le haghaidh na Spáinne agus chríocha na Spáinne.</p> | <p>Nóta tráchtá 13</p> |
| <p>(3) Every person who, in contravention of this section, departs or attempts to depart from Saorstát Éireann or goes from a place in Saorstát Éireann to another place in Saorstát Éireann shall be guilty of an offence under this section.</p>  | <p>(3) Gach duine imeoidh no dhéanfaidh iarracht ar imeacht as Saorstát Éireann, no raghaidh o áit i Saorstát Éireann go háit eile i Saorstát Éireann, contrárdha don alt so, beidh sé ciontach i gcionta fén alt so.</p>  | <p>(3) Gach duine a imíonn nó a fhéachann le himeacht ó Shaorstát Éireann nó a théann ó aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann, de sháru ar an alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.</p>  |                        |
| <p>Restriction on the departure of other persons to Spain.</p>  | <p>Srian le daoine eile d'imeacht go dtí an Spáinn.</p>  | <p>Srian le himeacht daoine eile go dtí an Spáinn.</p>   |                        |
| <p><b>8.</b> —(1) It shall not be lawful for any person who is neither a citizen of Saorstát Éireann nor a national of a country which is for the time being appointed by the Executive Council as a country to which <u>the next preceding section</u><sup>59</sup> of this Act applies to depart or attempt to depart from Saorstát Éireann for the purpose of proceeding to Spain or to any Spanish territory or to go from any place in Saorstát Éireann to any other place in Saorstát Éireann for the purpose of so departing from Saorstát Éireann, unless such person is the holder of a passport issued to him by the proper authority of the country of which he is a national and <u>expressly authorising</u><sup>60</sup> him to proceed to Spain and Spanish territory.</p>                                       | <p><b>8.</b> —(1) Ní bheidh sé dleathach do dhuine ar bith nach saoránach de Shaorstát Éireann ná náisiúnach de thír a bheidh ceaptha de thuras na huaire ag an Ard-Chomhairle mar thír le n-a mbaineann an t-alt deiridh sin roimhe seo den Acht so imeacht ná iarracht a dhéanamh ar imeacht as Saorstát Éireann chun dul go dtí an Spáinn no go dtí aon chríoch Spáinneach ná dul o aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann chun imeacht as Saorstát Éireann amhlaidh, mara mbeidh pas ag an duine sin do thug ceart-údarás na tíre gur náisiúnach de é amach dó agus a údarúionn dó go soiléir dul go dtí an Spáinn agus go críocha Spáinneacha.</p>                                       | <p><b>8.</b> —(1) Aon duine nach saoránach de Shaorstát Éireann ná nach náisiúnach de thír atá de thuras na huaire ceaptha ag an Ard-Chomhairle mar thír lena mbaineann an t-alt deiridh roimhe seo den Acht seo, ní ceadmhach dó nó di imeacht ná féachaint le himeacht ó Shaorstát Éireann chun gabháil ar aghaidh go dtí an Spáinn nó aon chríoch de chuid na Spáinne nó gabháil ó aon áit i Saorstát Éireann go dtí aon áit eile i Saorstát Éireann chun imeacht amhlaidh ó Shaorstát Éireann, mura bhfuil i seilbh an duine sin pas arna eisiúint chuige nó chuici ag údarás cuí na tíre dar náisiúnach é nó í á údarú go sainráite dó nó di dul go dtí an Spáinn agus críocha na Spáinne.</p>  |                        |
| <p>(2) Every person who, in contravention of this section, departs or attempts to depart from Saorstát Éireann or goes from a place in Saorstát Éireann to another place in Saorstát Éireann shall be guilty of an offence under this section.</p>  | <p>(2) Gach duine imeoidh no dhéanfaidh iarracht ar imeacht as Saorstát Éireann, no raghaidh o áit i Saorstát Éireann go háit eile i Saorstát Éireann, contrárdha don alt so, beidh sé ciontach i gcionta fén alt so.</p>  | <p>(2) Gach duine a imíonn nó a fhéachann le himeacht ó Shaorstát Éireann nó a théann ó aon áit i Saorstát Éireann go háit eile i Saorstát Éireann, de sháru ar an alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.</p>   |                        |

|   |   |  |                 |
|---|---|--|-----------------|
| Restriction on sale of travel tickets for Spain.  | Srian le ticéadaí taistil chun na Spáinne do dhíol.   | Srian le díol ticéad taistil le haghaidh na Spáinne.   |                 |
| <b>9.</b> —(1) It shall not be lawful for any person (in this section referred to as the ticket-seller) to sell or issue to or to procure or attempt to procure for another person (in this section referred to as the traveller) a ticket, <u>pass</u> , <sup>61</sup> voucher, or other document <u>entitling</u> <sup>62</sup> the holder thereof to travel directly or indirectly to Spain or to any Spanish territory, unless the traveller has produced to the ticket-seller such passport as would <u>preclude</u> <sup>63</sup> the departure of the traveller from Saorstát Éireann for the purpose of proceeding to the destination named in such ticket, pass, voucher, or other document from being unlawful by virtue of this Act. | <b>9.</b> —(1) Ní bheidh sé dleathach do dhuine ar bith (dá ngairtear an díoltóir ticéad san alt so) ticéad, pas taistil, cruthúnacht ná scríbhinn eile, bhéarfaidh teideal dá shealbháire taisteal go díreach no go nea-dhíreach go dtí an Spáinn no go dtí aon chríoch Spáinneach, do dhíol le duine eile (dá ngairtear an taistealaí san alt so) ná do thabhairt amach dó ná d'fháil ná tabhairt fé n-a fháil dó, mara dtaisbeánaidh an taistealaí don díoltóir ticéad pas a dhéanfaidh gan é bheith nea-dhleathach de bhuidh an Achta so don taistealaí imeacht as Saorstát Éireann chun dul go dtí an ceann scríbe a hainmnítear sa ticéad, sa phas taistil, sa chruthúnacht no sa scríbhinn eile sin. | <b>9.</b> —(1) Ní dleathach d'aon duine (dá ngairtear an "díoltóir ticéad" san alt seo) ticéad, pas taistil, dearbhán, ná doiciméad eile lena dtugtar teideal dá shealbhóir taisteal go díreach nó go hindíreach go dtí an Spáinn nó go dtí aon chríoch de chuid na Spáinne a dhíol le duine eile nó an céanna a eisiúint, a fháil nó féachaint leis an gcéanna a fháil do dhuine eile (dá ngairtear "an taistealaí" san alt seo), mura bhfuil an taistealaí tar éis cibé pas a thabhairt ar aird don díoltóir ticéad a chuirfeadh cosc ar imeacht an taistealaí ó Shaorstát Éireann d'fhonn gabháil ar aghaidh go dtí an ceann scríbe arna ainmniú ar an ticéad sin, an pas sin, an dearbhán sin, nó an doiciméad eile sin a bheith neamhdhleathach de bhua an Achta seo. |                 |
| (2) Every person who sells, issues, procures, or attempts to procure a ticket, pass, voucher, or other document in contravention of this section shall be guilty of an offence under this section.  | (2) Gach duine dhéanfaidh ticéad, pas taistil, cruthúnacht no scríbhinn eile do dhíol, do thabhairt amach, d'fháil no tabhairt fé n-a fháil contrárdha don alt so beidh sé ciontach i gcionta fén alt so.   | (2) Gach duine a dhéanfaidh ticéad, pas taistil, dearbhán, nó doiciméad eile a dhíol, a eisiúint nó a fháil nó a fhéachfaidh leis an gcéanna a fháil de sháru ar an alt seo beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.   |                 |
| (3) Whenever a company or a <u>society</u> <sup>64</sup> sells, issues, procures, or attempts to procure a ticket, pass, voucher, or other document in contravention of this section, every director, manager, secretary, and other officer of such company or society who is knowingly a party to such contravention shall (without prejudice to the liability of such company or society in respect of such contravention) be guilty of an offence under this section and be punishable accordingly.  | (3) Pé uair a dhéanfaidh cuideachta no cumann ticéad, pas taistil, cruthúnacht no scríbhinn eile do dhíol, do thabhairt amach, d'fháil no tabhairt fé n-a fháil contrárdha don alt so, beidh gach stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí agus oifigeach eile, de chuid na cuideachtan no an chumainn sin, is páirtí sa tsáru san go feasach, beidh sé (gan dochar do fhreagarthacht na cuideachtan no an chumainn sin alos an tsáruithe sin) ciontach i gcionta fén alt so agus inphionóisuite dá réir sin.   | (3) Aon uair a dhéanfaidh cuideachta nó cumann ticéad, pas taistil, dearbhán, nó doiciméad eile a dhíol, a eisiúint nó a fháil nó a fhéachfaidh leis an gcéanna a fháil de sháru ar an alt seo, beidh gach stiúrthóir, bainisteoir, agus oifigeach eile den chuideachta nó den chumann sin is páirtí go feasach sa sáru sin (gan dochar do dhliteanas na cuideachta nó an chumainn sin) ciontach i gcion faoin alt seo agus inphionóis dá réir.  | Nóta tráchta 14 |
| Power of Executive Council to prevent <u>export of war material</u> . <sup>65</sup>   | Comhacht don Ard-Chomhairle chun easportáil abhair chogaidh do chosc.   | Cumhacht na hArd-Chomhairle onnmhairiú abhair cogaidh a chosc.   |                 |
| <b>10.</b> —(1) The Executive Council may by order whenever they so think proper take all such measures, impose all such prohibitions and restrictions, and do all such things as shall, in the opinion of the Executive Council, be necessary or expedient to prevent the exportation from Saorstát Éireann to Spain or any Spanish territory of articles which are, in the opinion of the Executive Council, implements of war or war material.   | <b>10.</b> —(1) Féadfaidh an Ard-Chomhairle le hordú, pé uair is dóich leo san do bheith ceart, gach slí do ghlacadh, gach toirmeasc agus srian d'fhorchur, agus gach ní do dhéanamh is dóich leis an Ard-Chomhairle is gá no is oiriúnach chun cosc do chur le hearraí is úirlisí cogaidh no abhar cogaidh, dar leis an Ard-Chomhairle, d'easportáil as Saorstát Éireann go dtí an Spáinn no go dtí aon chríoch Spáinneach.  | <b>10.</b> —(1) Féadfaidh an Ard-Chomhairle le hordú aon uair is cuí léi cibé bearta is gá a chur i gcrích, cibé toirmeasc agus srian a fhorchur, agus gach rud is gá nó is fóirsteanach a dhéanamh, i dtuairim na hArd-Chomhairle, chun cosc a chur le honnmhairiú nithe ó Shaorstát Éireann go dtí an Spáinn nó aon chríoch de chuid na Spáinne ar nithe iad atá, i dtuairim na hArd-Chomhairle, ina n-uirlisí cogaidh nó ina n-abhar cogaidh.   |                 |

|   |   |  |                 |
|---|---|--|-----------------|
| (2) The Executive Council may by order at any time <u>amend or revoke</u> <sup>66</sup> as they shall think proper any order previously made by them under this section.  | (2) Féadfaidh an Ard-Chomhairle, le hordú, leasú nó ceiliúradh do dhéanamh tráth ar bith, fé mar is dóich leo is ceart, ar aon ordú bheidh déanta acu roimhe sin fén alt so.  | (2) Féadfaidh an Ard-Chomhairle le hordú aon tráth aon ordú a bheidh déanta aici roimhe sin faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm de réir mar is cuí léi.  | Nóta tráchta 15 |
| Arrest and punishment.  | Gabháil agus pionós.  | Gabháil agus pionós.   |                 |
| <b>11.</b> —(1) Any member of the Garda Síochána may arrest without warrant any person whom he reasonably suspects is committing or has committed an offence under any section of this Act.   | <b>11.</b> —(1) Féadfaidh aon bhall den Ghárda Síochána duine ar bith go mbeidh amhras réasúnta aige é do bheith ag déanamh cionta, no cionta do bheith déanta aige, fé aon alt den Acht so do ghabháil gan barántas.                 | <b>11.</b> —(1) Féadfaidh aon chomhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas más duine é nó í a bhfuil amhras réasúnach air nó uirthi ina thaobh nó ina taobh go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta aige nó aici faoi aon alt den Acht seo.  | Nóta tráchta 11 |
| (2) Any person who is guilty of an offence under any section of this Act shall be liable—   | (2) Duine ar bith bheidh ciontach i gcionta fé aon alt den Acht so dlíghfe sé—  | Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi aon alt den Acht seo dlífear—   |                 |
| (a) <u>on conviction thereof on indictment</u> <sup>67</sup> <u>to a fine not exceeding five hundred pounds, or at the discretion of the Court, to imprisonment for a term not exceeding two years or to both such fine and such imprisonment,</u> <sup>68</sup> or | (a) ar a chiontú ann ar dhíotáil, fíneáil ná raghaidh thar cúig céad punt do chur air no, más rogha leis an gCúirt é, príosúntacht ar feadh téarma nach sia ná dhá bhliain no an fhíneáil sin agus an phríosúntacht san le chéile, no | (a) ar é nó í a chiontú ar díotáil sa chion sin fíneáil nach mó ná cúig chéad punt a ghearradh air nó uirthi, nó faoi dhiscreíd na Cúirte, príosúntacht ar feadh téarma nach faide ná dhá bhliain a ghearradh air nó uirthi nó an fhíneáil agus an phríosúntacht sin le chéile a ghearradh air nó uirthi, nó |                 |
| (b) on summary conviction thereof to a fine not exceeding fifty pounds or, at the discretion of the Court, to imprisonment for a term not exceeding six months, or to both such fine and such imprisonment.   | (b) ar a chiontú ann ar an slí achmair, fíneáil ná raghaidh thar caoga punt do chur air no, más rogha leis an gCúirt é, príosúntacht ar feadh téarma nach sia ná sé mhí no an fhíneáil sin agus an phríosúntacht san le chéile.       | (b) ar é nó í a chiontú go hachomair sa chion sin fíneáil nach mó ná caoga punt a ghearradh air nó uirthi, nó faoi dhiscreíd na Cúirte, príosúntacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí a ghearradh air nó uirthi, nó an fhíneáil agus an phríosúntacht sin le chéile a ghearradh air nó uirthi.           |                 |

**Nóta tráchta 1***ACHT I dTAOBH COGAIDH CHATHARDHA NA SPÁINNE vs AN tACHT UM CHOGADH CATHARTHA NA SPÁINNE*

Feictear sa tiontú oifigiúil an nós a bhí i dtreis ó bhunú an Stáit go dtí lár 1944 gan an t-alt a scríobh go sainráite roimh an bhfocal *Acht* féin ag tús an ghearrtheidil. Is cosúil gurbh aithris é seo ar nósmaireacht an Bhéarla an t-alt a fhágáil intuigthe (seachas é a bheith sainráite) sna gearrtheidil – nós atá i dtreis go dtí an lá inniu féin sna leaganacha Béarla. Ceann de na difríochtaí is suntasaí idir an Béarla agus an Ghaeilge go bhfuil alt éiginnte agus alt cinnte sa Bhéarla ach nach bhfuil sa Ghaeilge ach an t-alt cinnte. Ní féidir, dá réir, an t-alt a fhágáil ar lár má táthar ag iarraidh cinnteacht a léiriú agus mura bhfuil aon sásra gramadaí eile san abairt chun an chinnteacht sin a léiriú. D'fhéadfaí a mhaíomh gur cur chuige lochtach a bhí i neamhscríobh an ailt i ngearrtheidil na nAchtanna sna blianta seo. Aithníodh é sin i Rannóg an Aistriúcháin féin níos déanaí, is cosúil, mar gur cromadh ar an alt a scríobh go sainráite ón Acht um Chánacha do Bhailiú (Daingniú), 1944 (14/1944) i leith.

Díol spéise is ea úsáid an réamhfhocail chomhshuite 'i dtaobh' anseo sa ghearrtheideal chun ceangal a dhéanamh idir an t-ainmfhocal 'Acht' agus an t-ábhar lena mbaineann an píosa reachtaíochta seo. Ní fhaightear 'i dtaobh' ar an gcaoi seo ach i ngearrtheidil dhá Acht eile: an tAcht Athghairme i dtaobh Dath-Stuifeanna (Regealáil Iomport), 1923 (39/1923) agus an tAcht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938 (37/1938). Tá an réamhfhocal simplí 'um' le fáil go fairsing sna gearrtheidil ó bhunú an Stáit agus tá sé ionann is cinnte gurb é a bheadh san aistriúchán oifigiúil a dhéanfaí ar an ngearrtheideal seo inniu.

Feictear an ginideach á chur i bhfeidhm ar an ainmfhocal éiginnte cáilithe i ndiaidh an réamhfhocail chomhshuite anseo. Daingníodh an nós seo sa Chaighdeán Oifigiúil, 1958 (CO 1958) sa mhéid is nár áiríodh an t-ainmneach sa chás seo sa Chaibidil dar theideal 'Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh'.

**Nóta tráchta 2***ACHT CHUN NA nOBLAGÁIDÍ EADARNÁISIÚNTA ... DO CHUR I BHFEIDHM vs ACHT D'FHORGHNÍOMHÚ NA nOIBLEAGÁIDÍ IDIRNÁISIÚNTA ...*

Feictear anseo 'chun' in úsáid agus brí aidhme leis ach ina ainneoin sin tá an ginideach i bhfeidhm ar an ainmfhocal a leanann é. De réir CO 1958, ní chuirfí an ginideach i bhfeidhm i ndiaidh 'chun' sa chás seo.



Sa tiontú nua, baineadh leas as an réamhfhocal ‘do’ chun ceangal a dhéanamh idir an t-ainmní ‘Acht’ agus an t-ainm briathartha ‘forghníomhú’. Is struchtúr neamhghnách go leor é seo sa teanga trí chéile, ach baintear úsáid as go minic i dteidil fhada na nAchtanna, e.g. ‘ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA GÁIS 1976 GO 2002’ san Acht Gáis (Leasú), 2009 (03/2009).

### **Nóta tráchta 3**

*ACHTUIGHEADH OIREACHTAS SHAORSTÁIT ÉIREANN MAR LEANAS:— vs ACHTAÍTEAR AG OIREACHTAS SHAORSTÁT ÉIREANN MAR A LEANAS:—*

Go dtí lár 1942 ba é an tríú pearsa, uimhir uatha den mhodh ordaitheach a d’úsáidí san abairt seo, mar atá i dtiontú 1937 anseo. Ba san Acht Soláthair Shíolta agus Leasachán, 1942 (11/1942) a tugadh an leagan nua isteach ina n-úsáidtear an saorbhriathar den mhodh ordaitheach agus é ceangailte leis an ngníomhaí ‘Oireachtas’ leis an réamhfhocal ‘ag’. Is é an leagan sin atá i réim ó shin i leith. Ní fios cén t-údar a bhí leis an abairt seo a athrú; go deimhin, d’fhéadfaí a mhaíomh gur dúchasaí an struchtúr a bhí ar an seanleagan.

*OIREACHTAS SHAORSTÁIT ÉIREANN vs OIREACHTAS SHAORSTÁT ÉIREANN*

Feictear i dtiontú 1937 an ginideach á chur i bhfeidhm ar ‘Saorstát’ – ní raibh riail an ainmnigh in ionad an ghinidigh i réim an tráth sin agus ba ghnách infhilleadh iomlán an ghinidigh a dhéanamh ar an gcéad ainmfhocal de chuid aonad brí cinnte sna hAchtanna. I gcás thiontú 2016, tá riail an ainmnigh in ionad an ghinidigh i bhfeidhm i.e. cuirtear séimhiú ar thúschonsan an chéad ainmfhocail de chuid an aonaid brí chinnte ach gan athrú an ghinidigh le sonrú thairis sin.

### **Nóta tráchta 4**

*i gcionn sé mhí ón lá san vs nuair a bheidh sé mhí ón dáta sin caite*

Tá aistriúchán docht déanta sa tiontú nua anseo, bunaithe ar fhasach ó 02/1998, ach feictear sa tiontú oifigiúil an réamhfhocal comhshuite ‘i gcionn’ in úsáid chun an teorainn ama atá i gceist a chur in iúl. Níl an seanlitriú ‘i gcionn’ ar an réamhfhocal comhshuite le fáil i ndiaidh theacht i bhfeidhm CO 1958 ach in aon fhasach amháin, sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 1977: ‘Ní fhéadfaidh an Ciste dul i gcionn idirbheart faoin Alt seo ach amháin nuair a thabharfaidh comhalta, a soláthraíonn an Ciste a airgeadra nó a nglacann an Ciste lena airgeadra, aontú leis an úsáid sin a bhaint as

a airgeadra.’ (19/1977/An Sceideal/Airteagal V/Alt 6(c)). Lasmuigh den fhasach sin, is i 1958 is déanaí a fhaightear ‘i gcionn’, san Acht um an gCorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, 1958: ‘féachfaidh an Chorparáid le deiseannaí infheistíochta, caipiteal príobháideach, dúchais agus coigríche, agus bainistíocht eolach a thabhairt i gcionn a chéile;’ (22/1958/An Sceideal/Airteagal 1(i)). Sa tréimhse ó 1940 go 1958, tá teacht ar neart fasach freisin den litriú nua-aimseartha ‘i gceann’, e.g. in Acht an Bhainc Ceannais, 1942: ‘á cheangal ar bhancaerí ceadúnuithe cuntais chothromaíochta d’ullmhú agus d’fhollsiú sna trátha agus i gceann na n-eatramh a luadhfar sna rialacháin sin;’ (22/1942/49(1)(a)).

### Nóta tráchta 5

*ón dáta ar a raghadh sé in éag mara mbeadh san vs ón dáta a rachadh sé in éag murach sin*

Sa Tiontú Oifigiúil feictear an réamhfhocail simplí ‘ar’ in úsáid chun ceangal a dhéanamh idir an focal ama ‘dáta’ agus an briathar. De réir na nósmaireachta reatha, níl de cheangal idir na focail sin ach an mhír choibhneasta ‘a’ agus ní bhactar leis an réamhfhocail simplí de ghnáth. Ina dhiaidh sin féin, níl rialtacht iomlán i réim sna hAchtanna i dtaca le húsáid an chláisail choibhneasta dhírigh nó indírigh i ndiaidh na bhfocail ama agus tá an dá nós le fáil go fairsing, e.g. in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003: ‘Fanfaidh scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta a ndaingníonn an tAire í nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun *alt 15*, cibé acu is déanaí.’ (32/2003/14(3)); san Acht um Chiste Naisiúnta Oiliúna, 2000: ‘aon tráth laistigh de 2 bhliain ón dáta a rinneadh an cion, nó’ (41/2000/8(5)(a)). Beartaíodh an clásal díreach a úsáid sa tiontú nua.

### Nóta tráchta 6

Is léiriú maith é téacs an mhínithe seo ar ‘fórsaí míleata’ in alt 3 ar an tionchar láidir a bhí ag Gaeilge na Mumhan ar an nGaeilge oifigiúil i mblianta tosaigh an Stáit, go háirithe na pointí seo a leanas ar tréithe iad de Ghaeilge na Mumhan ach a thagann salach ar an gCaighdeán Oifigiúil gramadaí a ullmhaíodh fiche bliain ní ba dhéanaí:

- foirmeacha táite sa tríú pearsa uimhir iolra, an aimsir láithreach: ‘atáid’, ‘fuilid’
- ‘go’ mar mhír choibhneasta: ‘aon chólucht daoine go mbeidh deimhniú tugtha amach fén Acht so ag an Aire Dlí agus Cirt ina dtaobh’
- ‘s’ curtha le tús an ailt i ndiaidh réamhfhocail simplí dar críoch guta: ‘do sna fórsaí cogúla no d’aon chuid de sna fórsaí cogúla’
- ‘ná’ mar mhír bhriathartha dhiúltach san aimsir láithreach agus túschonsan an bhriathair lom: ‘ná fuilid’

- ‘fé’ in ionad ‘faoi’ (‘fá’): ‘fén Acht so’
- na haidiachtaí taispeántacha ag réiteach leis an ainmfhocal ó thaobh consan caol/leathan: ‘chun crícheanna an Achta so’
- *gurb* in úsáid mar fhoirm choibhneasta indéreach na copaile san aimsir láithreach. Leanadh de na foirmeacha dar tosach ‘g’ a úsáid sa mhír choibhneasta agus i bhfoirmeacha coibhneasta na copaile go dtí deireadh na gcaogaidí; tháinig deireadh leis an nós sin le teacht i bhfeidhm CO 1958 agus tús áite tugtha do na foirmeacha dar tús ‘a’ – ‘á’, ‘ar’, ‘arb’ etc.

### **Nóta tráchta 7**

*in aon chrích Spáinnigh vs in aon chríoch de chuid na Spáinne*

Feictear sa Tiontú Oifigiúil infhilleadh an tabharthaigh á chur i bhfeidhm ar an ainmfhocal agus ar an aidiacht a leanann an réamhfhocal ‘in’ san abairt seo. Cé gur ceadaíodh an tabharthach i gcás ainmfhocaíl an dara díochlaonadh in CO 1958, níor ghnách í a chur i bhfeidhm i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Chaighdeáin ach amháin i gcás dornán beag ainmfhocal (*bos, bróg, cluas, cos, lámh* agus *Éire*.)

Sa tiontú nua, baintear úsáid as ‘de chuid’ móide an t-ainmfhocal dílis (an Spáinn) chun cáiliú neamhchinnte a dhéanamh ar an ainmfhocal ‘críoch’.

### **Nóta tráchta 8**

*deimhniú do thabhairt ... , deimhniú bheidh séalaithe vs deimhniú arna shéalú ... ar deimhniú é*

Tá struchtúr spéisiúil le feiceáil sa Tiontú Oifigiúil sa mhéid is go luaitear an t-ábhar cainte ‘deimhniú’ faoi dhó – leanann clásal ainm bhriathartha an chéad ásc (‘deimhniú do thabhairt ...’). I ndiaidh an chlásail sin cuirtear i láthair an dara huair é (agus é cáilithe ag clásal coibhneasta) mar a bheadh eolas breise faoin méid atá ráite roimhe sin. Is camóg a úsáidtear sa Tiontú Oifigiúil ach bheifí ag súil le fleasc ar na saolta seo mar chomhartha poncaíochta agus an struchtúr seo in úsáid.

Sa tiontú nua, luaitear ‘deimhniú’ faoi dhó chomh maith, ach i struchtúr eile – cuirtear an dara hásc i láthair trí fhoirm indéreach na copaile: ‘ar deimhniú é gur aonad den Chros Dhearg an t-aonad sin chun críche an Achta seo.’

## Nóta tráchtá 9

### *Ní bheidh sé dleathach vs Ní dleathach*

Is sna chéad fiche bliain de na hAchtanna is mó a fhaightear an leagan seo mar aistriúchán ar ‘it shall not be lawful’. Faightear corrshampla de i mblianta níos deireanaí ná sin, an ceann is déanaí díobh san Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1987: ‘Faoi réir mhír (b) den fho-alt seo, ní bheidh sé dleathach cumarsáid a dhéanamh le duine...’ san Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1987 (25/1997/4(1)(a)). Faoi mar a bheifí ag súil leis, faightear freisin é agus Achtanna ó bhlianta tosaigh an Stáit á leasú in Achtanna níos déanaí.

Tá an leagan copailéach ar ar bunaíodh an leagan sa tiontú nua le fáil go fairsing sna fasaigh dhéanacha. An buntáiste a bhaineann leis an leagan atá sa Tiontú Oifigiúil gur féidir an aimsir fháistineach a chur in iúl go soiléir ós rud é go bhfuil an briathar ‘bí’ in úsáid. Cé go bhfuil brí fháistineach luaite leis an gcopail, ní chuireann sé an aimsir sin i gcéill ar bhealach chomh soiléir is a chuireann an briathar ‘bí’.

## Nóta tráchtá 10

### *aon choimisiún no fostú do ghlacadh vs glacadh le haon choimisiún nó fruiliócht*

Feictear anseo an chaoi ar tháinig athrú in imeacht na mblianta ar úsáid an bhriathair ‘glac’ chun coincheapa éagsúla sa Bhéarla a aistriú.

San Acht atá faoi chaibidil anseo, is aistriúchán ar ‘accept’ atá i gceist leis an ainm briathartha ‘do ghlacadh’, i.e. tá ‘glac’ in úsáid mar bhriathar aistreach agus ainmfhocail eile ina gcuspóir díreach aige agus ‘accept’ á chur in iúl.

Faightear ‘glac’ in úsáid ar an gcaoi seo in Achtanna níos déanaí ach is iondúil gur rud fisiciúil éigin a bhíonn á ghlacadh sna cásanna sin; feictear san Acht um Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar (Gníomhas Iontaobhais a Leasú), 1974 ‘glac’ (gan réamhfhocail) á úsáid chun ‘receive’ a aistriú: ‘for the reception care and treatment of any person admitted to the Hospital’ / ‘chun aon duine a ligfear isteach san ospidéal a ghlacadh agus aire agus cóireáil a thabhairt dó.’ (01 (Príobh.)/1974/4)

Agus san Acht um Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann (Cairt agus Litreacha Paitinne a Leasú), 1979 baintear úsáid as ‘glac’ (gan réamhfhocail) chun ‘take’ a aistriú: ‘Amendment of lines 494 to 528 of the Original Charter (disciplinary powers including committal and the power to take six bodies annually for dissection).’ / ‘Leasú ar línte 494 go 528 den Chairt Bhunaidh (cumhachtaí araíonachta lena n-áirítear cimiú agus an chumhacht sé chorp a ghlacadh gach bliain lena ndioscadh)’ (01 (Príobh.)/1979/9 Taobhnóta).

Le tamall de bhlianta, déantar idirdhealú idir ‘glac’ agus ‘glac le’ ar phointe tábhachtach amháin – go seasann ‘glac’ (mar bhriathar aistreach) do ‘adopt’ an Bhéarla, e.g. san Acht Oideachais, 1998: ‘adopt a programme of activities which will promote the involvement of parents, in consultation with the Principal, in the operation of the school.’ / ‘clár gníomhaíochtaí a ghlacadh lena ndéanfar páirteachas tuismitheoirí, i gcomhairle leis an bPríomhoide, in oibriú na scoile, a chur chun cinn.’ (51/1998/26/2(b)). Agus baintear úsáid as ‘glac le’ chun ‘accept’ an Bhéarla a chur in iúl, e.g. ‘A relevant body may accept gifts of money, land or other property upon such trusts and conditions, if any, as may be specified by the donor.’ / ‘Féadfaidh comhlacht iomchuí glacadh le bronntanais airgid, talún nó maoinne eile ar cibé iontaobhais agus coinníollacha, más ann, a shonróidh an deontóir.’ 26/1999/60(1). Dá bhrí sin, agus alt 5(1)(a) á aistriú de réir nósmaireachtaí na haimsire seo, is mór an seans gur leagan bunaithe ar ‘glac le’ a bheadh ann seachas an leagan atá sa Tiontú Oifigiúil.

## Nóta tráchtá 11

Cúrsaí inscne: *bheith ina bhall vs a bheith ina chomhalta nó ina comhalta*

Tá léiriú in alt 5(1)(c) ar athrú nósmaireachta i leith na n-inscní sna hAchtanna. Go dtí 1995, ní luaití sna hAchtanna Béarla ach an forainm nó an aidiacht shealbhach fhirinsneach ach amháin i gcásanna nuair ba thagairt shonrach do bhean a bhí gceist, e.g. saoire mháithreachais. An cur chuige céanna a bhíodh sna hAchtanna Gaeilge, ach ó 1996 i leith tugtar aitheantas sainráite don dá inscne agus baintear úsáid as an dá leagan den fhorainm nó den aidiacht shealbhach. Bíonn cásanna ann nuair a bhíonn an dá inscne le léiriú go sainráite sa téacs Gaeilge cé nach mbíonn sé sin i gceist sa bhuntéacs Béarla; tá sé sin amhlaidh anseo i mír (c) mar gheall ar an gcaoi ar aistríodh an buntéacs sa tiontú nua agus an aidiacht shealbhach in úsáid – *a bheith ina chomhalta nó ina comhalta...* mar aistriúchán ar *become a member of*.

Tá sampla maith eile den láimhseáil ar na hinscní le fáil in alt 11(1). Sa bhuntéacs, níl ach aon sampla amháin d’fhorainm – tagairt don chomhalta den Gharda Síochána (‘whom he reasonably suspects’). Sa Tiontú Oifigiúil, tá an forainm réamhfhoclach ‘aige’ ann faoi dhó – tagairt amháin don chomhalta den Gharda Síochána agus tagairt eile don duine a bhfuil amhras faoi. Sa tiontú nua, faightear ‘é nó í’, ‘air nó uirthi’, ‘ina thaobh nó ina taobh’ agus ‘aige nó aici’.

(Cinneadh an dá inscne a chur i láthair go sainráite sa tiontú nua de réir nósmaireachtaí na haimsire seo, in ainneoin nach bhfuil siad luaite go sainráite sa bhuntéacs.)

**Nóta tráchtá 12***pas i seilbh an duine sin* (sa tiontú nua)

Bhain dúshlán aistriúcháin leis an gcuid láir den fho-alt seo agus *holder of a passport issued to him* le haistriú. Féachadh i dtosach le haistriúchán docht a dhéanamh agus dhá ainmfhocal – ‘sealbhóir pas’ – a úsáid sa spriocthéacs nua. Ach bhain deacracht leis sin ós rud é go raibh cáiliú le déanamh ar ‘pas’ – nuair a bhí abairt chopailéach aicme i gceist, i.e. ‘mura sealbhóir pas (cáiliú) an duine sin’. Mar gur cáiliú an-fhada (pas arna eisiúint ... chríocha na Spáinne) a bheadh le déanamh, bheadh an t-ainmní rófhada ón bhfaisnéis le go mbeadh an abairt soiléir.

Beartaíodh dá réir sin ar aistriúchán eile: ‘mura bhfuil i seilbh an duine sin pas arna eisiúint ...’ D’fhág an réiteach sin gurbh fhéidir an t-ainmfhocal ‘pas’ a cháiliú go sásúil leis na clásail a leanann é agus an abairt soiléir go leor dá réir.

**Nóta tráchtá 13***pas taistil*

Bhí dúshlán téarmaíochta san fho-alt seo agus an tiontú nua á chur le chéile: is é ‘pas’ an téarma is mó a úsáidtear sna fasaigh ar ‘pass’ (e.g. 29/1955/42) ach, ar ndóigh, is é sin an téarma Gaeilge a sheasann freisin do ‘passport’ an Bhéarla; ó tharla ‘passport’ a bheith in úsáid san Acht seo freisin – sé huairé – níor mhór téarma eile a úsáid i leith ‘pass’. Fuarthas fasach amháin de ‘cead’ in úsáid chun ‘pass’ an Bhéarla a chur in iúl, san Acht Cosanta, 1954: ‘aon duine nach mbeadh dá éagmais seo faoin dlí míléata agus a mbeidh cuid d’Óglaigh na hÉireann atá ar fianas á tionlacan aige agus a mbeidh aige, ó oifigeach ceannais na coda sin, cead, is inchúlghairmthe mar is áil leis an oifigeach ceannais sin, a thugas teideal dó cóir ar aon dul le cóir oifigigh a chur air.’ (18/1954/118(1)(e). Measadh, áfach, go raibh an baol ann nach mbainfí an chiall ‘doiciméad’ as ‘cead’ fiú dá gcuirfí cáilitheoir leis. Cinneadh ar an bhfocal ‘pas’ a úsáid ach ‘taisteal’ a chur leis mar cháilitheoir i.e. ‘pas taistil’. Díol spéise gurbh é an réiteach céanna a rinneadh ar an bhfadhb seo sa tiontú oifigiúil agus ‘pas taistil’ in úsáid ansin freisin.

**Nóta tráchtta 14**

*beidh gach stiúrthóir ... beidh sé ciontach i gcionta*

Feictear comhréir sa Tiontú Oifigiúil nach n-úsáidtear i reachtaíocht na linne seo: tá an briathar ‘beidh’ athráite – is dóigh gur braithheadh go raibh an clásal a tháinig i ndiaidh an chéad áisc den bhriathar (‘gach stiúrthóir .... go feasach,’) an-fhada agus go raibh bearna rómhór idir é agus an fhaisnéis, agus gur ghá dá réir an briathar a lua an dara huair.

**Nóta tráchtta 15**

*ceiliúradh do dhéanamh ... ar aon ordú vs aon ordú ... a chúlghairm*

Díol spéise an leagan atá in úsáid sa tiontú oifigiúil ar ‘revoke’ – ‘ceiliúradh do dhéanamh ar’. Is cosúil gurb é an bhrí ‘slán a fhágáil le’ atá ag ‘ceiliúradh’ atá á chur i gcéill anseo agus gur baineadh úsáid as an leagan sin go dtí tús na 1940idí chun ‘revoke’ a aistriú. Is san Acht Rialtais Áitiúil, 1941 a fhaightear an sampla is déanaí den leagan sin: ‘(3) Féadfaidh an tAire le hordú, leasú no ceiliúradh do dhéanamh ar aon ordú bheidh déanta fén alt so (agus aon ordú bheidh déanta fén bhfo-alt so d’áireamh).’ (23/1941/53(3))

Is san Acht Árachais (Breac-Dhíomhaointeas), 1942 (07/1942) is túisce a fhaightear ‘cúlghairm’: ‘Féadfaidh an tAire aon deimhniú eisceachta do chúlghairm tráth ar bith.’ (07/1942/5(3)) agus is é an leagan sin atá in úsáid sna hAchtanna ó shin chun ‘revoke’ a chur in iúl i nGaeilge.

*fé mar is dóich leo is ceart vs de réir mar is cú léi*

Feictear dhá leagan éagsúla sa dá spriocthéacs chun ‘as they shall think proper’ a chur in iúl; tabharfar faoi deara sa tiontú nua an nós reatha forainm nó aidiacht shealbhach san uatha (agus a ghéilleann d’inscne an ainmfhocail) a úsáid nuair is comhlacht de shaghas éigin atá i gceist. Sa Tiontú Oifigiúil tá forainm réamhfhoclach sa tríú pearsa, uimhir iolra in úsáid faoi mar ba ghnách sa tréimhse sin agus coincheap slua daoine á léiriú.

**Focal scoir**

San alt seo tugadh spléachadh ar chuid de na hathruithe atá tagtha ar an nGaeilge oifigiúil le ceithre scór bliain anuas faoi mar a úsáidtear í in Achtanna an Oireachtais. Rinneadh é sin tríd an Acht i dtaobh Cogaidh Chathardha na Spáinne (Neamh-Eadarghabháil), 1937 a athaistriú de réir thuiscintí na haimsire seo ar an

gCaighdeán Oifigiúil agus pointí spéise ar leith a chíoradh nuair a cuireadh an dá spriocthéacs i gcomparáid lena chéile. D'fhéadfaí anailís ní b'fhairsinge fós a dhéanamh ar na hathruithe teanga sin i gcás an Aichta seo féin ach scóip ní ba leithne a bheith ar fáil thar mar a bhí don ghearrshaothar taighde seo. Is cinnte gur corpas fíorthábhachtach iad Achtanna an Oireachtais agus go mbeidh deiseanna ann amach anseo gnéithe spéisiúla eile d'fhorbairt na teanga oifigiúla a ransú.

A lán d'Achtanna an Oireachtais, is téacsanna tura, teicniúla reachtaíochta a bhíonn iontu nach gcuirfeadh an pobal trí chéile mórán spéise iontu. Ina dhiaidh sin féin, faightear corrshéoid ina measc agus léiriú iontu ar ghnéithe spéisiúla den saol a bhíonn ann an tráth a bhfoilsítear an tAcht. Is cinnte go mbaineann an tAcht i dtaobh Cogaidh Chatharda na Spáinne (Neamh-Eadarghabháil), 1937 leis an aicme sin agus blaiseadh le fáil ann de pholaitíocht chorráitheach na hEorpa sna 1930idí. Díol spéise go bhfuil macalla againn le tamall de na heachtraí a spreag an tAcht seo agus daoine ón Domhan Thiar agus ó Éirinn féin ag triall ar thíortha sa Mheánoirthear le trodaíocht a dhéanamh i gcogaí cathartha an réigiúin sin – is iontach mar a chasann rothaí an tsaol agus na staire.

## Leabharliosta

### Leabhair

Casanova, J., (2013) *A Short History of the Spanish Civil War*. Londain: I.B. Tauris.

Lannon, F., (2002) *The Spanish Civil War 1936 – 1939*. Oxford: Osprey Publishing.

McGarry, F., (1999) *Irish Politics and the Spanish Civil War*. Corcaigh: Cork University Press.

Preston, P., (1996) *A Concise History of the Spanish Civil War*. Londain: Fontana Press.

Fanning, R.; Crowe C.; Keogh, D. (2006) *Documents on Irish Foreign Policy, Volume V, 1937-1939*. Baile Átha Cliath: Royal Irish Academy.

Ó Sé, D., (2009) *An Teanga Bheo: Corca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Rialtas na hÉireann, (1958) *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.



## Foinsí leictreonacha

[www.achtanna.ie](http://www.achtanna.ie)

McGarry, F. (gan dáta) *Fionnula Flanagan Episode – Irish Involvement in the Spanish Civil War 1936-39*. Le fáil ag: [http://www.rte.ie/tv/whodoyouthinkyouare/social\\_fionnula2.html](http://www.rte.ie/tv/whodoyouthinkyouare/social_fionnula2.html)

- 1 25/1998/12(1): Féadfaidh an Coimisinéir, trí fhógra i scríbhinn (dá ngairtear fógra faisnéise san Acht seo) a sheirbheálfar ar dhuine, a cheangal ar an duine cibé faisnéis, i ndáil le nithe a bheidh sonraithe san fhógra, is gá nó is fóirsteanach chun go gcomhlíonfaidh an Coimisinéir a chuid feidhmeanna, a thabhairt dó i scríbhinn laistigh de cibé am a shonrófar san fhógra.
- 2 22/1989/5 Taobhnóta: Soláthar fístaifeadtaí d'fhís-saothair neamhdheimhnithe a thoirmeasc.  
24/1961/88(2)(d): a thoirmeasc ar thrácht sonraithe codanna sonraithe den ród a úsáid;
- 3 02/1998/18 “26 (a)(2) ‘(c)’”: ‘(c) más stiúrthóir ar aon fhoras creidmheasa, foras airgeadais nó gnóthas árachais é tráth an cheaptha, scarfaidh sé leis an stiúrthóireacht sin laistigh de dheich lá tar éis a cheaptha agus mura ndéanfaidh sé amhlaidh beidh sé dícháilithe, nuair a bheidh na deich lá sin caite, ó bheith i seilbh oifig an Ghobharnóra ;’
- 4 23/1985/1(1): Fad a bheidh an t-alt seo i bhfeidhm déanfar an tagairt in alt 1 d’Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1981, do cheithre dhuine dhéag a fhorléiriú mar thagairt do chúig dhuine dhéag.
- 5 1/2008/3(1): Aon uair agus a mhinice is cuí leis an Aire, agus faoi réir cibé eisceachtaí (más ann) a mheasfaidh sé nó sí a bheith cóir, ag féachaint do chríocha an Achta seo, féadfaidh an tAire, le hordú, soláthar cibé aicme nó aicmí gníomhaíochtaí bróicéireachta a shonrófar san ordú a thoirmeasc nó a rialáil, ach amháin maidir le soláthar atá faoi réim agus de réir ceadúnais.
- 6 22/2009/32(9): I gcás ina gciontaítear duine i gcion faoi *fho-alt (7)(a)* agus, mar gheall ar an gcion sin, inar mhuirearaigh an t-údarás tithíochta cíos is ísle i leith tacaíochta tithíochta a sholáthar ná mar a mhuirearóidh sé murach sin, beidh an méid a ndearnadh an cíos a ghearrmhuirearú inaisíochta leis an údarás tithíochta agus dlífidh an duine nó ionadaí pearsanta an duine sin an méid is inaisíochta amhlaidh a íoc leis an údarás tithíochta, ar é a éileamh, agus féadfaidh an t-údarás tithíochta an méid sin a ghnóthú, mura n-aisíofar amhlaidh é, mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.
- 7 25/2009/11: Gach conradh nó comhaontú a bheidh déanta idir an Chomhairle, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire de chuid na Comhairle a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus aon duine eile, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an tAire ann in ionad na Comhairle nó, de réir mar a bheidh, in ionad iontaobhaí nó gníomhaire na Comhairle a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus beidh an conradh nó an comhaontú infhorfheidhmithe i gcoinne an Aire.
- 8 31/2009/5(1) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis an tAcht seo a rith, tús a chur le hathbheithniú ar oibriú an Achta.
- 9 1/1999/40(1)(c): Féadfar ainmniú faoin bhfo-alt seo a dhéanamh aon tráth roimh an lá a aistrefar feidhmeanna an Aire chuí faoin Acht seo nó aon tráth nach faide ná 2 bhliain tar éis an lae sin.
- 10 24/1998/22(5): D’ainneoin aon ní san alt seo, leanfaidh duine, a bhí i seilbh oifige mar stiúrthóir den chuideachta roimh thosach feidhme an Achta seo, in oifig mar stiúrthóir den sórt sin, faoi réir *alt 33* agus na dtéarmaí agus na gcoin-

- níollacha ar dá réir a ceapadh é nó í, go dtí deireadh na tréimhse ar ina leith a ceapadh é nó í, amhail is nár ritheadh an tAcht seo.
- 11 19/1983/18(4): Aon uair a dhéanfar ordú i gcomhair atrialach faoin alt seo, féadfar an duine ar i leith a chiontaithe a rinneadh an t-ordú, d’ainneoin aon ní in Acht 1954 nó in aon riail dlí, a chúiseamh agus a thriail arís agus, má fhaightear ciontach é, féadfar pianbhreith a ghearradh air mar gheall ar an gcion ab ábhar don chiontú.
  - 12 32/2009/25 “6(1)(b)”: ciallaíonn ‘ cion tromaí ’ cion a bhféadfar duine a phionósú ina leith le príosúnacht ar feadh téarma 4 bliana nó tréimhse is faide ná sin;
  - 13 32/2009/12/“74A(1)”: I gcás go mbeidh cúirt ag cinneadh na pianbhreithe atá le forchur ar dhuine mar gheall ar chion tromaí, measfar, chun an phianbhreith a chinneadh, gur tromú ar an gcion é go ndearnadh an cion mar chuid de ghníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla, nó ar mhaithe leis an gcéanna.
  - 14 32/2009/25 “6(6)”: Déanfar forléiriú ar an abairt ‘taifead eile’ san alt seo a bheidh comhchosúil leis an bhforléiriú dá bhforáiltear le halt 2 d’Acht 1939 i leith na habairte ‘doiciméad’.
  - 15 28/2007/9(4)(a): Ní dhéanann aisghairm an *Government of Ireland Act* 1920 leis an Acht seo difear d’aon Ordú i gComhairle arna dhéanamh faoin Acht sin agus lena n-oiriúnaítear tagairtí in achtachán, nó in aon chuid den achtachán sin, atá i bhfeidhm fós tráth rite an Achta seo agus lena mbaineann an t-oiriúnú.
  - 16 9/1947/2(1): aon chogaidh ina raibh nó ina bhfuil an Ríocht Aontaithe ina cogaíoch agus a thosnaigh an 3ú lá de Mhéan Fómhair, 1939, nó dá éis, agus roimh an 14ú lá de Mheitheamh, 1946, nó
  - 17 27/2009/27(2): Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le cumhacht de chineál iontaobhais ná de chineál cumhachta muiníní eile.
  - 18 18/1954/271(1): I gcás ordú údaruithe urinnlíocht a dhéanamh, bhéarfaidh an tAire cúiteamh in aon damáiste do phearsa dhuine nó do mhaoín, nó in aon chur isteach ar chearta nó pribhléidí, a tharla de dhroim na cumhachta a bheirtear leis an gCuid seo d’fheidhmiú, pé acu gníomhartha ag na fórsaí míleata a bhí ag gabháil do na hurinnlíochtaí faoi deara iad nó nach ea, agus áireofar ann gach caiteachas a ndeachthas faoi go réasúnach ag cosaint pearsan daoine, maoine, ceart agus pribhléidí, agus aon damáiste a rinneadh d’aon bhóthar de dheasca an iomarca meáchain nó tráchta neamhghnáthaigh.
  - 19 1/2008/7(1): ciallaíonn “feithicil” aon chóir iompair ina ndéantar nó lena ndéantar aon duine nó rud, nó iad araon, a iompar agus atá ceaptha lena húsáid ar talamh, nó ar uisce nó san aer,
  - 20 2/1965/35(1)(a)“(3)”: D’ainneoin aon ní san alt seo nó in aon achtachán eile, ní dhéanfaidh Coimisiún na Talún, chun aon chríche seachas chun maolú ar chúngracht sa gharchomharsanacht nó chun páirceanna spóirt, páirceanna poiblí, faichí áineasa nó faichí imeartha a sholáthar nó chun gairdíní a chur ar fáil do scoileanna nó (i gcás talún nach bhfuil faoi bhun caoga slat ó theach cónaithe áitithe a bhí ann i dtosach feidhme na tréimhse cáiliúcháin agus sa chás sin amháin) chun saoráidí a sholáthar do dhaoine a bheadh ag bádóireacht nó ag iascaireacht ar an bhfarraige nó ar loch nó ar abhainn, aon talamh a thógáil go héigeanta más deimhin leis na Coimisinéirí Tuata ina leith—
  - 21 22/1972/14(1)(a): Féadfar, de réir rialachán, a údarú do dhuine, seachas duine lena mbaineann mír (a), an t-airgead a bheidh faighte aige i leith déanamh seirbhísí inchánach a áireamh mar chomaoín i leith na seirbhísí sin a dhéanamh, agus i gcaitheamh na tréimhse a bheidh sé údaraithe amhlaidh, déanfar, chun críocha alt 10 (1), tagairtí san Acht seo do chomaoín a fhorléiriú, i ndáil le seirbhísí a rinne an duine a bheidh údaraithe amhlaidh, mar thagairtí d’airgead a fuair sé iarbhír.
  - 22 27/2009/5(6): Féadfaidh cibé forálacha iarmhartacha, forlíontacha agus coimhdeacha a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach a bheith i rialachán faoin alt seo.
  - 23 6/2009/42(2)(c): gur dóigh d’ainm na heagraíochta carthanúla, i dtuairim an Údaráis, a thabhairt ar dhaoine den pho-

- bal a chreidiúint go bhfuil baint aici leis an Rialtas, le húdarás áitiúil, nó le haon duine nó comhlacht daoine nach bhfuil aon bhaint aici leo, nó
- 24 31/2009/44(7): Aon uair a bheartaítear ordú a dhéanamh faoin alt seo, déanfar dréacht den ordú a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú mura rithfidh gach Teach acu sin rún ag ceadú an dréachta.
- 25 31/2009/31(7): Féadfaidh an chúirt i gcaingean clúmhillte dámhachtain damáistí a dhéanamh (dá ngairtear “damáistí speisialta” san alt seo) don ghearánaí i leith cailteanais airgeadais a d’fhulaing sé nó sí de dheasca na díobhála dá chlú nó dá clú arbh é foilsíú an ráitis chlúmhilltigh ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean ba chúis le
- 26 16/2008/An Sceideal/26(f): Forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta a d’fhéadfadh difear a dhéanamh d’oibriú an Chonartha seo a bhreithniú agus a athbhreithniú. Sa chomhthéacs seo, féadfaidh an Chomhdháil a ordú don Ard-Stiúrthóir Bord Comhairleach Eolaíochta a bhunú chun a chumasú dó nó di, le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, comhairle speisialta i réimsí eolaíochta agus teicneolaíochta is iomchuí maidir leis an gConradh seo a thabhairt don Chomhdháil, don Chomhairle Feidhmiúcháin nó do Stáit is Páirtithe. Sa chás sin is iad a bheidh ar an mBord Comhairleach Eolaíochta saineolaithe neamhspleácha a bheidh ag fónamh ina gcáil aonair agus a cheapfar, de réir téarmaí tagartha arna nglacadh ag an gComhdháil, ar bhonn a gcuid saineolais agus taithí sna réimsí eolaíochta áirithe is iomchuí maidir le forfheidhmiú an Chonartha seo;
- 27 27/2006/23(a)“(2A)”: Féadfaidh an Bord ordachán a thabhairt don duine a bheidh ag seoladh na héisteachta ó bhéal go gceanglóidh sé nó sí ar dhaoine a bhfuil ar intinn acu láithriú ag an éisteacht na poncanna nó achoimre ar na hargóintí a bheartaíonn siad a dhéanamh ag an éisteacht a chur faoina bhráid nó faoina bráid, i scríbhinn agus sula seolfar an éisteacht; i gcás go dtabharfar ordachán den sórt sin, comhlíonfaidh an duine sin é (agus, dá réir sin, cumasaítear dó nó di ceanglas den sórt sin a chur).
- 28 3/1998/77 “372N.—(1)”: ciallaíonn ‘scéim cheadaithe’ scéim a bhfuiltear ag gabháil di le ceadú ó údarás áitiúil agus arb é an cuspóir atá léi, nó ar ceann dá cuspóirí, saoraidí séarachais, soláthairtí uisce nó bóithre a chur ar fáil chun críocha poiblí;
- 29 28/1954/4(1)(a): cabhair shaorálach a thabhairt do na comhaltaí tinne agus gonta, agus do na comhaltaí longbhriste ar muir, d’fhórsaí armtha le linn cogaidh,
- 30 24/2008/An Sceideal/2(a)i): chun dul go dtí an láithreán, agus teacht ón láithreán, ar a n-úsáidfear í, agus, le linn di a bheith ag dul agus ag teacht amhlaidh, nach n-iompraíonn ná nach dtarlaíonn sí aon ualach seachas ualach is gá lena tiomáint nó lena trealmhú, nó
- 31 6/2008/3: (I) tá cónaí ar na daoine sin amhlaidh d’aon toisc chun a ndualgais mar fhostaithe a chomhall; rogha eile a bhí le fáil sna fasaigh is ea ‘chun críche ... agus chun na críche sin amháin: (Féach freisin 25/2008/64(1)“135(1)(c)”: gur chun críche comórtais, taispeántais, seó, taispeána, nó chun críche dá samhail, agus chun na críche sin amháin,)
- 32 29/2007/33“(3I)”: I gcás duine a bhfuil pianbhreith arna forchur faoi fho-alt (3A) den Acht seo, ní dhéanfar aon chumhachtaí a thugtar le rialacha arna ndéanamh faoi alt 2 den Acht um Dhlínse Choiriúil 1960 chun duine a bhfuil pianbhreith príosúnachta á cur isteach aige nó aici a scaoileadh saor go sealadach, a fheidhmiú le linn na tréimhse ar lena linn a thoirmistear le fo-alt (3G) a phionós nó a pionós a iomalartú nó a loghadh ach amháin ar chúis thromaí de chineál daonchairdiúil, agus ní mhairfidh aon scaoileadh saor arna dheonú amhlaidh ach cibé fad teoranta atá cóir ag féachaint don chúis sin.
- 33 26/1998/49(1): I gcás go dtabharfar breithiúnas i gcoinne na cuideachta in aon imeachtaí de bhun éileamh lena mbaineann alt 47 (1) nó in imeachtaí a leanann de bheith i bhfeidhm faoi alt 48, agus nach bhfuil an duine ar tugadh an breithiúnas ina fhabhar in ann an breithiúnas a chur i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, i gcoinne na cuideachta, beidh sé i dteideal breithiúnas i gcoinne an Aire Airgeadais a thaifeadadh in aon chúirt dlínse inniúla i leith aon mhéid nár gnótháiodh ar scór an bhreithiúnais mar fhiach a bheidh dlite dó ag an Aire sin.

- 34 16/2008/5(1): Féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta deimhniú a eisiúint d'aon duine is comhalta d'fhoireann iniúchta, ar deimhniú é—
- 35 12/1977/35(2)(b)“3”: San alt seo ciallaíonn ‘an Pharmacopoeia Eorpach’ an Pharmacopoeia a oibríodh amach faoi choimirce Chomhairle na hEorpa de bhun an Choinbhinsiúin chuige sin a rinneadh i Strasbourg an 22ú lá d'Iúil, 1964.
- 36 7/1988/20(4): Chun críocha fho-alt (3) den alt seo, is leorfhianaise, go dtí go suítear a mhalairt, maidir leis an dáta ar tháinig an fhianaise sin a dúradh i seilbh an Aire, deimhniú arna shéalú le séala oifigiúil an Aire ag lua an dáta sin.
- 37 16/2008/5(1)(a): Féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta deimhniú a eisiúint d'aon duine is comhalta d'fhoireann iniúchta, ar deimhniú é—  
(a) ina sainaitheofar an duine faoina ainm nó faoina hainm agus ina léireofar a stádas agus a údarás nó a húdarás chun iniúchadh ar an láthair a sheoladh nó a bhreathnú,
- 38 35/1968/2 Taobhnóta: Toirmeasc le craoladh ó longa agus ó aerárthaí.
- 39 4/2009/9 “15(1)”: Faoi réir fhorálacha alt 10, ní dleathach d'aon duine cumarsáid a dhéanamh le comhaltaí Coimisiúin um Thoghlaigh nó leis an bhfoireann a gcuirtear a seirbhísí ar fáil do Choimisiún um Thoghlaigh faoi alt 11 chun tionchar a imirt ar an gCoimisiún le linn dó a fheidhmeanna a chomhall.
- 40 29/1973/11(4)(a): más gníomh é ag duine is saoránach d'Éirinn nó ar sa Stát a chónaíonn sé de ghnáth, nó
- 41 31/2009/Sceideal 2/7(2) Ní ghlacfaidh Comhairle an Phreasa le bronntanais ná le maoiniú ó aon duine seachas síntiúis dá dtagraítear i *bhfomhír (1)*.
- 42 28/2009/33 “4C(2)”: Níl feidhm ag fo-alt (1) maidir le húsáid airm tine a éascú nó gabháil dá úsáid de bhun údaraithe faoi alt 2(5)(a) den Acht seo, i gcás gur lú ná 16 Ghiúl fuinneamh béil an airm tine.
- 43 37/1998/39(1): Beidh feidhm ag an alt seo i gcás ina mbeidh gnólacht infheistíochta tar éis brainse a bhunú i mBallstát eile de réir fhorálacha Airteagal 17 den Treoir um Sheirbhísí Infheistíochta nó de réir fhorálacha Airteagal 18 de Threoir Uimh. 89/646/CEE an 15 Nollaig, 1989, ón gComhairle agus go mbeidh sé, faoi fhorálacha Airteagal 7 den Treoir um Chúiteamh d'Infheisteoirí, tar éis dul isteach i scéim chúitimh d'infheisteoirí laistigh de chríoch an Bhallstáit sin.
- 44 19/2007/65(1) (c): duine eile a aslú ná féachaint le duine eile a aslú chun páirt a ghlacadh i scéim den sórt sin.
- 45 9/1985/67(1): Is cion ag duine aon dearbhú bréagach a dhéanamh nó aon mhífhaisnéis a thabhairt chun clárú a fháil in aon chlár a bheidh á chothabháil ag an gComhairle nó cabhrú agus neartú le haon dearbhú bréagach den sórt sin a dhéanamh nó aon mhífhaisnéis den sórt sin a thabhairt.
- 46 25/1988/22 Taobhnóta: Sonraí pearsanta a fuarthas gan údarás a nochtadh.
- 47 16/1977/9: Ní thabharfaidh duine ar dhuine eile ná ní fhéachfaidh sé le tabhairt air aon ní is idirdhealú a dhéanamh i ndáil le fostaíocht.
- 48 32/1976/Taobhnóta: Gríosú nó cuireadh chun dul isteach etc. in eagraíocht neamhdhleathach.
- 49 33/1963/49(3)(a): go ndearna sé, tar éis dó toiliú chun bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta, an toiliú sin a tharraingt siar sular eisíodh an réamheolaire, agus gur eisíodh é gan a údarás ná a thoiliú; nó
- 50 24/1998/2(1)(b): muirir a thobhítear i leith paisinéirí do theacht d'aer chuig aerfort nó d'imeacht d'aer ó aerfort, nó
- 51 11/1985/5(5): Aon duine a dhéanfaidh aon ghníomh (cibé acu trí ghníomh nó trí neamhghníomh) de shárú ar aon rialachán arna dhéanamh faoin alt seo beidh sé ciontach i gcion faoin alt seo.
- 52 26/1998/40 Taobhnóta: Srian le meabhráin chomhlachais nó le hairteagail chomhlachais fochuideachtaí a athrú. (Tá ‘srian le’ agus ‘srian ar’ araon le fáil go fairsing sna fasaigh.)

- 53 20/2000/2(8)(a): i gcás duine a bhfuil cónaí air nó uirthi i mBallstát den Chomhphobal Eorpach seachas an Stát, aon Phas Airm Tine Eorpach arna eisiúint go cuí chuig an duine sin lena mbaineann míreanna (4) agus (5) de Rialachán 7 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Airm agus Armlón a Fháil agus a Shealbhú), 1993 (I.R. Uimh. 362 de 1993), nó
- 54 12/1967/30 Taobhnóta: Formhuiniú ar bharántais maidir le scaoileadh faoi bhannaí
- 55 18/2009/85(1): Déanfaidh an Rialtas, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, comhalta de bhord corparáide a cheapadh
- 56 22/2009/28(4): Faoi réir *Achtanna na dTithe 1966 go 2009* agus rialachán arna ndéanamh fúthu, féadfaidh údarás tithíochta, maidir le teaghais nó láithreán lena mbaineann fo-alt (1)(a):
- 57 10/1948/2: Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, comharshocraíochta nó socraíochta eile a dhéanamh, le húdarás cuí aon tíre eile, maidir le nithe a bhaineas le—
- 58 4/2008/20(1)(b): a bhfuil pas ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina urláimh nó faoina hurláimh gan údarás dleathach nó leithscéal réasúnach ar pas bréagach é agus arb eol dó nó di ina leith, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, gur pas bréagach é,
- 59 12/1960/14: “11. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le liúntas dá bhforáiltear le mír (b) d’fho-alt (2) nó le mír (b) d’fho-alt (3) den alt deiridh roimhe seo:
- 60 5/2005/138: “(2A) (a) Ní rachaidh oifigeach údaraithe, gan toiliú an áititheora, isteach in aon áitreabh, ná isteach sa chuid sin d’aon áitreabh, a bheidh ar áitiú go hiomlán agus go heisiach mar áit chónaí phríobháideach, ach amháin sa chás go dtabharfaidh an t-oifigeach sin barántas ar aird arna eisiúint ag Breitheamh den Chúirt Dúiche á údarú go sainráite don oifigeach údaraithe dul isteach amhlaidh.
- 61 29/1955/42: féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim pas a thabhairt dá réir sin agus beidh éifeacht ionann is dá mba dheimhniú cláraitheachta é ag an bps sin don tréimhse, agus laistigh de na tóranta. a luafar ann.
- 62 3/2008/16(1)(e)”: barántais agus ionstraimí eile a thugann teideal dá sealbhóirí suibscríobh le haghaidh urrús,
- 63 18/2009/127(12): Ní chuirfidh aon ní san alt seo cosc ar Bhealach Scannán na hÉireann seirbhísí Bhord Scannán na hÉireann a chur chun cinn nó craoladh na bpríomhscannán agus na bpríomhshaothar aige sa todhchaí a chur chun cinn.
- 64 21/1973/1: ciallaíonn “an Cumann” Comharchumann an Bhord Baine Teoranta;
- 65 41/1998/16(2)(b): onnmhairiú aon ábhair, lena gcumasaítear an cineál cosanta a iomadú, isteach i dtír nach gcosnaíonn cineálacha den ghéineas nó den speiceas planda lena mbaineann an cineál cosanta, mura tomhailt deiridh is críoch don onnmhairiú sin.
- 66 22/1999/4(3): Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú arna dhéanamh faoin alt seo, lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.
- 67 43/1998/8(10)(b): ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £100,000 a chur air nó uirthi.
- 68 22/2000/25(5): Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi fho-alt (4) beidh sé nó sí, ar gach lá tar éis é nó í a chiontú sa chion sin a leanfaidh sé nó sí de cheanglas san fhógra freastail scoile lena mbaineann an cion sin a shárú, ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £200, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná mí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.





## **Dóchas an Dúchais: Neartú na nEalaíon Dúchais agus nGréasán Cultúrtha sa Ghaeilge**

*Lillis Ó Laoire*

<https://doi.org/10.13025/078v-j510>

Agus sinn ag plé leis an fhocal ealaín, b'fhéidir nach miste dúinn smaoineamh ar bhunús an fhocail féin sa Ghaeilge. Is focal é atá á úsáid sa tseanchiall sin sa Ghaeilge ar fad agus is mithid dúinn cialla an fhocail a mheabhrú dúinn féin. Ciallaíonn an téarma i nGaeilge scil nó cumas i gceird nó in obair, agus ciallaíonn sé chomh maith léiriú na scile sin trína cleachtadh. Ciallaíonn sé an coincheap, an tuiscint nó an scil, an cleachtadh agus an toradh. Cumas oilte gníomh a bhfuil scil ag baint leis agus a mbeidh toradh an ghnímh sin le haithint atá i gceist leis an ealaín. Ar an dóigh sin, tá sé gar go maith don fhocal 'ceird.' Is minic a dhéanfaí tagairt 'd'ealaín an leighis,' mar shampla, nó an ealaín a bhain le capaill a cheansú agus a thraenáil. Ní mórán a chluinfeá a leithéid i mBéarla anois, cé go mbíodh an tuiscint sin ann tráth.

Tá ciall na cleasaíochta i gceist leis an ealaín fosta agus tá an chiall sin ar cheann de na bríonna is coitianta a fhaightear sa chaint go fóill. Cleasaíocht agus rógaireacht uaireanta a chuirfeadh an focal in iúl, agus dar ndóigh tuigfidh ealaíontóirí go maith a bhfuil i gceist leis an bhrí sin. Is féidir leis an bhrí sin a bheith diúltach, ach is tréith í a bhaineann le gach cineál obair nó cleachtadh ealaíne, go gcaithfear bréag a insint leis an fhírinne a léiriú. Cuireann an ealaín rud i gcéill agus spreagann sí smaointe agus machnamh, más saothar atá i gceist a bhfuil fiúntas leis.

Táthar ag plé na n-ealaíon agus an bhaint atá acu le cúrsaí pleanála teanga. Measaimse go bhfuil tábhacht faoi leith leis na healaíona béil sa phlé seo. Is í an eagla mhór atá orainn ar fad, go bhfuil deireadh ag teacht le ré na Gaeilge mar theanga phobail, sa chiall gurb í gnáthmheán cumarsáide na ndaoine í, mar atá i gceist le teangacha buanseasmhacha eile. Tá an t-athrú sin ag titim amach leis na céadta bliain, agus tá cor eile á cur

ag an teanga di féin anois agus daoine ag tuar gurb é seo an deireadh go cinnte. Má chailtear an Ghaeltacht, agus má stadtar de labhairt na Gaeilge mar ghnáthmheán cumarsáide, meastar go mbeidh deireadh leis an Ghaeilge.

Is duine mé féin ar éirigh liom Gaeilge a shealbhú sa bhaile agus ón phobal thart orm i m'óige. Bhí ról ag an scoil go cinnte sa phróiseas fosta, ach ní rabhtas ag brath ar an scoil amháin le Gaeilge a thabhairt dom. Ba í an Ghaeilge teanga an chlóis agus na sráide chomh maith leis an tseomra ranga. Inniu, a mhalairt atá fíor agus is beag iad na clóis scoile a bhfuil Gaeilge in uachtar iontu. Ní ar chlós na scoile atá formhór na hóige ag díriú a n-aird ach oiread ach ar an scáileán. Ní thig an saol mór ná a chuid ealaíneacha (cleasa glíce) a cheilt orthu. Níor chóir ach oiread go gceilfí, cé go mb'fhéidir gur mhaith le daoine moill a dhéanamh leis.

Bunaithe ar mo thaithí féin ag plé leis an healaíona béil le blianta beaga mar sin féin, tá dóchas le feiceáil i gcónaí. Scéimeanna simplí iad na scéimeanna atá ar bun ag an Ghaelacadamh ar fud Chonamara nó ag Aisling Gheal i Músgraí, mar shampla, leis an amhránaíocht a chur chun cinn.<sup>1</sup> Ag comhdháil faoi chúrsaí amhránaíochta a rith mé i bpáirt le Cló Iar-Chonnacht, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i mí Meithimh 2015, mhínigh Máire Uí Dhroighneáin an modh a bhí aici féin le páistí a mhealladh i dtreo na n-amhrán agus fonn a chur orthu an t-earra a bhíonn sí a sheachadadh dóibh a fhoghlaim. Is ealaíontóir cumasach í Máire, amhránaí den scoth ar an sean-nós as ceantar Chois Fharraige i gConamara. Is aisteoir tréitheach í chomh maith a bhfuil páirt leanúnach aici sa sobaldráma *Ros na Rún*, agus a raibh páirt Bhríd Thoirdhealbhaigh aici sa scannán *Cré na Cille* (Quinn, 2007). Ba é a bunphrionsabal an cúram a choinneáil simplí agus amhráin éadroma rithimiúla a roghnú ar dtús. Luaigh sí féin 'An Rógair Dubh' mar shampla den chineál amhrán a dtosaíonn sí leis (Ó Ceannabháin, 1997):

Tá nead insa sliabh ag an rógair dubh  
 Tá nead insa sliabh ag an rógair dubh  
 Tá nead insa sliabh ag an rógair dubh  
 Is ní ghabhfaidh sé an bóthar ach cóngar an chnoic.

Leis sin, d'fhéadfaí an dalta óg a mhealladh i dtreo an amhráin le scéal simplí taitneamhach. Spreagadh an scéal an dalta agus mhéadaíodh an rithim thaitneamhach rialta agus an t-athrá an tarraingt a bhí ag an amhrán ar an pháiste. Beagnach i ngan fhios dóibh féin, sealbhaíonn gasúir na hamhráin ó Mháire mar go spreagtar a ndúil san obair agus nach mothaíonn siad mar thasc leadránach é, ach mar mhír agus mar

1 Is eagraíocht chultúrtha é an Gaelacadamh atá bunaithe i gColáiste Chonnacht sa Spidéal i nGaeltacht Chonamara. Eagraíonn siad ranganna sa cheol, sa damhsa agus san amhránaíocht thraidisiúnta. Féach [www.gaelacadamh.com](http://www.gaelacadamh.com). (Ceadaithe: 9 Aibreán 2016). Tá Scéim Aisling Gheal ag feidhmiú i gceantar Gaeltachta Mhúsgraí ón mbliain 2003 ar a laghad. Múintear amhráin Ghaeilge an cheantair do dhaltaí ar fud na dúiche. Bhí Eilís Mhaidhcí Ní Shúilleabháin ar dhuine de na príomhmhúinteoirí go dtí an bhliain 2015. Tá Máire Ní Chéilleachair páirteach ann chomh maith. Féach: <http://www.eveningecho.ie/news/gaeilge/buanu-an-traidisiuin-deireadh-le-tearma-eilis-le-sceim-amhranaiochta-aisling-gheal/691809/>. (Ceadaithe: 9 Aibreán 2016).



chleachtas a bhfuil siad ag iarraidh máistreacht a fháil orthu. B'iontach an léiriú é ar an scéal sin agus chomh tábhachtach agus atá an mealladh sin. Tá ealaín nach beag ag baint leis an scil sin – ní hé amháin amhrán a rá agus a rá go maith, ach intinn an duine óig a bhréagadh agus a spreagadh i dtreo an amhráin, fonn a chur air nó uirthi an t-earra a shealbhú agus a chur de ghlanmheabhair.

Dála go leor scileanna is próiseas céimneach é a thosaíonn le rudaí beaga simplí agus a éiríonn níos casta de réir a chéile. Beireann an rithim agus an ceol ar aigne an pháiste, agus cuirtear fonn air mír bheag shimplí amháin a chur de ghlanmheabhair agus ansin cuirtear an dara mír os a chomhair agus tógann sé é sin agus mar sin a leantar ar aghaidh. Is modh múinte é sin atá an-éifeachtach agus is bealach é ina múnlaítear an corp agus an intinn fosta. Múnlaí cultúrtha atá i gceist, múnla ina gcruthaítear pearsa agus pearsantacht chultúrtha ar leith a bhaineann le háit faoi leith agus le ham faoi leith. Is maith a thuigtear an múnlaí cultúrtha sin agus an tábhacht atá leis an oideachas foirmiúil lena bhaint amach. Cuirim i gcás, má scrúdaímid liosta dánta a chuir Éigse Éireann agus *The Irish Times* le chéile, feicimid go bhfuil 'The Lake Isle of Innisfree' le W.B. Yeats ar bharr an liosta, agus ní nach ionadh go raibh mórán dánta eile le fear Shligigh air fosta. Ach chomh maith le dánta Béarla ar nós 'Raglan Road' le Patrick Kavanagh, agus dánta le Séamus Heaney, tá roinnt d'fhilíocht na Gaeilge, 'Mise Raiftearaí an File,' le Raiftearaí, 'An Bonnán Buí' le Cathal Buí Mac Giolla Ghunna, 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire' le hEibhlín Dubh Ní Chonaill, 'Cill Chais' a leagtar go míchruinn ar Aogán Ó Rathaille, 'Bean Sléibhe ag Caoineadh a Mic' agus 'Mise Éire' le Pádraig Mac Piarais, agus 'An tEarrach Thiar' le Máirtín Ó Direáin (Dorgan, 1999). Ba chuid den mhúnlaí chultúrtha a tharla do dhá ghlúin de scoláirí na hÉireann mar chuid dá gceachtanna Gaeilge na dánta sin, agus d'fhan siad leo ar feadh a saoil. Bhí go leor eile de stór filíochta na Gaeilge ar a dtoil ag daoine an t-am úd, mar gur chuid den mhúnlaí chultúrtha a rinneadh ar an intinn a bhí ann. B'ionann na míreanna a bhí ar an churaclam agus sciar d'oidhreacht chultúrtha na Gaeilge. Rinne na daoine a phleanáil an curaclam cinneadh faoi leith gur mhaith an mhaise don pháiste Éireannach eolas a chur ar a leithéid ar scoil. Tugtar faoi deara go mbaineann na dánta seo le háiteanna faoi leith, ach tuigeadh iad mar chuid d'oidhreacht choiteann Éireannach. Thiocfadh le daoine ionannú leis an áit mar shiombail dá n-óige, dá soineantacht, dá n-aitheantas pearsanta agus náisiúnta. Chruthaigh an t-ionannú sin nasc dearfach do dhaoine áirithe leis an Ghaeilge chomh maith, cuid de phlean na n-oifigeach stáit a dhear an curaclam céanna. Pléann an t-antraipeolaí Arjun Appadurai an téarma '*locality*' i mBéarla. Dar leisean go gcaitheann sochaithe beaga a lán dá gcuid ama ag cinntiú go dtáirgítear an tuiscint sin. Mar a deir sé (1996: 179-81):

*Even in the most intimate, spatially confined, geographically isolated areas, locality must be maintained carefully against various kinds of odds. . . .space and time are themselves socialized and localized through complex and deliberate practices of performance, representation and action. . . .Local knowledge is substantially about producing reliably local subjects as well as about producing reliably local neighborhoods within which such subjects can be recognized and organized.*

Cleachtann na pobail sin go dúthrachtach na deasghnátha a chruthaíonn nasc faoi leith idir an pobal agus an áit, nósanna nach féidir leo talamh slán a dhéanamh díobh. Ní hann do na pobail mura gcothaítear na nascanna seo trína n-aithníonn daoine atá ina gcónaí san áit gur den áit sin iad. Baineann na cleachtais sin le logainmneacha agus le bealaí eile a bhíonn ag an chultúr le spás agus am a theorannú agus brí faoi leith a thabhairt dóibh.

Is é sin, ar bhealach, a tharla le curaclam na scoile. Ba mhúnlú intleachtúil agus sóisialta é a rinne iarracht nasc a chothú idir an duine agus a thír féin ar bhealach domhain. Ní gá ach cúrsaí spóirt a lua chun go dtuigtear na dílseachtaí áitiúla. Is gréasán cultúrtha é an fhoireann spóirt agus is ‘ealaín’ atá sa spórt féin a shásaíonn seanchritéir an fhocail sin sa Ghaeilge.

Foirmeacha ealaíon atá nasctha go dlúth leis an teanga agus le gníomhú agus le cleachtadh na teanga an amhránaíocht agus an scéalaíocht, an drámaíocht agus an aithriseoireacht. Nuair a bhí mé féin ag iarraidh a bheith ag baint céille as nósanna láithrithe an chaithimh aimsire i dToraigh, thug mé cuntas ar an chaitheamh aimsire sin mar a chonacthas a mhair sé. Bhí cur síos ar an damhsa lárnach sa chur síos sin chomh maith, mar nárbh fhéidir, dar liom, cur síos a dhéanamh ar na hamhráin gan é. Bhí an damhsa agus cleachtadh na n-amhrán fite fuaite ina chéile. Dá réir sin, ba riachtanach dom cur síos ar dhinimic an damhsa le hiomlánú a dhéanamh ar an léiriú a bhí mé ag iarraidh a thabhairt ar na hamhráin.

Pictiúr de chuid den traidisiún a bhí ann, páirt bheag amháin (Ó Laoire, 2002: 141-76, 177-205 & 206-57). Gné nár phléigh mé sa saothar sin, mar a bhí an traidisiún á chur ar aghaidh go dtí na glúnta óga. Agus thug mé faoi deara gur beag de sin a bhí ag tarlú. Sa saol roimh dhraíocht na teilifíse bhí an caitheamh aimsire ar fáil do dhaoine má chuir siad suim ann. Bhíodh an comhrá ar siúl agus bhíodh daoine rannpháirteach ann agus má bhí amhráin nó scéalta i gceist, faoin duine féin a bhí sé é a shealbhú nó a fhágail ina dhiaidh. Ní raibh oiread sin rogha i gceist agus, dá réir sin, ba mhó seans a bhí ann go dtógfadh daoine an t-ábhar. Dar ndóigh, ní gach duine a chuir suim in amhráin agus i scéalta. Lean an cleachtas dreamanna daoine agus bhíodh speisialtóirí ann, oiread agus a cheadaigh riachtanais an tsaoil do dhaoine an speisialtóireacht sin a chleachtadh. Ar an lámh eile, bhí cleachtadh ag daoine a bheith ag éisteacht agus bhí eolas níos leithne ar stór na n-amhrán agus na scéalta fiú murar ghnás leo féin a bheith dá gcleachtadh. Nuair a tháinig na meáin

leictreonacha agus nuair a leath an teilifís sna seascaidí agus sna seachtóidí tháinig luas mór faoin athrú sin. Bhí caitheamh aimsire eile ar fáil anois agus níor éiligh sé oiread airde nó oiread rannpháirtíochta agus a d'éiligh an seanchas agus na hamhráin.

I dToraigh, mar a dúirt mé, thug mé faoi deara nach raibh mórán den tseachadadh sin ag tarlú sa ghlúin óg. Bhí a n-aird ar na meáin nua-aimseartha agus is beag suim a bhí acu na seanamhráin áitiúla a fhoghlaim dáiríre. Nuair a fuair Séamus Ó Dúgáin bás tobann sa bhliain 2000, dar liom go raibh an t-am ann rud éigin a dhéanamh a chuirfeadh borradh faoi chúrsaí amhránaíochta ar an oileán arís. B'fhear é Séamus a raibh seandúchas Thoraí go smior ann. Thug sé leis duais Chomórtas na bhFear ag an Oireachtas sa bhliain 1981, agus le daoine eile de chuid an oileáin, chuidigh sé leis an Athair Ó Péicín cur in aghaidh na bhfórsaí a bhí ag iarraidh an t-oileán a bhánú (Ó Péicín, 1997; Ó Dúgáin). Bhí taithí agam ar na comórtais agus smaoinigh mé gur mhaith an rud é comórtas a bhunú i dToraigh le comóradh a dhéanamh ar Shéamus agus go spreagfadh sé foghlaim na n-amhrán arís. Bhí mé beagán míchompordach mar gur thuig mé an taobh diúltach de cheist na gcomórtas chomh maith leis an taobh dhearfach. Chuaigh cúrsaí ar aghaidh ón chéad bhliain agus bhí ag éirí ceart go leor leis an scéal. Bhí roinnt daoine óga a tháinig chun tosaigh de thairbhe agus a d'fhoghlaim a gcuid amhrán go bliantúil don Fheis.

Bhí an t-ádh liom go bhfuair mé deontas ón scéim DEIS de chuid na Comhairle Ealaíon sa bhliain 2005 le ceardlann amhránaíochta a bhunú i dToraigh. Thosaigh mé ar theagasc na n-amhrán don dream óg sa dá scoil. D'éirigh go hiontach maith liom leis na páistí bunscoile. B'iontach an acmhainn a bhí acu le rudaí a thógáil go tapaidh agus a choinneáil ina gceann. I gcás na meánscoile, bhí beirt chailíní agam agus triúr buachaillí. Níor éirigh go maith le mo chuid iarrachtaí aon rud a theagasc do na stócaigh. Dhiúltaigh siad don iarracht nó ba léir domsa gur dhiúltaigh, cé go raibh siad béasach fá dtaobh de. Ach chuir na girseachaí suim mhaith sa scéal agus d'fhoghlaim siad cúig nó sé d'amhráin. Ba chóir dom a rá gur leag mé féin béim ar na leaganacha áitiúla de na hamhráin sa dóigh is go mbeadh siad sin le fáil i mbéal na n-óg agus go n-aithneodh na seandaoine iad. Bhí toradh maith ar an teagasc sin agus tá an dream óg ag teacht ar aghaidh leo bliain i ndiaidh na bliana ag an Fheis. Tá cuid den dream a mhúin mé na blianta sin a bhfuil céimeanna acu féin anois agus iad ag obair agus tá cuid eile acu ag freastal ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Rud eile a tharla in imeacht na mblianta gur cuireadh comórtas ar bun do dhaoine fásta agus tá rath ar an chomórtas sin fosta. Bíonn suas le deichniúr nó dáréag amhránaithe ó bhliain go bliain sa chomórtas agus spreagtar díospóireacht agus plé go leor dá bharr.

Meabhraíonn an cíoradh ar fad an plé a bhíonn ann faoi chúrsaí an damhsa dom agus ar chuir mé síos air cheana. Cuireann an t-iompar seo in iúl gur cleachtas beo i gcónaí é gabháil na n-amhrán sa phobal agus nach bhfuil i gceist ach go bhfuil an cleachtas a bhí riamh ann beo ar bhealach úr. Níl mé ag cur in iúl go bhfuil an scéal foirfe ar bhealach ar bith – seift thraidisiúnta go maith atá sna comórtais nó sna feiseanna agus tá a gcuid constaicí féin ag baint leo mar nósanna. Chuir Gailearaí na gCroisbhealaí tionscnamh ar

bun d'aos óg na scoile le scileanna teicneolaíochta a mhúineadh dóibh agus iad a chur a bhailiú amhrán ó sheanmhuintir an bhaile. Is eagraíocht é an Gailearaí a bhfuil maoiniú aige ó Ealaín na Gaeltachta go príomha leis an dearc-ealaín a chur chun cinn i nGaeltacht Thír Chonaill, ach pléann sé le foirmeacha eile fosta (An Gailearaí). D'éirigh go maith leis sin agus chuir na leaids go háirithe suim ann mar go raibh baint aige le teicneolaíocht. Rinne siad féin eagarthóireacht ar an ábhar, agus chuir siad buillí nua-aimseartha dá rogha féin leis an ábhar a bhailigh siad. Tionscnamh rathúil a bhí ann. Bhí mé féin cineál buartha fá dtaobh de ó tharla gur trí Bhéarla a múineadh na scileanna teicneolaíochta dóibh. Ní raibh mé chomh sásta sin go mbeadh an Béarla agus an nua-aimsearthacht nasctha le chéile ainneoin gur ag plé lena dtraidisiún féin a bhí siad. Dar liom go raibh an ceart agam go pointe, ach má tá rogha le déanamh idir an tionscnamh a rith nó gan a rith mar gheall ar cheisteanna mar sin amháin, measaim go gcaithfear a dhul ar aghaidh leis. Is í an iarracht atá le déanamh ná duine le Gaeilge a fháil an chéad uair eile ionas go gcomhlíonfar na spriocanna ar fad le chéile. Sin áit a bhféadfadh an phleanáil teanga cuidiú le neartú na ngréasán cultúrtha, trína chinntiú go mbeadh eolairí ar fáil atá sásta le scileanna den chineál a mhúineadh do dhaoine óga.

Tá an-tábhacht le hamhráin agus ceol a mhúineadh do dhaoine óga. Múintear scileanna teanga agus láithrithe dóibh agus spreagann an chaint agus an ceol, an ghabháil agus an teacht i láthair forbairt intinne an duine. Múintear scileanna comhordaithe coirp, scileanna a thagann as na tuiscintí a fhaightear ar phatrúin agus ar shraitheanna. Is cuid bhunúsach den fhorbairt dhaonna na scileanna seo. Nascann siad an intinn agus an corp le chéile ar bhealach dearfach agus tá seans maith ann go ngéaraíonn an cleachtadh coirp na scileanna intinne chomh maith. D'fhéadfaí aon chineál ceoil nó filíochta a mhúineadh, dar ndóigh, agus bheadh an toradh céanna air. Ach is dlúthchuid den Ghaeilge agus dá cultúr iad na hamhráin seo. Mar a deir Appadurai is cuid den aitheantas áitiúil iad, den mhodh sin inar féidir ceangal idir an duine agus an áit dhúchais a nascadh go láidir ar bhealach dohriste. Ach deir sé chomh maith go bhfuil dúshlán mhóra roimh na tuiscintí seo i saol an lae inniu (1996: 189):

*This is a world where electronic media are transforming the relationships between information and mediation, and where nation-states are struggling to retain control over their populations in the face of a host of subnational and transnational movements and organizations.*

Samhlaítear dó mar sin gur cogadh é an t-athrú seo i seachadadh an chultúir, mar chath ina bhfuil na seantuisicintí logánta, tuiscintí an náisiúin agus na tuiscintí nua atá bunaithe ar na meáin úra i ngleic le chéile. Dá réir sin, is gníomh dúshlánach é sa lá inniu a bheith ag iarraidh na healaíona dúchais agus tríothusan an teanga dhúchais a chur ar aghaidh agus beatha bhailí a thabhairt dóibh. Ní miste go dtuigfí gur cath é agus ní mór dúinne ar nós linn an Ghaeilge agus a cultúr a bheith réidh lenár n-oidhreacht a chur in oiriúint ar cibé bealach atá riachtanach leis an oidhreacht sin a chosaint. Ní tráth faillí é.

Tá iontas agus aoibhneas ag baint le tionscnaimh Choláiste Lurgan atá ag spreagadh a gcuid scoláirí le haistriúcháin mhaithe de cheol na mbannaí is mó a bhfuil tóir ag an aos óg orthu (Coláiste Lurgan). Ní fheicim mórán idir sin agus múineadh na filíochta traidisiúnta go bunúsach. Is féidir droichead a thógáil idir an dá rud go héasca. Is droichead é sin atá tógtha go minic cheana ag múinteoirí tuisceanacha seiftiúla. Níl a fhios agam cén teagascóir a chuir fonn an amhráin ‘Sloop John B’ (‘I wanna go home’), a bhain amach barr na gcairteacha idirnáisiúnta don ghrúpa cáiliúil na Beach Boys i 1966, leis na focail ‘An Raibh tú ar an gCarraig?’ agus níl a fhios agam cad chuige ar rith sé leis sin a dhéanamh. Tá tuairim agam go mb’fhéidir gur leis an amhrán a dhéanamh níos éadroime agus níos tarraingtí do dhaoine óga a rinne sé sin. Tá an fonn traidisiúnta an-bhinn ach tá sé brónach agus tá réimse an-leathan ann. Ar chuma ar bith ba sheift chliste í. Amhrán é ‘*The John B. Sails*’ a cuireadh i gcló den chéad uair in eagrán na Nollag den iris *Harper’s Magazine* i 1916. Ba é Richard Le Gallienne a bhailigh an t-amhrán agus a chuir isteach in alt faoi thuras báid a thug sé amach as Nassau in Oileáin Bhahama le beirt eile. Is amhrán é a chuirfeadh cuid d’amhráin bhádóireachta Chonamara sa lá inniu i gcuimhne duit. Tá taifeadh traidisiúnta ann ón bhliain 1935 (Lomax). Agus an rud is iontaí faoi, is dóigh, go bhfuil an mheadaracht an-ghar don mheadaracht atá san amhrán Gaeilge ‘An raibh tú ar an gCarraig?’, amhrán a ndeirtear faoi go bhfuil baint aige leis na Péindlithe. Is féidir comparáid a dhéanamh eatarthu tríd véarsa as an dá cheann a chur le taobh a chéile:

|                                  |  |
|----------------------------------|--|
| <i>Come on the sloop John B.</i> | An raibh tú ar an gCarraig                   |
| <i>My grandfather and me</i>     | Nó an bhfaca tú féin mo ghrá                 |
| <i>Round Nassau town</i>         | Nó an bhfaca tú gile agus finne              |
| <i>Ve did roam</i>               | Agus scéimh na mná                           |
| <i>Drinking all night</i>        | Nó an bhfaca tú an t-úll                     |
| <i>Ve got in a fight</i>         | Ba chumhra is ba mhilse bláth                |
| <i>Ve feel so break-up</i>       | Nó an bhfaca tú mo Vailintín                 |
| <i>Ve vant to go home.</i>       | Is an bhfuil sí á cloí mar atáim? (Ó hÉanaí) |

Spreagann an chosúlacht ceisteanna a thabharfadh oidhreacht na nGael a fuadaíodh thar sáile sa seachtú haois déag chun cuimhne, seans, stair a bhfuil cuntais againn i nGaeilge uirthi (O’Rahilly, 1952, Titley, 2013). Mheas Le Gallienne go raibh lorg na hAfraice ar an amhrán agus is cinnte go dtiocfaí sin a rá faoi rithimí sioncóipithe an cheoil (1916: 82):

*These negro songs of Nassau, though crude as to words, have a very haunting, barbaric melody, said to come straight from the African jungle, full of hypnotizing repetitions and absurd choruses, which though they may not attract you much at first, end up by getting in your blood, so that you often find yourself humming them unawares.*

Díríonn an t-údar aird ar phointe tábhachtach sa sliocht sin, is é sin, go dtéann an ceol i bhfeidhm orainn i ngan fhios dúinn féin agus go spreagann sé sinn i leith an chultúir. Is cuid de dhúil bhunúsach an duine sa chultúr agus d'acmhainn uilíoch an cheoil atá ar fáil i ngach cultúr ar fud na cruinne an dóigh a ndeachaigh an ceol i bhfeidhm air. Scéal ann féin é, nach mbaineann linn anseo, mar a fuair an grúpa as California Na Beach Boys an t-amhrán, agus mar a chuir siad i mbéal na ndaoine ar fud cheithre ranna rua an domhain é, ach bhí baint ag leagan a cuireadh i gcló sa leabhar cháiliúil *The American Songbag* leis (Sandburg, 1927: 23). Ach is cinnte gur tríothu a cuireadh eolas in Éirinn air. Agus is dá mbarr a bhí eolas ag an mhúinteoir anaithnid air, nuair a d'aithin sé/sí an chosúlacht a bhí idir na meadarachtaí agus a d'athraigh sé/sí fonn 'An Raibh tú ar an gCarraig?' le go gcuirfí na focail sin ag coipeadh i bhfuil na n-ógánach a bhí faoina c(h)úram. Is mar sin a spreagadh Le Gallienne an chéad lá riamh leis an amhrán *a Mhachaire Rabhartaí*. Is nasc é seo idir scéalta nach gceanglaímid dá chéile go han-mhinic sa lá inniu – 'the unspoken, unrepresented pasts that haunt the historical present,' mar a thugann Homi Bhabha orthu (2004: 18).

Léiríonn an t-athrú traschultúrtha gur gnéithe a bhfuil go leor i gcoitinne acu an cultúr nua-aimseartha agus cultúr ársa na Gaeilge. Sa teagmháil seo idir iascairí Nassau, ollghrúpa idirnáisiúnta de chuid na seascaidí séanmhara as California, agus scoláirí ag foghlaim na Gaeilge ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht, tá cros-síolrú thar a bheith suimiúil i gceist. Ceanglaítear stair agus scéalta na cruinne le chéile trí mheán an cheoil agus deimhnítear áit na Gaeilge i gcultúr ilghnéitheach síorshiúlach an domhain.

Ceanglaíonn filíocht na n-amhrán daoine dá ndúchas agus dá n-oidhreacht ach má shamhlaíonn siad fonn nua-aimseartha leis na focail sin, tá deis ann dúil an pháiste a spreagadh, agus tríd an spreagadh sin, an ceacht a chur abhaile. Má mhúintear 'An Raibh tú ar an gCarraig?' do scoláirí ar bhealach nach dtuigeann siad féin ach gur amhrán taitneamhach é, tá an síol curtha agus as sin a thiocfaidh fás. Déantar nasc teanga a théann siar cúpla céad bliain. I dteanga na n-amhrán tá nasc le hardréim na teanga, réim nach n-úsáidtear gach lá ach ar cuid de thuiscint na gcainteoirí Gaeilge is fearr í. Seo an teanga liteartha a cheadaíonn don chainteoir Gaeilge aon smaoineamh is maith leis a chur in iúl go beacht intuigthe gan cháim, gan bhalscóid. Is modhanna iad an amhránaíocht, idir cheol agus fhocail, an scéalaíocht agus an aithriseoireacht leis na scileanna sin a fhorbairt go dtí an leibhéal is airde.

Is cuid eile den fhorbairt sin an litríocht agus an léitheoireacht. Tá dlúthbhaint ag na healaíona sin le cothabháil na Gaeilge. Tuigeann an grúpa tionscnamhach Tuismitheoirí na Gaeltachta é sin agus tá forbairt na n-ealaíon ar cheann de na spriocanna is airde ar a gclár oibre. Is eagraíocht í Tuismitheoirí na Gaeltachta a bunaíodh i nGaeltacht Chonamara ach a bhfuil ionadaíocht aici i nGaeltachtaí uile na tíre. Aithníonn siad an brú atá ar na pobail Ghaeltachta inniu maidir le seachadadh na teanga don ghlúin óg, agus is é a gcuspóir straitéis ghníomhach a chur chun cinn a chabhrós le glúin óg eile de chainteoirí dúchais an teanga a shealbhú go hiomlán. Tá gach cúnaimh a fhaigheann an grúpa seo agus grúpaí mar iad riachtanach má tá rath le bheith ar chothú na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Is léachtóir le Gaeilge agus aistritheoir gairmiúil é Radvan Markus, fear a aistríonn litríocht na Gaeilge chun a theanga dhúchais, an tSeicis. Faoi láthair tá an t-úrscéal is cáiliúla sa Ghaeilge, *Cré na Cille*, á aistriú aige, agus foilseofar é sin sa bhliain 2017. B'fhiú do dhuine ar bith cluas a thabhairt dá chuid cainte. Ar chlár nuachta maidine Raidió na Gaeltachta, *Adhmhaidin*, ar an Déardaoin 10 Meán Fómhair 2015, bhí Radvan ina aoichainteoir ag tabhairt tuairisce uaidh ar ghéarchéim na dteifeach a bhí go mór i gceist na laethanta sin agus ó shin. Bhí mé féin ag éisteacht leis an chlár an mhaidin sin. Rith sé liom gur gheall le teanga an Ghaeilge ina bhéal de bharr a chruinne agus a bheachta a bhí sí aige (Raidió na Gaeltachta). Is trí mheán na healaíne, léamh na litríochta, agus aistriú na litríochta, brainsí cinnte den ealaín i gcialla dílse na Gaeilge den fhocal sin, a bhain an saoránach sin de chuid Phoblacht na Seice an mháistreacht atá aige ar an Ghaeilge amach. Is ball de phobal domhanda na Gaeilge é agus tá teacht aige uirthi trí mheán na healaíne, beag beann ar thíreolaíocht. Tig le duine ar bith a chuireann suim inti an rud céanna a dhéanamh.

Is mithid dúinne na ceachtanna is gá a fhoghlaim a chur sa tsiúl le go meallfar an t-aos óg agus go mbeidh siad ag iarraidh an cineál sin máistreachta a fháil ar a dteanga féin, cé acu sa Ghaeltacht thraidisiúnta atá siad nó sna pobail eile atá ag fás in áiteacha eile in Éirinn agus thar lear. Is fiú ráiteas de chuid Alan Bruford a thabhairt mar fhocal scoir agus trácht a dhéanamh go gonta ina dhiaidh sin ar an tábhacht a bhaineann leis mar ráiteas (1969, 33):

*The normal language of the Romantic tales is literary Early Modern Irish, with occasional archaic forms. The importance of this to the present study is that this form continued to be understood (and written) by anyone literate in Irish until the middle of the last century. Moreover, it was not so unlike modern Irish dialects that most of a story could not be understood by anyone hearing it read by a speaker of his own dialect, particularly once he was accustomed to the special features of the style.*

Is ag caint faoin scéalaíocht a bhíodh ar siúl fadó atá Bruford ansin, teanga atá ag gabháil siar cúpla céad bliain. Teanga í nár labhair daoine gach lá ach a raibh tuiscint acu uirthi de bharr a gcleachtadh a bheith ag éisteacht léi go rialta. Is é sin, go raibh tobar fairsing teanga ar a dtoil ag daoine de bharr chleachtas beo na healaíne nach mbeadh acu dá uireasa. Cé go ndeir Bruford gur thráigh an tuiscint sin faoi 1850, ní aontaím leis. Tá an teanga chéanna sin le fáil i mórán de bhéaloideas na tíre atá cnuasaithe i gCartlann Béaloidis Éireann i mBaile Átha Cliath. An Ghaeilge sheanbheo a thug Máirtín Ó Cadhain uirthi (Ó Béarra, 2007: 123). Bhí mé i láthair ar 5 Márta 2015 ag Féile Gaeilge i Rann na Feirste agus bhí comórtas scéalaíochta ann. An té a bhuaigh an comórtas sin, Eithne Ní Ghallchobhair, as Ard a'Ratha, d'inis sí an scéal 'Ard-Rí na gCros' a fuair sí ón bhailiúchán *Dúchas*: <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4428343/4397169/4485744>. Ba leagan den teanga chéanna sin a luann Bruford a bhí sa scéal sin, agus b'aoibhneas agus ba phléisiúr a bheith ag éisteacht le hEithne á reic. Bhí cúigear scéalaithe ansin an oíche sin agus a bhformhór óg. Foghlaimeoirí

Gaeilge a bhí i gcuid acu. Is cainteoir dúchais an té a thug léi an duais faoi 18 sa chomórtas sin, Clíona Ní Ghallchóir, as Míin a' Chladaigh. D'inis sí a scéal go maith, 'An Óige, An Saol Mór agus An Bás', ceann a bhíodh go minic ag Micí Sheáin Néill Ó Baoill. B'údar uchtaigh agus misneach an ócáid ó thús go deireadh.

Ócáid eisceachtúil a bhí ansin agus níl maith a shéanadh gur grúpa fíorbheag iad na daoine a chuireann spéis ina leithéid. Tá an tobar sin tirim go maith faoi láthair. Mar sin féin, níl cúis ar bith nach bhféadfaí é a athlíonadh ach na céimeanna a thógáil agus an phleanáil a dhéanamh go stuama, ciallmhar agus fócas ann ar cheirdeanna ilchineálacha na n-ealaíon, mar choincheap, mar thuiscint, mar chleachtadh agus mar thoradh. Ciallaíonn sé sin nach nóisean aonchineálach, aondathannach a bheas i gceist leis an ealaín, an nóisean ar a bhfuil go leor dár ndearcadh nua-aimseartha i leith na healaíne bunaithe. Mar atá ráite ag Carol Becker saineolaí domhanda ar oiliúint ealaíontóirí (1999: 11):

*[I] insist that it is unrealistic and inauthentic to presume that there is only one way to be an artist, that artists, at this time, are working in many different ways, with many measures of success and accomplishment. I also assert that ideology is built into all pedagogical models, even in those where it is not explicitly articulated. Our students need to understand the range of choices that artists historically have made and how they might position themselves to be most effective.*

Ní mór modhanna agus bealaí éifeachtacha a chur ar fáil le gur féidir le glúnta Gaeilgeoirí nach bhfuil ar an tsaol go fóill a bheith ag saorshúgradh go héifeachtach sa smionagar, ionas go gcuirfear cothú ar fáil don teanga agus go dtófar arís í le gach glúin dá dtiocfaidh go húrnuá, siolla ar shiolla, focal ar fhocal, scéal ar scéal. Tá treoir stuama, córasach réalaióch do na bealaí ar féidir seo a chur i gcrích ar fáil in *Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga* a chuir Laoise Ní Dhúda i dtoll a chéile (2013). Ceann de na deacrachtaí móra atá againn, dearcadh daingean an fhóntachais atá i bhfostú go domhain in idé-eolaíocht forbartha na tíre seo, mar atá léirithe ag John Walsh (2004). Caithfidh é sin a thuigbheáil má táimid lena shárú. Is uirlis den scoth é an cultúr le treallchogaíocht a dhéanamh in aghaidh na bhfórsaí móra. Ní mór a bheith foighdeach, fulangach agus fíochmhar lenár gcuid aidhmeanna a bhaint amach.

Mar a deirtear i dToraigh: 'Am agus aimsir, bhéarfadh siad an rón go Swansea.'



## Leabharliosta

### Leabhair

Appadurai, A., (1996) *Modernity At Large: Cultural Dimensions of Globalization*. Minneapolis: University of Minnesota Press.

Bhabha, H., (2004) *The Location of Culture*. Londain: Routledge (dara heagrán).

Ní Dhúda, L., (2014) *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. Rath Cairn: Glór na nGael.

Ó Laoire, L., (2002) *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*. Indreabhán, Cló Iar-Chonnacht. (Féach go háirithe, 141-76, 177-205 & 206-57.)

Ó Péicín, D., (1997) *Islanders*. Londain: Fount.

O’Rahilly, C., (1952) *Five Seventeenth-century Political Poems*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn.

Gan Ainm, g.d. (c.1982) *Tory’s Darkest Hour*. Béal Átha Seanaidh: *The Donegal Democrat*.

Sandburg, C., (1927) *The American Songbag*. Nua-Eabhrac: Harcourt Brace and Company.

Titley, A., (2013) *An Bhean Feasa*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Walsh, J., (2004) *An Teanga, an Cultúr agus an Fhorbairt: Cás na hÉireann agus Cás na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Coiscéim (eagarthóir sraithe: An tOllamh Máirtín Ó Murchú).

### Ailt

Becker, C., (1999) ‘The Art of Crossing the Street.’ *Art Journal* 58: 1, 10-5.

Bruford, A., (1969) ‘Gaelic Folktales and Medieval Romances: A Study of the Irish Romantic Tales and their Oral Derivatives.’ *Béaloidias* 34, 1966, i-v, 1-165, 167-285, (33). Ar fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/20521320>. (Léite: 9 Aibreán 2016).

Dorgan, T., (1999) 'Right From the Heart.' *The Irish Times*. 31 Nollaig.

Le Gallienne, R., (1916) 'Coral Islands and Mangrove-Trees.' *Harper's Magazine*, 134: 81-90.

Ó Béarra, F., (2007) 'Gaeilge Uí Chadhain.' *Léachtaí Cholm Cille XXXVII*, 103-30. Maigh Nuad: An Sagart.

### Foinsí Ar Líne

An Gailearaí. Ar fáil ag: <http://www.angailearai.com/index.html>. (Ceadáíodh 9 Aibreán 2016).

Coláiste Lurgan. 'Avicii Vs Lurgan - "Wake Me Up" as Gaeilge.' Ar fáil ag: [https://www.youtube.com/watch?v=1A6\\_\\_HssHW8](https://www.youtube.com/watch?v=1A6__HssHW8). (Ceadáíodh 9 Aibreán 2016).

Lomax, A., (1935) 'Sloop John B. Ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=e0NisLamB3M&nohtml5=False>. (Ceadáíodh 9 Aibreán 2016).

Ó Dúgáin, S. <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1684>. (Ceadáíodh 9 Aibreán 2016).

RTÉ Raidió na Gaeltachta. (2015) *Adhmhaidin*. 10 Meán Fómhair. Ar fáil ag: <http://www.rte.ie/rnag/adhmhaidin/programmes/2015/0910/726891-adhmhaidin-dardaoin-10-men-fmhair-2015/?clipid=1972009#1972009>. (Ceadáíodh 9 Aibreán 2016).

Ó hÉanaí S., 'An Raibh tú ar an gCarraig?' Ar fáil ag: <http://www.joeheaney.org/default.asp?contentID=684>. (Ceadáíodh 9 Aibreán 2016).

### Foinsí Clos-Amhairc

Ó Ceannabháin, P., (1997) *Mo Chuid don tSaol*. Dlúthdhiosca CICD 131. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Quinn, R., (2007) *Cré na Cille*. (Gné-Scannán Lánfhada). Éire.



***‘Bhí go maith agus ní raibh go holc’:***  
**Scéal an bhéaloidis i dtógáil an náisiúin**

*Pádraig Ó Tiarnaigh*

<https://doi.org/10.13025/f0sb-ga33>

*Folklore scholarship thrived above all in countries whose histories had been characterized by rupture rather than community and where a new hegemony was being created. There was a liberating and validating dimension to the discovery of folklore, legitimizing the traditions of a population that had been denigrated, giving them the status of culture, and allowing ordinary people to participate in the building of a nation (Ó Giolláin, 2000: 76).*

De réir Uí Ghiolláin (2000: 76), bhí úsáid agus ról ní ba thábhachtaí, ní ba leithne agus fiú ní b'fhorásaí ag an bhéaloides riamh anall sa stair i measc na náisiún sin a raibh deighilt nó conspóid iontu, maidir le cúrsaí náisiúnachais.<sup>1</sup> Is féidir a áitiú gur thug an béaloideas deis do na daoine a bhí thíos le leatrom nó eile, a gcultúr féin a thabhairt chun súile agus íomhá náisiúin a chruthú.

Scrúdaítear sa pháipéar seo, mar sin, an caidreamh a bhí idir an Ghaeilge, i dtír a raibh conspóidí leanúnacha polaitiúla inti, agus an béaloideas le linn na hAthbheochana ag tiontú an 20ú céad, chomh maith leis na ceannródaithe agus díograiseoirí a thug fána mbuanú. Pléitear ann ról ceannródaíoch de hÍde mar dhíograiseoir, mar intleachtach agus mar bhailitheoir béaloidis agus cuirtear i gcomparáid luachanna agus spriocanna roinnt de na heagraíochtaí cultúrtha agus teanga a bhí i réim an t-am sin a raibh an náisiúnachas cultúrtha go mór chun tosaigh ann. Déantar iarracht léargas a thabhairt ar thábhacht chinniúnach an traidisiúin chéanna le linn na tréimhse ama inar bunaíodh an stát agus inar cuireadh béim mhór ar an Ghaeilge, agus ar an oidhreacht Ghaelach, mar chuid lárnach d'fhéiniúlacht an stáit úir.

<sup>1</sup> Is féidir tuilleadh a léamh i mórshaothair agus ailt eile ar léann an bhéaloidis, go háirithe cuid den mhéid a foilsíodh le déanaí. Féach Ó Giolláin (1996), (2005) agus saothar Uí Chadhla (2011).

Mar chomhthéacs do na ceisteanna sin, ní mór scrúdú a dhéanamh ar nádúr agus ar chineál an bhéaloidis féin. Cad é an rud is béaloideas ann, agus cad é a bhfuil, nó a raibh, tábhacht leis i dtaobh bhunú náisiúin agus spreagadh náisiúnachais?

I dtéarmaí na bhforbairtí cultúrtha a thit amach le linn na ngluaiseachtaí ba mhó i stair na Coigríche, maíonn Ó Giolláin (2000: 144) gur thángthas ar an bhéaloidis agus é ar tí bheith cailte; *'it is curious to note that Folklore became a science just at the moment when it began to disappear in the west'*, gur saolaíodh an coincheap agus an t-ábhar féin ag saothrú an bháis; gurb ionann an béaloideas agus traidisiún, agus go bhfeidhmíonn an béaloideas agus traidisiún ag an leibhéal céanna, ag deimhniú fhéiniúlacht na ndaoine (Ó Giolláin, 2000: 8). Is fíor é an ráiteas seo atá ag Ó Giolláin, go pointe. Is léiriú é an béaloideas ar ghnéithe de chultúr agus pobal na ndaoine.

Tugtar eolas breise i míniú Toelken (1979: 28): *'folklore is a word very much like 'culture'; it represents a tremendous spectrum of human expression. Its primary characteristic is that its ingredients seem to come directly from dynamic interactions among human beings in communal-traditional performance contexts'*. Maíonn Toelken anseo nach furasta dúinn cur síos a thabhairt ar an bhéaloidis de dheasca go gclúdaíonn sé réimse leathan gnéithe den chultúr laistigh de phobal dúchasach amháin agus go n-athraíonn na saintréithe sin ó phobal go pobal, ó theach airneáil go teach airneáil. Ach is é an rud is cuimsithí a léiríonn Toelken sa chás seo nó go bhfásann an béaloideas fríd an nasc daonna sin i suíomh oíche sheanchais nó scéalaíochta, rud arís, a bhíonn ag brath ar an phobal.

Cad é mar a thosaigh an tsuim seo sa bhéaloidis mar sin, agus cá háit agus cad chuige ar thosaigh sí? De réir Clarke (1963: 8) tá sé dodhéanta bunfhoinsé an bhéaloidis a aimsiú; ní rud é a thit ón spéir, ach ba rud é a d'fhás agus a d'fhorbair le himeacht ama.<sup>2</sup> Má chuireann muid síos ar an bhéaloidis mar na nithe cultúrtha, a bhaineann leis an traidisiún béil, a ghreamaíonn agus a cheanglaíonn an pobal dúchasach le chéile, go háirithe an pobal tuaithe, is féidir a áitiú gur spreagadh an tsuim sin sa bhéaloidis mar uirlis ar son chaomhnú an traidisiúin dhúchasaigh. Thosaigh lucht 'Ré an Rómánsachais' a chur suime sa bhéaloidis agus in ábhar ealaíne an chine dhaonna mar fhreagra, nó go fiú mar chuid den bhunábhar bolscaireachta, in éadan ghluaiseacht an nua-aoiseachais:

*Romanticism greeted the industrial world with horror, seeing the destruction of agrarian culture and the creation of an exploited, alienated and degraded urban proletariat, and at the same time valorizing cultural difference. The idealisation of the countryside and its inhabitants then opposed both metropolitan culture and industrialization, limiting the concept of folklore to the countryside, and viewing it as the basis for a national culture (Ó Giolláin, 2000: 4).*

2 Féach fosta Honko (1991) ina dtugtar léamh níos nua-aimseartha ar léann an bhéaloidis. Tá alt eile le Honko (1995) a luann cuid den teoiric a phléitear anseo. Aithnítear Honko mar ghuth údarásach ar cheist seo an bhéaloidis.

Ceist a bhí gaolmhar don fhuath ar an tionsclaíocht í ceist an náisiúnachais agus ní miste í a chíoradh beagán chomh maith. Is coincheap idirnáisiúnta atá i gceist anseo, gur úsáideadh an béaloideas le daoine, ciníocha agus tíortha a thabhairt le chéile, mar léiriú ar fhéiniúlacht náisiúnach a dheimhnigh ról, úinéireacht: *'Folklore played an important role in the nineteenth century as an assertion of national identity... Folklore for some also represented a retreat from a despised urban industrial world'* (Ó Giolláin, 2000: 88-9).

Tagann téama na gluaiseachta frithréabhlóidí i gcomhthéacs an domhain nua uirbigh thionsclaíoch, chun cinn i dtéarmaí an úrscéil stairiúil. Bítear ag plé le húsáid na litríochta i dtógáil náisiúin, go háirithe an litríocht a bhí bunaithe ar an stair náisiúnta, mar choincheap a tháinig chun tosaigh mar fhreagairt ar an nua-aoiseachas uirbeach, dar le Perry Anderson (2011):

*The historical novel – if we except its one great precursor, Kleist's Michael Kohlhaas – is a product of romantic nationalism... The original matrix of this nationalism was the European reaction against Napoleonic expansion. Although this had popular roots, above all in the Tyrol, Spain and Germany, it was everywhere also driven by the need of the continent's different ancient regimes to mobilise local enthusiasm for the defence of crown and altar. Viewed as a whole, its dominant was always a counter-revolutionary response to the French Revolution... the historical novel began as a nation-building exercise in the backwash of romantic reaction to the French Revolution and Napoleonic expansion.*

Cá háit a luíonn an teoiric idirnáisiúnta seo ar fad mar sin i scéal na hÉireann, i scéal na Gaeilge agus i scéal an bhéaloidis i gcomhthéacs an náisiúin úir?<sup>3</sup> Leis an cheist sin a spíonadh ar fad, is gá dul siar chuig glúin amháin níos luaithe ná lucht an Éirí Amach féin, nó lucht na hAthbheochana. Agus Dónall Ó Conaill ag troid ar son náisiúnachas na hÉireann agus ag cur in éadan 'Acht Aontaithe' 1800 (Act of Union) idir Éire agus Sasana ag tús an 19ú céad, ní raibh duine ná deoraí ag dúil leis an scaifte náisiúnaithe a tháinig chun tosaigh sa bhliain 1842 le tús a chur leis an náisiúnachas cultúrtha in Éirinn. Bhí Ó Conaill tiomanta i dtreo náisiúin bunaithe ar fhoras eacnamaíoch, agus ba mheon é seo a chuir i gcoinne athbheochan chultúrtha an náisiúin.

D'fheadfaí a mhaíomh gur i gcoinne dhearcadh fónaíoch Uí Chonaill a tháinig dearcadh Davis chun cinn. Léirigh Ó Conaill an claonadh a bhí aige maidir le cultúr na tíre, nó mar a chuireann Stewart (2000: 28) síos ar an léargas a bhí aige, *'a preoccupation with economic progress'*, nuair a dúirt sé féin maidir leis an Ghaeilge, *'I can witness without a sigh the gradual disuse of Irish'* (Rafroidi, 1980: 1:xxi). Mar sin, ba dhifear shuntasach é, in áit an dearcaidh fhónaíoch a bhí ag Ó Conaill, cur chuige Thomas Davis agus a chomhréabhlóidithe cultúrtha, a bhí bunaithe ar Éirinn ilchultúrtha, agus a chuir béim faoi léith ar thábhacht na Gaeilge i dtodhchaí na tíre. Ba é Davis féin a rinne an nasc daingean seo a leanas idir an teanga agus an náisiún:

3 Féach alt Uí Ghiolláin 'An Béaloideas agus an Stát' (1989) ina bpléitear cuid mhór teoirice maidir leis an chaidreamh idir an béaloideas agus polaitíocht an náisiúin.

*A people without a language of its own is only half a nation. A nation should guard its language more than its territories – 'tis a surer barrier, and more important frontier, than fortress or river... To lose your native tongue, and learn that of an alien, is the worst badge of conquest. To have lost entirely the national language is death... for even the Saxon and Norman Colonists, Irish was spoken by men of all bloods in Ireland (Davis, 1988: 46-8).*

Bhí Davis in éadan na bhforbairtí tionsclaíocha seo de bhrí gur thuig sé an tionchar a bheadh acu ar chultúr na hÉireann, mar a chuireann sé síos ar ghalldú na tíre mar *'a plague of utilitarianism and industrialisation'* (Stewart, 2000: 28). Ach níos tábhachtaí ná seo arís, bhí Davis ag cur tús le téarma nua, 'Éireannach'; focal a bhí i gcónaí ann, bhí Davis ag tabhairt ciall nua dó. Nuair a bunaíodh nuachtán *The Nation* sa bhliain 1842, tháinig corr nua ar iarrachtaí Davis; tugadh *Young Irelanders* ar na daoine seo agus ar a ngluaiseacht. *'They claimed that they offered a forum where, on the neutral ground of ancient history and native art, unionists and nationalists could meet without alarm, but they wished this meeting grounded in culture to be the basis for the development of a political nation'* (Stephens, 1999: 143-4). Úsáideadh an nuachtán seo ar bhonn bolscaireachta agus, idir Davis agus Charles Gavan Duffy, foilsíodh ábhar a chuir meon náisiúnach chun cinn. Sa nuachtán seo, d'éirigh leo daoine a mhealladh isteach sa díospóireacht agus an coincheap nua seo, an náisiúnachas bunaithe ar chultúr, in áit polaitíochta, a scaipeadh fud fad na tíre.

*From his starting point of cultural distinctiveness, therefore, Davis arrived at the conclusion that Irishness was the product, not of race, but of environment; and only by accepting that the uniqueness of the Irishman was the product of the uniqueness of Ireland could a truly united nation be achieved (Boyce, 1982: 15).*

Bhí siad sásta sean-náisiún na gCeilteach a fhágáil ar leataobh, agus pobal ilchultúrtha a chur chun cinn; *'a nationality which may embrace Protestant, Catholic and Dissenter – Milesian and Cromwellian – the Irishman of a hundred generations and the stranger within our gates'* (Bruce, 2000: 29). Bhí tionchar ag rómánsaíocht na Gearmáine ar Davis, a chreid *'that culture, rather than religion should define a nation'* (Ó Giolláin, 2000: 38). Cé gur Protastúnach a bhí ann, chuir Davis agus na *Young Irelanders* béim faoi léith ar náisiún agus ar rialtas nach mbeadh craplaidhe ag laincísí creidimh aonaraigh; Éire hibrideach, chros-chineálach.

*At last we are beginning to see what we are, and what is our destiny. The elements of Irish nationality are not only combining, in fact, they are growing confluent in our minds. ... such nationality as could stand against internal faction and foreign intrigue, such nationality as would make the Irish hearth happy and the Irish name illustrious, is becoming understood. It must contain and represent the races of Ireland. It must not be Celtic, it must not be Saxon – it must be Irish. The Brehon law, and the maxims of Westminster, the cloudy and lightning genius of the Gael, the placid strength of the Sasanach, the marshalling insight of the Norman – a literature which shall exhibit*

*in combination the passions and idioms of all, and which shall equally express our mind in its romantic, its religious, its forensic, and its practical tendencies – finally, a native government, which shall know and rule by the might of all; yet yield to the arrogance of none – these are components of such a nationality* (Davis, 1988: 52-3).

Glúin ní b'fhaide anonn, agus de hÍde ag teacht in inmhe mar oidhre ar fhealsúnacht an Dáibhisigh. B'fhreagra é óráid de hÍde 'The Necessity of de-Anglicizing Ireland' (Samhain, 1892) ar an óráid a thug an Dr George Sigerson ag bunú oifigiúil na craoibhe i mBaile Átha Cliath, dár teideal *'Irish Literature, Its Origin, Environment and Influence'*. Ach níor ghlac baill an Chumann go hiomlán leis an smaointeoireacht seo, smaointeoireacht a chuir de hÍde chun tosaigh bunaithe ar dhearcadh frith-Ghaldaithe, agus mar a léiríonn Stephens, (1999: 145), d'fhág de hÍde an Cumann mar gheall ar an easpa tacaíochta seo. Ag teacht sna sála ar an mhéid seo, míníonn Stephens go raibh deighilt ar tí titim amach idir ceannródaithe an náisiúnachais chultúrtha, idir lucht na teanga, agus lucht na litríochta:

*The break between linguistic and literary cultural nationalism caused a major division amongst the nation's intellectual elite and facilitated the development of cultural nationalism as a divisive force. The literary faction was seen by many as the preserve of an Anglo-Irish minority and irrelevant to true Irish culture or identity* (Stephens, 1999: 145).

Cad é go díreach, a chruthaigh an scoilt, an t-easaontas nó an choimhlint seo, nó, cad é a dúirt de hÍde san óráid chéanna a chruthaigh nó a chuir le nimh san fheoil idir ceannairí na gluaiseachta seo? Ar an chéad dul síos, rinne de hÍde idirdhealú idir litríocht na nAngla-Éireannach agus litríocht dhúchasach na hÉireann. Agus is ar chúiseanna teanga, agus chan ar an ábhar féin, a thógann sé an cheist seo; cuireann sé síos ar mheath na Gaeilge mar *'the greatest stroke of all in our Anglicization'*<sup>4</sup>, agus impíonn sé ar bhaill Chumann Líteartha na hÉireann aird a thabhairt ar an teanga, ach is léir go bhfuil an chaint seo dírithe ar phobal na hÉireann in áit lucht litríochta Angla-Éireannacha, de bhri go bhfuil sé ag cáineadh an Bhéarla agus ag moladh athbheochan na Gaeilge: *'In order to de-Anglicise ourselves we must at once arrest the decay of the language... we must arouse some spark of patriotic inspiration among the peasantry who still use the language'* (de hÍde, 1988: 81).

Má ba Ghaeilgeoir a bhí sa Chraoibhín, ba bhéaloideas í fosta. Go deimhin is tríd an bhéaloideas a d'fhoghlaim sé mórán dá chuid Gaeilge agus chonaic sé go raibh ceangal dlúth idir an dá ghné seo den chultúr.

Bhí iarrachtaí déanta roimhe le gluaiseachtaí teanga agus gluaiseachtaí náisiúnachais a nascadh, agus theip orthu go léir. Chonacthas do na Gaeil go raibh athbheochan de dhíth, agus in ainneoin na titime ó thaobh labhairt na Gaeilge de, mar gheall ar an Ocras Mór, rinneadh iarrachtaí ollmhóra leis an Ghaeilge a spreagadh i measc an phobail mar ábhar litríochta ó thaobh an bhéaloidis de, leis na foilseacháin a bhain le cúrsaí Fiannaíochta ó *The Ossianic Society* a bunaíodh i 1853, mar shampla (Mac Aonghusa, 1993: 30). Ach bhí sos a mhair breis agus fiche bliain eile idir seo agus tús na hAthbheochana mar is ceart, nuair a

4 Léacht dár teideal; 'The Necessity of De-Anglicizing Ireland' (25/11/1892), ó Storey, M. (eag.) *Poetry in Ireland since 1800: A Source Book* (1988).

ghlac ceannródaithe Inis Fáil seilbh ar thodhchaí na Gaeilge trí bhunú *The Society for the Preservation of the Irish Language (SPIL)* i 1876. Ba iad slánú agus caomhnú na Gaeilge na spriocanna a bhí ar intinn acu. Sa bhliain 1878, áfach, d'éirigh easaontas idir na baill agus chuaigh na baill ba dhíograisí ar aghaidh le 'Aontacht na Gaeilge' a bhunú i 1880.

Bhí difir ann, áfach, le bunú Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1893. De réir Phádraig Mhic Phiarais, '*the Gaelic League will be recognised in history as the most revolutionary influence that has ever come into Ireland*' (Mac Piarais, 1917: 91). Cé gur cuireadh an Conradh ar bun ar son chur chun cinn na Gaeilge, rinneadh neart oibre fosta i ngort an bhéaloidis. Ba é iris an Chumann le Béaloideas Éireann, *Béaloideas*, a mhol obair an Chonartha ar son an bhéaloidis, agus ba é Séamus Ó Duilearga, eagarthóir na hirise, agus fear a bheadh ina Stiúrthóir ar Choimisiún Béaloideas Éireann sna blianta ina dhiaidh sin, a mhol obair an Chonartha ó bhí tríocha bliain roimhe sin ann ag feiseanna agus ag comórtais Oireachtais maidir le scéalta béaloidis, ceol traidisiúnta agus bailiúcháin logainmneacha srl. (Ó Duilearga, 1927: 4)<sup>5</sup>. Chomh maith leis seo, tháinig suim de hÍde i mbailiú an bhéaloidis fríd nuair a ceapadh múinteoirí taistil, nó 'timirí' le himeacht ar fud na tíre ag teagasc na Gaeilge, ag bailiú seanchais agus ag bunú craobhacha nua den Chonradh.

Nuair a cuireadh coláistí oiliúna ar bun, d'éirigh leis na timirí seo oiliúint cheart múinteoireachta a fháil, agus le bunú an tSaorstáit, d'éirigh leo poist a fháil ag teagasc Gaeilge sna scoileanna náisiúnta, agus fostaíodh cuid acu, a raibh cúlra acu i mbailiúchán an bhéaloidis, ag Institiúid Bhéaloideas Éireann. '*Nearer to the Irish Folklore Commission in time, the full-time collectors of the Commission find an echo in the timirí or travelling teachers/organisers of the Gaelic League who roamed the Irish countryside in the early decades of the twentieth century*' (Briody, 2007: 438).

Caithfidh muid súil a chaitheamh ar ról de hÍde féin mar bhéaloideasáí faoi leith, nó ní amháin go raibh suim sa Ghaeilge agus sa bhéaloideas aige, chuaigh se féin i mbun bailithe ag aois an déagóra agus dar le Daly (1972: ix), '*this was the beginning of his distinguished career as a folklorist*'. Ba é de hÍde a bhailigh agus a chuir bailiúcháin i gcló ar nós *The Love Songs of Connacht* agus *The Religious songs of Connacht*, agus amhráin ar nós 'Bean an Fhir Rua', 'Caisleán Uí Néill' agus 'An Draighneán Donn', saothair a chuir go mór leis an athbheochan liteartha, agus ábhar ó bhéal na ndaoine mar fhoinsé leo. Mar sin de, ba bholscaire é ar son an náisiúnachais, agus bhí caidreamh daingean aige leis an traidisiún béil. Éiríonn le Alan Titley próifíl de hÍde a nochtadh, agus é a chur i láthair mar '*enigma*':

*He was opposed to all forms of violence and political involvement and at the same time I can, I believe, detect the roar of the Thompson machine gun behind his cerebral paper of the necessity for the de-Anglicising of Ireland. And yet he was out there in Gaelic-speaking Ireland, filling his notebooks with songs and stories, prayers and charms which he wrote down from native Irish speakers* (Titley, 2007: 37).



Cé gur éirigh le de hÍde an nasc idir an litríocht agus seanchas na ndaoine a láidriú, léiríonn Ó Duilearga tuiscint s'aige féin ar stádas na Gaeilge agus an bhéaloidis san am seo, agus ar an neamhaird a thug cuid de lucht litríochta na linne sin ar ábhar an bhéaloidis, in ainneoin iarrachtaí de hÍde:

*No real effort was made to arrest the decay of the native language, spoken a century ago by several millions of the people. The scholars and literary men of Ireland, both Irish and Anglo-Irish, who wrote exclusively in English, were in the main completely ignorant of Irish, and contemptuous of the language and the people who spoke it. Irish was looked upon as the badge of poverty and ignorance, and the oral traditions enshrined in it were almost completely unknown to the book-learned, or regarded by them as being beneath their notice (Ó Duilearga, 1946: 178).*

Cuireann Ó Giolláin (2000: 123) tábhacht an bhéaloidis ó thaobh an Chonartha de i gcomhthéacs na litríochta i ré na hAthbheochana:

*Folklore was important to the Gaelic League because the spoken Irish language was important, the League wished to restore the language, but Irish had more or less ceased to be a vehicle for a literature and had been a predominantly peasant language for two centuries. How was the literary tradition to be renewed?*

Is cosúil gurb é an béaloideas freagra na ceiste sin.

Le bunú an tSaorstáit is follas gur cuireadh bailiú an bhéaloidis ar an mhéar fhada go pointe, go háirithe i measc chuid de na daoine ba ghníomhaí roimhe sin. Ach níor chaill Ó Duilearga féin suim sa mhisean.

Sa bhliain 1933, i ndiaidh do de Valera tacaíocht a thabhairt d'Institiúid Bhéaloideas Éireann, a bunaíodh i 1930, scríobh Séamus Ó Duilearga, Stiúrthóir na hInstitiúide, meamram chuig de Valera le tábhacht an Choimisiúin, nach raibh bunaithe ag an am seo, a léiriú go hoifigiúil. Rinne Ó Duilearga béaloideas na hÉireann a rangú agus a chur i gcomhthéacs na hEorpa, mar litríocht neamhscríofa neamhbhailithe na ndaoine; gluaiseacht a raibh tábhacht chultúrtha leis, ar son mhuintir na tíre, agus ar son an náisiúin. Mar chuid den phlé idir Ó Duilearga agus Éamon de Valera sa bhliain 1933 mar chuid den mhéid a d'iarr de Valera ar Ó Duilearga maidir leis an mheamram a chuir sé chuige lena chuid moltaí ar son athbhreithniú ar chóras bhailiúcháin an bhéaloidis, tá sé ráite go soiléir ag Ó Duilearga go raibh siad ag iarraidh díriú ar thábhacht teangeolaíochta an bhéaloidis agus ar thábhacht an ábhair i dtéarmaí na Mór-Roinne agus an náisiúin:

*The time has now come when a determined effort must be made to rescue **for the nation** the untold wealth of native tradition which still exists orally in rural districts... Apart altogether from its vast linguistic importance, the uncollected oral literature of our people is unequalled in variety, extent and intrinsic merit in Western Europe. Students of the Irish language have long since recognized that the only literary material of value in the everyday*

*spoken Irish language is the oral literature in particular the more formal type of prose and poetical composition in the popular tale and song. These tales and songs are in greater danger of immediate and irrevocable destruction than the other forms of folk composition, and to ensure their preservation immediate steps must be taken to collect them accurately and scientifically (Ó Duilearga, 1933).<sup>6</sup>*

Ní raibh bunadh Choimisiún Béaloideasa Éireann in 1935 gan treoir, agus ní raibh tacaíocht de Valera gan chúis. Cuireadh ar bun gluaiseacht chultúrtha a bhí dírithe ar chaomhnú na hoidhreacht agus spreagadh mhianta náisiúnacha.

*The Finns long ago associated folklore studies with a rising national pride, creating conditions for archiving and study that were the envy of American folklorists. The work of the Irish Folklore Commission, too, was strengthened by the strong feelings of nationalism following the Irish Renaissance. The Irish handbook for collectors presents a system of classification taking in considerably more ethnological scope than is ordinarily seen in American collecting. . . A scientific knowledge of the subject has been fully exploited in a utilitarian, political way to aid in building the state (Clarke, 1963: 15).*

Níl aon amhras ann ach gur spreag an béaloideas, mar aon leis an Ghaeilge féin, cuid mhór de na mórdhíograiseoirí cultúrtha agus polaitiúla le dul i mbun gnímh. Fágfar mórcheisteanna polaitiúla na gceannairí sin gan spíonadh iomlán an uair seo, ach is cinnte go raibh dlúth-cheangal idir bailiú sheanchas na hÉireann agus gluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha, go raibh siad fite fuaite fríd a chéile, agus den chuid is mó, gurab ionann ceannairí an dá ghné.

## Leabharliosta

### Leabhair

Boyce, G., (1982) *Nationalism in Ireland*. London: Croom Helm Ltd.

Briody, M., (2007) *The Irish Folklore Commission 1935-1970: history, ideology, methodology*. Helsinki: Finnish Literature Society.

Clarke, K., agus Clarke, M., (1963) *Introducing Folklore*, New York: Holt, Rinehart and Winston, Inc.

<sup>6</sup> Roinn an Taoisigh: Meamram, 18/5/1933, Ó Duilearga chuig de Valera: 'Collection of Oral Tradition of Ireland (in Cartlann Náisiúnta na hÉireann, BÁC). Nóta: Is liomsa an cló trom.

Daly, D., (1972) 'Introduction' *Religious Songs of Connacht*, de hÍde, D. Irish University Press.

de hÍde, D., (1893) *Abhráin Grádh Chúige Connacht / Love Songs of Connacht*. Baile Átha Cliath: Gill & Son.

Mac Aonghusa, P., (1993) *Ar son na Gaeilge. Conradh na Gaeilge 1893-1993. Stair Sheanchais*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, Cló Choill Eoin.

Mac Piarais, P., (1917) *Collected works of Pádraic H. Pearse: political writings and speeches Political Writings and Speeches*. Baile Átha Cliath: Phoenix.

Ó Cadhla, S., (2011) *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Duilearga, S., (1946) *The Gaelic story-teller. With some notes on Gaelic folk-tales – Proceedings of the British Academy*. Imleabhar XXXI: 177-221.

Ó Giolláin, D., (2000) *Locating Irish folklore: Tradition, Modernity, Identity*. Corcaigh: Cork University Press.

Ó Giolláin, D., (2005) *An Dúchas agus an Domhan*. Corcaigh.

Rafroidi, P., (1980) *Irish Literature in English: The Romantic Period*. Gerards Cross: Colin Smythe.

Toelken, B., (1979) *The Dynamics of Folklore*. Boston: Houghton Mifflin.

## **Ailt**

Almqvist, B., (1977-9) 'The Irish Folklore Commission: Achievement and Legacy'. *Béaloidias* 45/47: 6-26.

de hÍde, D., (1988) 'The Necessity of De-Anglicizing Ireland' (25/11/1892). *Poetry in Ireland since 1800: A Source book*. Storey, M. (eag.) London and New York: Routledge.

Honko, L., (1991) 'The Folklore process'. *Folklore fellows' summer school programme*. 25-47.

Honko, L., (1995) 'Traditions in the Construction of Ethnic Identity and Strategies for Ethnic Survival'. *European Review* 3, (2): 131-46.

Ó Duilearga, S., (1927) 'Ó'n bhFear Eagair'. *Béaloideas* 1: 3-6.

Ó Giolláin, D., (1989) 'An Béaloideas agus an Stát'. *Béaloideas*, 57: 151-63.

Ó Giolláin, D., (1996) 'An Cultúr Coiteann agus Léann an Bhéaloidis'. *Léachtaí Cholm Cille* 26, Maigh Nuad: An Sagart.

Stephens, S., (1999) 'The Society of Irish Tradition 1917-1919'. *Béaloideas*, 67: 139-69.

Stewart, B., (2000) 'On the Necessity of De-Hydifying Irish Cultural Criticism'. *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua*, 4:1 (Spring / Earrach): 23-44.

Titley, A., (2007) 'Twentieth Century Irish Prose'. Mac Mathúna, S. agus Ó Corráin A., (eag.), Fomin, M., (eag. c.) *Celtic Literatures in the Twentieth Century*. Research Institute for Irish and Celtic Studies, University of Ulster. Moscow: Languages of Slavonic Culture. 7-30.

## **Ailt ar-líne**

Anderson, P., (2011) 'From Progress to Catastrophe: Perry Anderson on the historical novel'. *London Review of Books*. Iml.33, Uimh. 15 (28/7/2011): 24-8. Le fáil ag <http://www.lrb.co.uk/v33/n15/perry-anderson/from-progress-to-catastrophe> (Léite 15 Eanáir 2016)

## **Cartlanna**

Ó Duilearga, S., (1933) D/T S 9244 Roinn an Taoisigh (D/T). Meamram: Ó Duilearga chuig de Valera: *Collection of Oral Tradition of Ireland*, 8/5/33 in Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.

## **Tráchtas**

Ó Tiarnaigh, P., (2015) *Bailitheoirí Choimisiún Béaloideas Éireann: Ról, Caidrimh agus Modheolaíocht* (Tráchtas Ph.D.). Leabharlann Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.



## Saothar Sheáin Mhic Giollarnáth ar Thaisclann Dhigiteach na hÉireann

*Seathrún Ó Tuairisg, Rósmáire Ní Cholla & Piaras Ó Droighneáin*

<https://doi.org/10.13025/qfky-h223>

### 1. Réamhrá

Tá borradh faoi réimse na cartlannaíochta le déanaí, ar go leor cúiseanna díchosúla. Tá tuiscint níos láidre againn ar an tábhacht atá le caomhnú cuí a dhéanamh ar ár n-oidhreacht chultúrtha. Go dtí seo, is ag dul i bhfeidhm ar an oibiacht dhigiteach<sup>1</sup> mar aonán a bhí coincheap an chaomhnaithe dhigitigh, lena chinntiú go príomhúil go mairfeadh an oibiacht. Le déanaí, tá claochlú tagtha ar an gcoincheap seo, agus dár le Ross (2012) is éard atá i gceist anois ná:

*...maintaining the semantic meaning of the digital object and its content, about maintaining its provenance and authenticity, about retaining its “interrelatedness,” and about securing information about the context of its creation and use. (2012: 45)*

Ag imirt tionchair ar an athrú meoin seo tá an fás agus an fhorbairt atá tagtha ar theicneolaíochtaí ar-líne (Pinfield et al., 2014). Dá thoradh seo, tugann an comhtháthú, an idir-inoibritheacht agus an chomhoiriúnacht atá anois mar chroí-choincheapa i bhforbairtí sa gcartlannaíocht an deis dúinn – go teoiriciúil – úsáid níos éasca, níos éifeachtaí agus níos fearr a bhaint as na cartlanna agus na bailiúcháin digitithe atá inár seilbh.

---

<sup>1</sup> Is leagan fíorúil, digiteach d'acmhainn fhisiciúil atá san 'oibiacht dhigiteach' – téarma atá in úsáid go forleathan sa pháipéar seo.

Ina ainneoin seo, tá sé tugtha faoi deara ag taighdeoirí, ina measc, Wu et al. (2012), go bhfuil mant sna seirbhísí ilteangacha atá ar fáil i réimse an chartlannaithe dhigitigh – seirbhísí cosúil le comhéadain chuardaigh ilteangach agus, uirlisí le haistriú agus le rangú a dhéanamh ar ábhair (bíodh sin i bhfoirm téacs, fuaime, físe srl.) ó réimsí eolais sainiúla. Is beag freastal atá á dhéanamh ar mhionteangacha, ach go háirithe, i bpobal an chartlannaithe dhigitigh, in ainneoin ráiteas Nichols et al. (2005), a mhaíonn:

*Digital libraries are powerful vehicles for preserving and revitalizing minority languages, provided that they allow language communities to take control of the technology and customize it to meet their needs. (2005: 154)*

Ar an lámh eile, spreagtar suim i bpobal teanga nuair a chaomhnaítear agus nuair a chuirtear ábhar mionteangach ar fáil ar bhealach comhaimseartha – go háirithe do phobal atá ag éirí níos compordaí ag dul i ngleic le hábhar agus le hardáin dhigiteacha (Carew et al., 2015). Anuas air sin, le húsáid níos mó á baint as ábhar cartlainne mar acmhainn oideachasúil, tá sé tábhachtach go bhfuil úsáideoirí in ann dul i ngleic leis an ábhar sin ina dteanga féin (Gorter, 2015, Petersen, 2015).

Sa chomhthéacs seo, tá údair an pháipéir seo páirteach i bhforbairt Thaisclann Dhigiteach na hÉireann (*Digital Repository of Ireland*, nó DRI uaidh seo i leith), ardán dátheangach d'ábhar cartlainne (Harrower et al., 2013). Déanann an páipéar seo cur síos ar ár n-iarrachtaí le hábhar cartlainne Gaeilge – Bailiúcháin Sheáin Mhic Giollarnáth – a chur ar fáil, i mbealach bríoch, ar an ardán seo. Déanfar cur síos ar an aistear a thóg an t-ábhar seo – ó mheán téacsbhunaithe go hoibiachtaí digiteacha ar-líne, le rochtain oscailte ag an bpobal orthu.

Tosaítear le cur síos gonta ar fhorbairtí úra i réimse an chartlannaithe dhigitigh, forbairt an DRI san áireamh, sula ndéanann muid cur síos ar Bhailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth. Mínítear conas a chuamar i ngleic le struchtúir chasta theangeolaíocha sna meiteashonraí, agus cén chaoi ar dearadh comhéadan úsáideora na Taisclainne chun freastal a dhéanamh ar chumais teanga éagsúla na n-úsáideoirí agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an ábhar seo. Críochnaítear le plé gearr ar bhealaí inar féidir tógáil ar an obair sa réimse seo sa toadhcháí.

## **2. Taisclann Dhigiteach na hÉireann**

Is córas í cartlann dhigiteach a stóráilann, ar feadh tréimhse ama éiginnte, bailiúchán nó bailiúcháin d'oibiachtaí digiteacha. Cé go mbíonn cúiseanna éagsúla leis seo, tugtar tosaíocht i gcónaí don chaomhnú – faisnéis luachmhar a chosaint ionas gur féidir le glúnta eile rochtain a bheith acu air (Conway, 1990). Tá dúshlán an phróisis chaomhnaithe seo – deacrachtaí teicniúla, costas, agus a bheith ag iarraidh sláine sonraí a chinntiú

agus dífheidhmeacht a sheachaint – aitheanta le fada (Hedstrom, 1997). Ach tá éabhlóid déanta ag coincheap an chartlannaithe dhigitigh le blianta beaga anuas, a thógann san áireamh castacht an ábhair dhigitigh chomhaimseartha agus riachtanais shofaisticiúla na n-úsáideoirí.

Le cartlann chomhaimseartha a fhorbairt, caithfear anois ‘*the complex relationships between individual researchers, their organizations and subject communities, and their funders and governments*’ (Pinfield et al., 2014) a aithint. Tá réitigh againn: le teicneolaíochtaí ar nós faisnéisíochta, sonraí struchtúrtha agus líonraí séimeantacha, is féidir anois dúshaothrú níos iomláine a dhéanamh ar shonraí cartlainne. Mar shampla, tugann sonraí nasctha saor-rochtana, bunaithe ar RDF<sup>2</sup>, ointeolaíochtaí agus teicneolaíochtaí séimeantacha ar nós OWL<sup>3</sup> agus SPARQL<sup>4</sup>, an cumas dúinn tacair sonraí ilchineálacha a nascadh d’fhonn breisluach a chur lenár mbailiúcháin (féach, mar shampla Brennan & Feeney, 2013; Shiri, 2014).

Ag tús na mílaoise seo aithníodh mantanna i mbonneagar cartlannaíochta na hÉireann, cleachtas chaomhnaithe agus rochtana i leabharlanna, iarsmalanna agus ollscoileanna ina measc (féach O’Carroll & Webb, 2012). Mar gheall air seo, bunaíodh Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) – a seoladh i Meitheamh 2015. Taisclann dhigiteach náisiúnta iontaofa le haghaidh sonraí daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann í DRI. Caomhnaíonn sí ábhar stairiúil agus comhaimseartha na tíre, agus cuirtear rochtain lánach ar líne ar fáil, in éineacht le huirlisí ilmheánacha chun anailís a éascú. Bhí sé freisin mar cheann de riachtanais DRI (Webb & McGoochan, 2015) go mbeadh an taisclann dátheangach (Gaeilge agus Béarla). Mar bhaill d’fhoireann fhorbartha na taisclainne, chinn muid Bailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth a chur in oiriúint do DRI, agus DRI a chur in oiriúint do Bhailiúchán Mhic Giollarnáth.

### 3. Bailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth

Breitheamh cúirt dúiche, scríbhneoir agus bailitheoir béaloidis ab ea Seán Mac Giollarnáth (1880-1970). Sa bhliain 1925 ceapadh é ina bhreitheamh Cúirt Dúiche i gConamara, agus d’fhan sé sa phost seo go ceann 25 bliain. Bhí Conamara, agus ceantar Iorras Aintheach ach go háirithe, ar maos i dtraidisiún na scéalaíochta ag an am agus bhí ardmheas ar scéalaithe an cheantair. Thug a chuid oibre mar bhreitheamh an deis do Mhac Giollarnáth bualadh leis na scéalaithe ba mhó le rá i gConamara ag an am, agus a gcuid scéalta a bhailiú uathu.

Is i mbailiúchán iomráiteach de lámhscríbhinní a rinne Mac Giollarnáth agus a chuid comhghleacaithe na scéalta agus an t-eolas seo a thaifead, bailiúchán a bronnadh le déanaí ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ábhar béaloidis atá i bhformhór na lámhscríbhinní ach tá lear suntasach de dhialanna, foclóirí, dréachtaí agus aistriúcháin ar an dúlra agus ar an bhfiadhúlra ach go háirithe i gceist iontu freisin. Iarradh freisin ar na bailitheoirí ábhar a bhailiú a raibh baint aige le chuile ghné de shaol laethúil na ndaoine. Mar sin tugtar

2 *Resource Description Framework*

3 *Web Ontology Language*

4 *SPARQL Protocol and RDF Query Language* (acrainm athchúrsach)

sonraí sna lámhscríbhinní seo ní hamháin ar na scéalta, na paidreacha, na foclóirí agus na seanfhocail a bhailigh Mac Giollarnáth sa cheantar, ach thairis sin tugtar léargas iontu ar a réimse leathan ábhar spéise, ar a mhodh oibre agus ar an gcaidreamh a bhí aige leo siúd a chuidigh leis an t-ábhar seo a chruinniú.

D'fhoilsigh Mac Giollarnáth cuid mhór den ábhar béaloidis a bhailigh sé i dtéacsanna ar nós *Loinnir Mac Leabhair agus Sgéalta Gaisgidh Eile* (1936), *Annála Beaga ó Iorrus Aithneach* (1941) agus *Peadar Chois Fhairrge* (1944) agus mar ailt in irisí ar nós *Béaloideas*. Ó na 1970í ar aghaidh chuir RTÉ Raidió na Gaeltachta saothar Mhic Giollarnáth i láthair do phobal úr i réimse clár faoina shaol agus a shaothar. I measc na gclár a craoladh bhí *Trian le Scéalaíocht* (1976), *Bí Liom Seal Eile* (1986), *Annála Beaga ó Iorrus Aithneach* (1986-1987) agus *Leatsa Leagan* i 1993.

## 4. Coimeádaíocht ar an Ábhar

### 4.1 Digiú, Tras-scríobh agus Cóimheas

Chuir muid romhainn an bailiúchán d'ábhar ilchineálach seo a chlaochlú go cartlann chomhaimseartha dhigiteach. Rinne muid na lámhscríbhinní a dhigiú ag úsáid scanóir Bookeye, trealamh digitithe de chuid Leabharlann Shéamuis Uí Ardagáin, Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Thiontaigh sé seo gach leathanach sna lámhscríbhinní go híomhá ardtaifeach TIFF<sup>5</sup>. Ina dhiaidh sin, tiontaíodh na híomhanna seo go formáid neamhchailteach PDF/A. Is fo-thacar é seo den ghnáthchaighdeán PDF<sup>6</sup>, agus é curtha in oiriúint do chaomhnú fadtéarmach mar nach nglacann sé le teicneolaíochtaí iomarcacha ar nós scrípteanna leabaithe (Strodl et al., 2007). Cruthaíodh freisin leagan digiteach de gach lámhscríbhinn nuair a rinneadh na hoibiachtaí digiteacha cuí a chomhcheangal i gcomhad PDF/A. Socraíodh an dá fhormáid (leathanaigh aonair agus cáipéisí iomlána) a chur ar fáil don phobal, mar gur measadh go mba mhaith le húsáideoirí leathanaigh aonair a lua<sup>7</sup> nó a úsáid, chomh maith le lámhscríbhinní digiteacha iomlána a ionramháil.

Scríobh daoine éagsúla lámhscríbhinní Mhic Giollarnáth, agus dá bharr tá cuid acu níos inléite ná a chéile. Mar sin, ar mhaithe le héascaíocht agus le hinúsáidteacht, rinneadh gach lámhscríbhinn a thras-scríobh. Rinneadh eagarthóireacht ar na comhaid tras-scríofa seo ionas go ndearna gach leathanach scáthánú ar an leathanach fisiciúil, lámhscríofa. Cuireann sé sin ar chumas an léitheora comparáid dhíreach a dhéanamh idir leathanach tras-scríofa agus a mhacasamhail de leathanach lámhscríofa. Tiontaíodh na comhaid téacs seo go caighdeán PDF/A chomh maith.

5 *Tagged Image File Format*, formáid atá aitheanta mar chaighdeán caomhnaithe.


6 *Portable Document Format*

7 Is féidir oibiachtaí a lua in DRI – mar shampla:

Mac Giollarnáth, Seán (1932). Seán Mac Giollarnáth: Lámhscríbhinn 59, Lth 91, Digital Repository of Ireland [Distributor], Ollscoil na hÉireann, Gaillimh [Depositing Institution], DOI: 10.7486/DRI.95943v70h.



Léiríonn Figiúr 1 (thíos) an oibiacht dhigiteach a dhéanann tagairt don leathanach deireanach ó Lámhscríbhinn 12 de Bhailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth, in éineacht leis an oibiacht den leagan tras-scríofa. Cé nach ndéanfar mórán plé ar ábhar an bhailiúcháin sa pháipéar seo, is léir ón bhFigiúr thíos go bhfuil níos mó faisnéise sna lámhscríbhinní ná scéalta fuarchúiseacha amháin. Breacann Mac Giollarnáth síos nótaí pearsanta freisin a thugann spleáchadh dúinn ar an gcairdeas a bhí aige le daoine eile, agus leis an scéalaí Micilín Mac Donnchadha ach go háirithe.



129

28 mbilleog sgríobhta agam anocht ó Mhicilín taréis dom a bheith ag cúirt i Leitir Fraig. Tá an ghaoth anoir a bhí againn le deich lá imthighthe agus gaoth chineálta aniar ndeas againn. Tá sé anois taréis an mheadhon oidhche agus mé tuirseach ach tá fonn cainte ar Mhicilín fós. Bhí sé ag druimleoid ar sgéal, adéir sé, agus é dhá innseacht. Bhí cuid mhór den sgéal innsighthe nuair a dhúisigh sé agus ní raibh cuimhne aige ar an sgéal. Caithfidh mé anois an cár a thabhairt amach agus Micilín a fhágáil thoir ag ceann a' bhóithrín i Roisín na mBan-Aoidheach. Siubhlaidh sé abhaile uaidh sin, suas an bóithrín agus treasna na ngarranta go dtí n-a theaichín i Roisín na mBan-Aoidheach, ar thaobh Loch Mac Caola.

Idir 12 agus a haon a.m. 14/12/1932

**Figiúr 1: Íomhá de leathanach 129 de Lámhscríbhinn 12 ó Bhailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth (ar chlé) agus an leagan tras-scríofa (ar dheis).**

Bhí sé mar sprioc againn taispeántas saibhir, ilghnéitheach, ilmheánach a chruthú a léireodh gnéithe éagsúla de shaothar Mhic Giollarnáth. Mar sin, shocraigh muid míreanna fuaimne agus físe a chur leis an ábhar (thar a bheith téacs-bhunaithe) a bhí againn. D’aimsigh muid ábhar fótagrafach agus gearrshaolach a bhaineann le Seán Mac Giollarnáth ó Leabharlann Shéamuis Uí Ardagáin, agus fuair muid cead ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann ábhar eile uathu a úsáid. Chomh maith leis sin, d’úsáid muid míreanna ó Chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta (luaite thuas) – a bhí digitithe cheana féin. Cruthaíodh 7,750 oibiacht dhigiteach dhifriúil ón bpróiseas thuasluaite – leathanaigh aonair agus cáipéisí scanta agus tras-scríofa, fuaim agus íomhánna san áireamh. Léiríonn an líon oibiachtaí seo méid, fairsinge agus doimhneacht an bhailiúcháin.

## 4.2 An Scéimre Meiteashonraí

Is réamhriachtanas d'eispéireas maith taiscéalaíochta agus fionnachtana é córas meiteashonraí ar ardchaighdeán (McCarthy, 2015), agus is 'glanadh sonraí' nó '*data cleaning*' an chéad chéim anseo. Is é seo an próiseas chun earráidí a aimsiú, sonraí a chur in oiriúint do chaighdeán áirithe, taifid mhíchruinne nó neamhfhóirsteanacha a scrios, agus a chinntiú go bhfuiltear ag cloí mar ba cheart le pé formáid atá roghnaithe (Hernández & Stolfo, 1998). D'úsáid muid *Open Refine* (Ham, 2013), feidhmchlár deisce foinse oscailte chun sonraí a ghlanadh agus a thiontú go formáidí eile, chun na meiteashonraí a ghlanadh. Is féidir leis freisin imréiteach a dhéanamh in aghaidh seirbhís ghréasáin ar bith a bhaineann úsáid as an gcomhéadan feidhmchláir<sup>8</sup> ar a dtugtar Seirbhís Imréitigh (*Reconciliation Service*) (Verborgh & De Wilde, 2013) – is é sin nasc séimeantach a chruthú le bunachar sonraí eile.

De bhrí nach raibh mórán meiteashonraí inúsáidte againn, ná fiú scéimre meiteashonraí, do Bhailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth, thóg muid orainn féin scéimre meiteashonraí bunaithe ar an *Dublin Core Metadata Initiative* (nó DCMI) a úsáid (féach Hakala, 2000). Tá roinnt buntáistí, i gcás na riachtanas a bhí againn, ag samhail an DCMI thar samhlacha meiteashonraí eile. Tá struchtúr 'clárach' an tacair shonraí in oiriúint do struchtúr an DCMI, agus tá samhail meiteashonraí an DRI bunaithe ar shamhail an DCMI. Anuas air sin, bhí muid ábalta leas a bhaint as gné in-athdhéanta d'eilimintí an DCMI chun cuid de na dúshláin dhátteangacha a bhí againn a shárú (féach thíos). Tá 55 téarma DCMI ann<sup>9</sup> agus d'úsáid muid 16 acu chun cur síos a dhéanamh ar an ábhar (féach Tábla 1). Tabhair faoi deara, áfach, cé go bhfuil scéimre an DCMI aistrithe go roinnt teangacha eile, níl an Ghaeilge mar cheann acu. Mar sin, d'úsáid muid na téarmaí Béarla sa pháipéar seo.

---

8 API, nó *Application Program Interface*

9 Tá liosta iomlán de théarmaí an DCMI ar fáil ag <http://dublincore.org/documents/dcmi-terms/>.

Chruthaigh muid an chéad tacar meiteashonraí do Bhailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth ag úsáid téacs agus nótaí mínithe ó na lámhscríbhinní, in éineacht le haon eolas eile a bhí againn faoin mbailiúchán. I gcás Bhailiúchán Raidió na Gaeltachta, rinne muid ailíniú ar an mbunleagan de na meiteashonraí ionas go mbeadh sé ag teacht le treoirlínte an DRI i leith meiteashonraí (Bustillo et al., 2015). Tá faisnéis i meiteashonraí Raidió na Gaeltachta (.i. *Léiritheoir, Láithreoir* srl.) a thugann le fios gur ó réimse an chraolacháin agus na meán a tháinig an t-ábhar. De bhrí nach bhfuil a chomhionann i liosta téarmaí an DCMI, chomhlánaigh muid na meiteashonraí DCMI le téarmaí ón gcóras *MACHine-Readable Cataloguing Relator Terms* (MARC, féach Harper & Tillett, 2007). Is buntáiste eile é an inbheisitheacht seo atá ag córas DCMI le hais caighdeáin eile meiteashonraí.

| Téarma DCMI | Luach   | Téarma DCMI | Luach   |
|-------------|---|-------------|---|
| Identifier  | smg-s-009   | Subject     | Seanchas; Scéalta seanchais; Beathaisnéis; Nathanna cainte;   |
| Title       | Seán Mac Giollarnáth: Lámhscríbhinn 9   | Subject     | Folklore; Folk tales; Biography; Words and phrases;   |
| Alternative | Seán Mac Giollarnáth: Manuscript 9  | Date        | name=1931-1934; start=1931-01-01; end=1934-12-31;   |
| Description | Cóip scanta í seo de Lámhscríbhinn 9 de Bhailiúchán Sheáin Mhic Ghiollarnáth. Bailiúchán de bhéaloideas, scéalta seanchais, nathanna cainte agus ábhar beathaisnéise atá sa lámhscríbhinn agus cuimsíonn sí 96 leathanach ar fad. Tugann an bailitheoir le fios gurb é Pádraig Mac Donnchadha (Liam, Pat Villy) an scéalaí don chuid is mó agus tugtar eolas beathaisnéise faoi. Ainmnítear an Gábhánach agus Micilín Mac Donnchadha mar scéalaithe freisin. Teidil sa Lámhscríbhinn: 1. Eascainí; 2. Uág Uág; 3. Nuair a thioctas cainnt do'n fhiach dubh; 4. Seán Mhac Séamuis; ... | Description | This is a scanned copy of Manuscript 9 of The Seán Mac Giollarnáth Collection. The manuscript contains a collection of folk tales, folklore, phrases and biographical material. It extends to 96 pages. The collector indicates that the majority of the material was recorded from Pádraig Mac Donnchadha (Liam, Pat Villy) and includes a biography of Mr. Mac Donnchadha. An Gábhánach and Micilín Mac Donnchadha are also identified as contributors. Titles in the Manuscript are: 1. Eascainí; 2. Uág Uág; 3. Nuair a thioctas cainnt do'n fhiach dubh; 4. Seán Mhac Séamuis; ... |
| Temporal    | name=Early 20th Century; start=1900-01-01; end=1949-12-31;  | Spatial     | Conamara; Roisín na Mainiach; Carna.  |
| Creator     | Mac Giollarnáth, Seán   | Source      | Bailiúchán Sheáin Mhic Ghiollarnáth   |
| Contributor | Mac Giollarnáth, Seán; Mac Donnchadha, Pádraig 'Liam Pat Villy'; An Gábhánach; Mac Donnchadha, Micilín;   | Extent      | 144p.   |
| Language    | ga  | Type        | Text  |
| Rights      | © Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Gach ceart ar cosaint.   |             |   |
| Relation    | Tá leagan tras-scríofa den lámhscríbhinn seo ar fáil freisin.   | Relation    | A transcribed version of this manuscript is also available.   |

**Tábla 1: Meiteashonraí DCMI do Lámhscríbhinn 9 ó Bhailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth. Tabhair faoi deara nach bhfuil na sonraí seo tiontaithe fós go formáid atá inghlactha d'ionghabháil go DRI.**

Tacaíonn samhail an DCMI le hidir-inoibritheacht mar gur féidir caighdeáin ionchódaithe sheachtracha a úsáid d'eilimintí meiteashonraí ar leith. Chuige seo, bhain muid úsáid as caighdeáin choitianta atá in úsáid go forleathan: ISO 8601 do théarmaí teamparálta (m.sh. BBBB-MM-LL) agus ISO 639 d'aitheantóirí teanga (m.sh. *ga, en*). Rinne muid formáidiú ar ainmneacha pearsanta (bhí siad le feiceáil sna téarmaí *Creator, Producer, Host* agus *Contributor*) de réir treoirlínte atá luaite in *Irish Guidelines for Indexing Archives* (2013). Cé go raibh muid in ann formhór na n-ainmneacha pearsanta a fhoramáidiú de réir na dtreoirlínte sin, bhí roinnt eisceachtaí ann, leasainmneacha agus aitheantóirí clainne neamhfhoirmiúla ina measc. Freisin,

nuair a chonaic muid an deis, d'úsáid muid stórtha focal rialaithe (Bair & Carlson, 2008) – go háirithe an stór focal *Library of Congress Subject Headings*, nó LCSH (Stone, 2000). Cuidíonn stór focal rialaithe le comhsheasmhacht a chinntiú i dtéarmaí a bhaineann le hábhar, agus cuireann sé barr feabhais ar thorthaí an chuardaigh don úsáideoir deiridh. Thug muid faoi deara le linn na hoibre seo an laghad acmhainní ar nós stórtha focal rialaithe, ointeolaíochtaí agus stórchistí atá ar fáil i nGaeilge. Léiríonn Tábla 1 luachanna na dtéarmaí DCMI d'oibiacht dhigiteach shamplach ó Bhailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth.

### 4.3 Meiteashonraí Dáttheangacha i mBailiúchán Mhic Giollarnáth

Is comhchuid chriticiúil de thaisclann dháttheangach iad meiteashonraí dáttheangacha, agus cruthaíodh a leithéid ag úsáid meascán de mhodhanna traidisiúnta (aistriúchán) agus saibhriú sonraí, próiseas ina gcuirtear sonraí i gcomhthéacs agus ina gcuirtear faisnéis nua leo, .i. nascadh le hacmhainní seachtracha ar nós stórtha focal rialaithe nó bunachair shonraí (féach Berardi et al., 2012).

Bhí a dhúshlán uathúil féin ag gach téarma DCMI nuair a rinneadh iarracht gné dháttheangach a thabhairt dó. I measc na réiteach ba shimplí, d'úsáid muid eilimintí DCMI ar leith go heisiach i dteanga amháin. Mar shampla, d'úsáid muid *Alternative Title* (ainm malartach don oibiacht) mar théarma forchoiméadta chun aistriúchán Béarla a thabhairt don teideal Gaeilge (*Title*) dá mba ghá. Tá tréith in-athdhéanta ag téarmaí DCMI (is féidir iad a úsáid níos mó ná uair amháin d'aon oibiacht ar leith) – rud a thug an deis dúinn réiteach dáttheangach eile a chur i bhfeidhm ar roinnt téarmaí. Mar shampla, thóg muid orainn féin an téacs Gaeilge sa gcur síos (*Description*), a aistriú go Béarla agus d'úsáid muid an téacs Béarla seo don dara téarma *Description*. Dár ndóigh, d'fhéadfaí an cur chuige seo a dhéanamh in athuair le teangacha eile. Tá cur síos níos mine faoin bpróiseas seo i Coll & Ó Tuairisg (2015).

D'úsáid muid dhá leagan den téarma *Subject* freisin. Bhí muid ábalta ceann acu a nascadh leis an tseirbhís sonraí nasctha saor-rochtana atá ag an LCSH (mar gur lean muid stór focal rialaithe an LCSH nuair a chruthaigh muid eochairfhocail d'ábhar na hoibiachta). D'úsáid muid an leagan eile de *Subject* don aistriúchán Gaeilge, ach nasc muid é seo chuig LCSH freisin, ionas nach mbeadh an t-úsáideoir le Gaeilge faoi mhíbhuntáiste.

D'úsáid muid teicneolaíochtaí nasctha sonraí ar bhealaí eile, chomh maith. Rinne muid gach tagairt do logainmneacha a asbhaint as `Description`, agus chuireamar isteach san eilimint `Spatial` iad. Rinne muid caighdeánú ar litriú na logainmneacha seo mar go raibh bealaí éagsúla á n-úsáid chun na logainmneacha céanna a litriú sna lámhscríbhinní. Rinneadh imréiteach idir an tacar seo agus seirbhís sonraí nasctha de chuid Bhunachair Logainmneacha na hÉireann<sup>10</sup>. Cuireann an nascadh seo, idir na sonraí agus tacar seachtrach ar ár gcumas, ag úsáid comhéadan feidhmchláir an DRI, faisnéis bhreise ar nós comhordanáidí geospásúla<sup>11</sup> agus aistriúcháin Ghaeilge/Bhéarla de logainmneacha a asbhaint.

Agus é seo déanta againn, bhí orainn bealach a aimsiú le hidirdhealú a dhéanamh idir téarmaí DCMI comhchosúla, nach bhfuil sa difríocht eatarthu ach an teanga atá in úsáid. Maíonn Stiller et al. (2014) '*a first step for increasing multilingual access to cultural heritage content is to indicate the language of your metadata*'. Mar sin, chlibeáil muid na heilimintí DCMI cuí ag úsáid na feidhmiúlachta XML<sup>12</sup> `xml:lang="??"`, áit gurb ionann '`??`' agus an cód teanga cuí, m.sh. *ga*, *en*.

---

10 <http://data.logainm.ie>.

11 Baintear úsáid astu seo in uirlisí éagsúla mapála ar DRI.

12 EXtensible Markup Language


Déanann na próisis seo go léir claochlú iomlán ar na meiteashonraí. Tá leagan samplach de na meiteashonraí saibhrithe seo, mar a bhreathnaíonn sé i bhformáid XML, le feiceáil i bhFigiúr 2. Léiríonn sé seo na meiteashonraí do chomhad fuaime ó chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá an comhad XML seo ag déanamh tagartha do mhír fuaime ina bhfuil sliocht ó fhoilseachán Mhic Giollarnáth *Annála Beaga ó Iorrus Aithneach* á léamh ag Liam Mac Con Iomaire. Léiríonn Figiúr 2 conas a rinneadh ionchódú ar na heilimintí DCMI chun an fheidhmiúlacht dhátheangach sna meiteashonraí agus sa Taisclann a chumasú. Tabhair faoi deara na naisc chuig seirbhísí sonraí nasctha saor-rochtana éagsúla atá le feiceáil sna heilimintí Subject agus Spatial. Is san fhoráid XML seo a dhéantar ionghabháil ar an oibiacht dhigiteach isteach sa taisclann.

```
<?xml version="1.0" encoding="UTF-8"?>
<qualifieddc xmlns:dc="http://purl.org/dc/elements/1.1/" xmlns:marcrel="http://www.loc.gov/marc/relators/"
xmlns:dcterms="http://purl.org/dc/terms/" xmlns:xsi="http://www.w3.org/2001/XMLSchema-instance"
xsi:schemaLocation="http://www.loc.gov/marc/relators/ http://imlsdcc2.grainger.illinois.edu/registry/marcrel.xsd"
xsi:noNamespaceSchemaLocation="http://dublincore.org/schemas/xmls/qdc/2008/02/11/qualifieddc.xsd">
  <dc:title xml:lang="ga">Annála Beaga ó Iorrus Aithneach, 27 Meán Fómhair 1986</dc:title>
  <dc:description xml:lang="ga">Liam Mac Con Iomaire ag léamh sleachta as an leabhar "Annála Beaga ó Iorrus Aithneach", bailiúchán
scéalta/béaloideas a bhailigh Seán Mac Giollarnáth; Béaloideas (ar lean): 'Tuilleadh faoi'n Athair Maoilre' a bailiódh ó Sheán Mac an Rí.
Béaloideas: 'Daoine ar a dTeicheadha' a bailiódh ó Phádhraic Mac Con Iomaire. Scéal: 'Cíos' a bailiódh ó Phádhraic Mac Donnchadha Éamonn.
Scéal: 'Ceannaidhe an Phuill Bháin' a bailiódh ó Mhicheál Mac Donnchadha. Mír a 9/35.</dc:description>
  <dc:description xml:lang="en">Liam Mac an Iomaire reads an extract from the book "Annála Beaga ó Iorrus Aithneach" a collection of stories and
folklore gathered by the Irish folklorist Seán Mac Giollarnáth (1880-1970) during his time working as a District Justice in Connemara, Co.
Galway. Folklore Continued: 'Tuilleadh faoi'n Athair Maoilre' collected from Seán Mac an Rí. Folklore: 'Daoine ar a dTeicheadha' collected
from Pádhraic Mac an Iomaire. Story: 'Cíos' collected from Pádhraic Mac Donnchadha Éamonn. Story: 'Ceannaidhe an Phuill Bháin' collected
by Mícheál Mac Donnchadha.</dc:description>
  <dc:date>1986-09-27</dc:date>
  <marcrel:pro>Mac Con Iomaire, Liam</marcrel:pro>
  <marcrel:hst>Mac Con Iomaire, Liam</marcrel:hst>
  <marcrel:cmm>Mac Con Iomaire, Liam</marcrel:cmm>
  <dc:subject xml:lang="ga">Seanchas</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">Storytelling</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">http://id.loc.gov/authorities/sh85128407#concept</dc:subject>
  <dcterms:spatial>Iorrus Aithneach</dcterms:spatial>
  <dcterms:spatial>http://data.logainm.ie/place/1410535</dcterms:spatial>
  <dcterms:extent xml:lang="ga">PT13M</dcterms:extent>
  <dc:language>ga</dc:language>
  <dc:publisher>RTÉ Raidió na Gaeltachta</dc:publisher>
  <dc:source xml:lang="ga">Chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta</dc:source>
  <dc:rights>© RTÉ Raidió na Gaeltachta. Gach ceart ar cosaint.</dc:rights>
  <dc:type>Sound</dc:type>
  <dc:subject xml:lang="ga">Béaloideas</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">Folklore</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">http://id.loc.gov/authorities/sh85050104#concept</dc:subject>
  <dcterms:spatial>Carna</dcterms:spatial>
  <dcterms:spatial>http://data.logainm.ie/place/18255</dcterms:spatial>
  <dc:subject xml:lang="ga">Traidisiún Béil</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">Oral Tradition</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">http://id.loc.gov/authorities/sh85095251#concept</dc:subject>
  <dcterms:spatial>Gallimh</dcterms:spatial>
  <dcterms:spatial>http://data.logainm.ie/place/100015</dcterms:spatial>
  <dc:subject xml:lang="ga">Raidió agus Litríocht</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">Radio and Literature</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">http://id.loc.gov/authorities/sh85110436#concept</dc:subject>
  <dcterms:spatial>Conamara</dcterms:spatial>
  <dcterms:spatial>http://data.logainm.ie/place/67096</dcterms:spatial>
  <dc:subject xml:lang="ga">Litríocht Bhéil, Éireannach</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">Folk Literature, Irish</dc:subject>
  <dc:subject xml:lang="en">http://id.loc.gov/authorities/sh85049753#concept</dc:subject>
</qualifieddc>
```

Figiúr 2: Comhad XML réitithe i gcomhar ionghabhála go DRI. Is cur síos é seo ar mheiteashonraí mhír fuaime ó Chartlann Raidió na Gaeltachta.

## 5. An Bailiúchán ar DRI

### 5.1 An tÁbhar agus an Comhéadan Dáttheangach



**Figúir 3: Fo-bhailiúcháin Sheáin Mhic Giollarnáth, mar atá siad le feiceáil ar DRI.**

*The user interface is the first encounter the users have with the cultural heritage information system. It is what greets them and invites to explore and engage with the cultural collection – ideally in a language the users understand. (2015:13)*

Tá DRI deartha le comhéadan úsáideora dáttheangach (Gaeilge agus Béarla). Chun é seo a chur ar fáil, bhí orainn gach téacs atá ar leathanaigh statacha agus ar an gcomhéadan a aistriú. Áirítear sna leathanaigh statacha téacs eagarthóireachta, ráitis agus comhaontaithe dlíthiúla. I measc na ngnéithe a bhí i dtéacs an chomhéadain bhí: tacar nod; foláirimh, téacs ainlithe, míreanna aníos, srl. do na grúpaí úsáideoirí éagsúla. Tá na cuir chuige agus na dúshláin a bhain leis an obair seo leagtha amach ag Coll & Ó Tuairisg (2015).

Tá ábhar Sheáin Mhic Giollarnáth leagtha amach sa taisclann mar shraith de chúig fho-bhailiúchán éagsúil – leathanaigh scanta agus tras-scríofa, lámhscríbhinní scanta agus tras-scríofa, agus míreanna fuaimne. Déanann an t-úsáideoir ionramháil, cuardach agus anailís ar na hoibicháit seo trí chomhéadan an úsáideora. Dar le Stiller et al. (2015) is é comhéadan an úsáideora (*user interface*, nó UI) an ghné is tábhachtaí de thaisclann ar bith – ach cúram ceart a bheith déanta do theanga an úsáideora:

Agus an t-úsáideoir ag brabhsáil an ábhair, is féidir leis/léi teanga an chomhéadain a bhabhtáil idir Gaeilge agus Béarla. Ionas nach ndéantar leatrom ar cheachtar pobal teanga is í an teanga réamhshocraithe an teanga sin a bhí in úsáid sa seisiún deiridh (atá stóráilte i bhfianán). Ní aistrítear teanga na meiteashonraí san fheidhmiúlacht seo, ach taispeántar leagan Gaeilge de theideal na dtéarmaí DCMI (*Cruthaitheoir, Dáta, srl.*) sa chomhéadan Gaeilge. Ní aistriúcháin oifigiúla iad seo ar théarmaí an DCMI agus, de réir dea-chleachtais i dtaisclann iontaoifa, ní thagann aon athrú ar bhun-mheiteashonraí na hoibiachta. Léiríonn Figiúr 3 thíos comhéadan Gaeilge (ar dheis) agus Béarla (ar chlé) an DRI, nuair atáthar ag taispeáint oibiacht dhigiteach.



Figiúr 4: Comhéadan Gaeilge (ar chlé) agus Béarla (ar dheis) an DRI nuair atá oibiacht dhigiteach á taispeáint.



## 5.2 Ag Amharc ar na Meiteashonraí

**Figiúr 5: Comhéadan an DRI ag léiriú go bhfuil cur síos Béarla an bhailiúcháin folaithe.**

Bhí orainn meiteashonraí na Taisclainne a léiriú go soiléir agus go comhsheasmhach, i gceachtar nó sa dá theanga, d'úsáideoirí an DRI, ach gan eispéireas an úsáideora a chur i mbaol. Mar nach raibh muid ag iarraidh breithiúnas a thabhairt ar shainrogha teanga an úsáideora roimh ré, bhí sé seo le déanamh beag beann ar cén teanga a roghnaigh an t-úsáideoir don chomhéadan. Bhí dúshlán leis seo nuair a bhí lear mór téacs i gceist, go háirithe leis an téarma

Description. Ní raibh sé idéalach dhá bhloc mór téacs a thaispeáint sa dá theanga, fiú dá ndéanfadh clófhoirne éagsúla idirdhealú eatarthu. Freisin, dá léireodh muid bloc mór téacs Gaeilge os cionn an téacs Béarla d'fhéadfaí drochmhisneach a chur ar an té gan Ghaeilge (go háirithe mura mbeadh an Béarla le feiceáil ar an scáileán gan scrollú a dhéanamh) agus *vice versa*.

Mar réiteach, tugann DRI an deis don úsáideoir nasc a chliceáil, ar cheann den dá théarma meiteashonraí Description, a íoslaghdaíonn téacs an téarma sin (úsáideann an córas an aitreabúid `xml:lang`). Fanann sé íoslaghdaithe le linn an tseisiúin bhrabhsála nó go huasmhéadaítear arís é. Feiceann an t-úsáideoir go bhfuil an dá chur síos ann don oibiacht, ach is féidir leis/léi an ceann is lú tábhacht dó/di a íoslaghdú. Léirítear an coincheap seo i bhFigiúr 4, ina bhfuil an cur síos Béarla i bhfolach agus an cur síos Gaeilge le feiceáil.

Chuir muid an córas seo i bhfeidhm do mheiteashonraí ag leibhéal na hoibiachta ar DRI, chomh maith le leibhéal an bhailiúcháin, áit a mbíonn blocanna móra téacs sa chur síos. Tá an fheidhmiúlacht seo neamhspleách ar theanga chomhéadan an úsáideora, agus ní chuireann sé isteach ar an bpróiseas cuardaithe (tá an t-úsáideoir in ann cuardach a dhéanamh sna réimsí atá i bhfolach freisin).



Ag teacht leis an tacaíocht a thugann DRI do na prionsabail a bhaineann le rochtain oscailte ar shonraí, tá torthaí an aistriúcháin ar fáil go hoscailte agus go poiblí. Maidir le hobair sa todhchaí, léirigh muid an easpa acmhainní Gaeilge atá ar fáil i réimse an chartlannaithe dhigitigh, acmhainní ar nós stórtha focal rialaithe, ointeolaíochtaí agus stórchistí. Thug muid faoi deara freisin nach bhfuil leagan Gaeilge fós ar fáil de scéimre an DCMI.

Ar deireadh, bunaíodh go leor d'fheidhmiúlacht dhátheangach DRI ar an ábhar cartlainne a luadh sa pháipéar seo – de réir mar a thiocfaidh méadú ar an líon ábhair trí Ghaeilge atá ar fáil ar DRI tiocfaidh riachtanais eile teanga aníos. Sa bhreis air sin, níor déanadh mórán plé ar na huirlisí agus na bogearraí tríú páirtí a bheas ag ionramháil agus ag déanamh anailíse ar na hoibiachtaí digiteacha seo, agus conas a rachaidh siadsan i ngleic le hábhar cartlainne trí Ghaeilge. Cé go bhfuil an Taisclann seolta agus an t-ábhar ar fáil, níl deireadh leis an obair atá le déanamh an Ghaeilge a chur ar chomhchéim leis an Béarla sa réimse seo. Mar fhocal scoir, tá Bailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth ar fáil anois ar <http://repository.dri.ie>.

## Leabharliosta

Bair, S. & Carlson, S., (2008) 'Where keywords fail: using metadata to facilitate digital humanities scholarship.' *Journal of Library Metadata*, 8, 249-62.

Berardi, G., Esuli, A., Gordea, S., Marcheggiani, D. & Sebastiani, F., (2012) 'Metadata enrichment services for the europeana digital library.' *Theory and Practice of Digital Libraries*. Springer.

Brennan, R. & Feeney, K. C., (2013) Publishing social sciences datasets as linked data: a political violence case study.

Bustillo, M., Collins, S., Gallagher, D., Grant, R., Harrower, N., Kenny, S., Martínez García, A., Ní Cholla, R., O'Carroll, A., Redmond, S. & Webb, S., (2015) Qualified Dublin Core and the Digital Repository of Ireland. Maynooth: Maynooth University; Dublin: Trinity College Dublin; Dublin: Royal Irish Academy; Galway: National University of Ireland, Galway.

Carew, M., Green, J., Kral, I., Nordlinger, R. & Singer, R., (2015) Getting in Touch: Language and Digital Inclusion in Australian Indigenous Communities.

- Coll, R. & Ó Tuairisg, S., (2015) 'Preparing Bilingual Metadata for a Bilingual Repository.' *New Review of Information Networking*. 20, 53-8.
- Conway, P., (1990) 'Archival preservation practice in a nationwide context.' *The American Archivist*. 204-22.
- Gorter, D., (2015) 'Multilingual interaction and minority languages: Proficiency and language practices in education and society.' *Language Teaching*. 48, 82-98.
- Hakala, J., (2000) Dublin core metadata initiative. *CRIS 2000-Current Research Information Systems*.
- Ham, K., (2013) OpenRefine (version 2.5). *Journal of the Medical Library Association*. 101, 233-5.
- Harper, C. A. & Tillett, B. B., (2007) 'Library of Congress controlled vocabularies and their application to the Semantic Web.' *Cataloging & classification quarterly*. 43, 47-68.
- Harrower, N., Webb, S., Tang, J., Gallagher, D., Kilfeather, E., O'Tuairisg, S. & Collins, S., (2013) 'Developing the Irish National Trusted Digital Repository for the Humanities and Social Sciences: an interdisciplinary approach.' *OR2013*.
- Hedstrom, M., (1997) 'Digital preservation: a time bomb for digital libraries.' *Computers and the Humanities*. 31, 189-202.
- Hernández, M. A. & Stolfo, S. J., (1998) 'Real-world data is dirty: Data cleansing and the merge/purge problem.' *Data mining and knowledge discovery*. 2, 9-37.
- McCarthy, K., (2015) Metadata Quality Control. Dublin: Royal Irish Academy: Royal Irish Academy.
- Nichols, D. M., Witten, I. H., Keegan, T. T., Bainbridge, D. & Dewsnip, M., (2005) 'Digital libraries and minority languages.' *New Review of Hypermedia and Multimedia*. 11, 139-55.
- O'Carroll, A. & Webb, S., (2012) Digital Archiving in Ireland: National Survey of the Humanities and Social Sciences. National University of Ireland, Maynooth: National University of Ireland, Maynooth.

- Petersen, P., (2015) 'Beyond borders: Digital tablets as a resource for preschool children's communication in a minority language.' *Designs for Learning*.
- Pinfield, S., Salter, J., Bath, P. A., Hubbard, B., Millington, P., Anders, J. H. & Hussain, A., (2014) 'Open-access repositories worldwide, 2005–2012: Past growth, current characteristics, and future possibilities.' *Journal of the Association for Information Science and Technology*. 65, 2404-21.
- Ross, S., (2012) 'Digital preservation, archival science and methodological foundations for digital libraries.' *New Review of Information Networking*. 17, 43-68.
- Shiri, A., (2014) 'Linked data meets big data: A knowledge organization systems perspective.' *Advances in Classification Research Online*. 24, 16-20.
- Stiller, J., Petras, V. & Gäde, M., (2015) MS12: White Paper on Best Practices for Multilingual Access to Digital Libraries. 's-Gravenhage: Europeana.
- Stiller, J., Petras, V., Gäde, M. & Isaac, A., (2014) 'Automatic Enrichments with Controlled Vocabularies in Europeana: Challenges and Consequences.' *Digital Heritage. Progress in Cultural Heritage: Documentation, Preservation, and Protection*. Springer.
- Stone, A. T., (2000) 'The LCSH century: A brief history of the library of congress subject headings, and introduction to the centennial essays.' *Cataloging & classification quarterly*. 29, 1-15.
- Strodl, S., Becker, C., Neumayer, R. & Rauber, A., (2007) 'How to choose a digital preservation strategy: Evaluating a preservation planning procedure.' Proceedings of the 7th ACM/IEEE-CS joint conference on Digital libraries. ACM, 29-38.
- Verborgh, R. & De Wilde, M., (2013) *Using OpenRefine*, Packt Publishing Ltd.
- Webb, S. & McGoohan, C., (2015) Digital Repository of Ireland: Requirements. National University of Ireland Maynooth.
- Wu, D., He, D. & Luo, B., (2012) 'Multilingual needs and expectations in digital libraries: a survey of academic users with different languages.' *The Electronic Library*. 30, 182-97.





## Léirmheas

### ***Cruinneas le hAntain Mac Lochlainn***

**(Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 2015. 168 lch, €15)**

Léirmheastóirí: *Aoife Ní Churraoin, Joyce Nic Giolla Shiomáin, Nóirín Uí Mhaoilchiaráin*

<https://doi.org/10.13025/zvs3-da63>

Is léirmheas é seo ar an leabhar *Cruinneas* ó pheann an údair Antain Mac Lochlainn. Bhain Mac Lochlainn BA sa Léann Éireannach agus PhD sa Nua-Ghaeilge amach in Ollscoil Uladh. Ina dhiaidh sin chaith sé tréimhsí ag obair i réimse na Gaeilge le RTÉ, *Foinse*, Bord na Gaeilge agus Ollscoil Mhá Nuad, áit a raibh sé ina phríomhtheagascóir ar an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht in Ionad na dTeangacha ansin. Bhí sé ina eagarthóir ar an iris *Comhar* ar feadh tamaill agus tá sé anois ina eagarthóir ar [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie), suíomh áiseanna agus tacaíochta do scríbhneoirí Gaeilge. Bíonn ailt leis le feiceáil go rialta ar an suíomh nuachta [tuairisc.ie](http://tuairisc.ie) freisin. Scríobh Antain Mac Lochlainn go leor saothar Gaeilge go dtí seo agus trasnaíonn sé na réimsí éagsúla scríbhneoireachta go héasca. I measc a shaothair tá na húrscéalta *Ruball an Éin* agus *Taibhsí an Locha* (Cló Iar-Chonnachta, 2005) agus aistriúcháin ar leabhair cháiliúla do dhaoine óga, mar shampla, *Asterix agus an Corrán Óir* (Dalen Éireann, 2014) agus *An Leon, an Bandraoi agus an Prios Éadaigh* (An Gúm, 2014). Ar ndóigh, tá an-tóir freisin ar na lámhleabhair theanga a scríobh sé go dtí seo chun cabhrú le scríbhneoirí Gaeilge, mar shampla, *Cuir Gaeilge Air!* (Cois Life, 2000) agus *In Ord is in Eagar* (Cois Life, 2009).

Is lámhleabhar teanga den chineál céanna atá i gceist le *Cruinneas* a foilsíodh sa bhliain 2015. Míníonn an t-údar féin i réamhrá an leabhair go bhfuil ‘an saothar seo dírithe ar scríbhneoirí Gaeilge a bhfuil tuiscint mhaith acu ar choincheapa gramadaí agus atá in ann an teanga a scríobh go réasúnta maith’ (2015: xiii). Deir an Lochlannach go bhfuil ábhar an leabhair bunaithe den chuid is mó ar a thaithí féin mar phríomhtheagascóir ar an gcúrsa aistriúcháin áit ar thug sé faoi deara ‘go mbíodh na míthuiscintí agus na hearráidí céanna ag

teacht aníos bliain i ndiaidh bliana' (2015: xiii, xiv). Ceann de na buntáistí a bhaineann leis an leabhar seo ná go bhfuil na hearráidí coitianta seo a bhaineann tuisle as scríbhneoirí Gaeilge leagtha amach in ord aibítre agus míniú tugtha ar gach ceann acu.

Is leabhar é seo atá furasta a úsáid. Tá 'Modh Úsáide' i dtús an leabhair a thugann míniú soiléir don léitheoir ar chóras an leabhair agus tá gach iontráil liostaithe in ord aibítre sa Chlár, rud a chiallaíonn go bhfuil sé an-éasca na focail atá á lorg a aimsiú. Is iomaí cineál botún agus earráid a léirítear sa leabhar. Faoin litir 'D' mar shampla tugtar míniú simplí, intuigthe ar an difríocht chéille idir 'Dearfa/dearfach': 'Tá *dearfa* ar aon chiall le cinnte, mar a thuigfeá ón dúblóg *cinnte dearfa*. Is é ciall an fhocail *dearfach* ná *positive, affirmative*, malairt an fhocail *diúltach*' (2015: 65). Tugtar neart samplaí eile mar seo, chomh maith le samplaí a bhaineann le mí-úsáid focal áirithe, earráidí gramadaí coitianta, bealaí le barr feabhais a chur ar an stíl scríbhneoireachta agus fanacht amach ó thionchar an Bhéarla sa leabhar. I dteannta na n-iontrálacha féin tá go leor tacaíochtaí breise eile ar fáil in *Cruinneas* chun an scríbhneoir Gaeilge a chur ar bhealach a leasa. Tugtar cleachtaí tríd síos sa leabhar chun deis a thabhairt don léitheoir ar spéis leis/léi, an pointe atá mínithe roimhe sin a shealbhú. Ansin déantar tráchtairacht ar na cleachtaí ar fad ar chúl an leabhair, rud atá an-áisiúil don fhoghlaiméoir. Tá sampla de seo le feiceáil i gCleachtadh 9 ar leathanach 70, áit a gcuirtear cúig cheist shamplacha ar fáil a bhaineann leis an iontráil 'Do' a pléadh roimhe sin ar leathanach 69. Níl le déanamh ansin ach breathnú ar leathanach 153 chun na freagraí a sheiceáil agus míniú breise a léamh faoi gach ceann acu. Anuas air sin, tá cleachtaí breise ar chúl an leabhair bunaithe ar chúig théama: Aimsirí, Aistriúchán, Foclóir, An réamhfhocal agus Ilghnéitheach. Ar ndóigh, tá freagraí agus míniú cuimsitheach ar na cleachtaí breise seo tugtha freisin. Lena chois sin, tugann an t-údar treoir don léitheoir maidir leis an áit ar féidir teacht ar thuilleadh eolais ar chuid de na ceisteanna coitianta ó fhoinní agus ó údair eile. Agus é ag léiriú cuid de na deacrachtaí a bhíonn ag daoine leis an séimhiú ar leathanach 125 mar shampla, déanann an t-údar tagairt don *Caighdeán Oifigiúil*, don *Caighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe* agus treoraíonn sé an léitheoir i dtreo *Graiméar na mBráithre Críostaí* freisin.

Ní hé sin le rá nach bhfuil locht ar bith le fáil ar shaothar an Lochlannaigh. Míníonn sé féin sa réamhrá gur samplaí ó théacs dílis iad formhór na n-iontrálacha sa leabhar agus dá bhrí sin tá meascán canúintí i gceist. Cé nach locht é seo ann féin mar go bhfuil sé tábhachtach a bheith eolach ar gach canúint, d'fhéadfadh sé seo mearbhall a chur ar roinnt léitheoirí. Ní miste a mheabhrú freisin gur bunaithe ar thaithí phearsanta an údair féin atá go leor d'iontrálacha an leabhair agus nach mbeidh an foghlaiméoir in ann teacht ar gach uile riail ná gach uile cheist a bhaineann le gach gné de chruinneas na Gaeilge anseo.

Ar an iomlán, áfach, tá na hiontrálacha ar fad a phléitear sa leabhar, idir cheisteanna gramadaí, céille, comhréire agus eile an-chabhrach go deo agus is cinnte gur acmhainn den chéad scoth é *Cruinneas* a bheidh ina chúnamh ag daoine a dteastaíonn uathu snas a chur ar a gcuid Gaeilge scríofa. Tá sé dea-scríofa, éasca le tuiscint agus tá greann fiú le feiceáil i gcuid de na hiontrálacha: 'Mionphointe, a déarfadh duine, ach tá difear mór céille idir *bean millteanach saibhir* agus *bean mhillteanach shaibhir* (2015: 125). Is léir gur theastaigh



ón údar tógáil ar an méid atá ar eolas ag cuid mhaith againn cheana féin agus na bearnaí a líonadh dúinn. Tá clúdach bog éadrom ar an leabhar agus níl sé an-mhór, mar sin tá sé áisiúil le hiompar. Mar a luadh sa Réamhrá is iomaí grúpa difriúil spriocléitheoirí a bhainfeadh tairbhe as an leabhar seo. Cé nach iad na cineálacha céanna deacrachtaí a bhíonn acu ar fad, is cinnte go bhfuil rud éigin le foghlaim ag gach duine ó *Cruinneas* agus gur fiú go mór cóip de a bheith sa mhála againn ar fad.





**Léirmheas ar**  
***Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana***  
**le Conchúr Mag Eacháin**

**Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 2014. 243 lch, €20**

*Léirmheas: Róisín Ní Cheallaigh, Áine Nic Gabhann, Máire Nic Oireachtaigh*

<https://doi.org/10.13025/yaed-zy47>

Is seoid é an leabhar seo i measc na seod eile a foilsíodh mar chuid den tsraith *Lúb ar Phár* de chuid an chomhlachta Cois Life. Is é seo an t-ochtú leabhar sa tsraith agus leanann sé eiseamláir na leabhar a foilsíodh roimhe, i dtaca le hardchaighdeán an taighde agus an stíl tharraingteach ina léirítear scéal téarmaíocht na Gaeilge le linn na hAthbheochana agus sna blianta ina dhiaidh sin. Cé go bhfuil gort na hAthbheochana treafa ag go leor taighdeoirí le tamall de bhlianta anuas, thug an Dr Mag Eacháin faoi deara go raibh bearna shuntasach sa taighde maidir leis an téarmaíocht sa tréimhse chéanna. Tugtar an léitheoir ar thuras stairiúil trí stair na téarmaíochta Gaeilge agus faightear mionscrúdú ar cheist na téarmaíochta ó na 1890í, nuair a dúisíodh suim i gceist na téarmaíochta ar dtús, go dtí gur cuireadh coiste téarmaíochta ar bun sa bhliain 1927. Nochtar tuairimí na ndaoine sna hailt agus sna litreacha a scríobhadh chuig *An Claidheamh Soluis* agus in irisleabhair eile agus paimfléid a foilsíodh le linn na hAthbheochana. Ní áibhéil a rá nach raibh scríbhneoirí na n-alt agus na litreacha seo ar aon tuairim maidir le ceist na téarmaíochta, agus cad ba cheart a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach. Ar ndóigh, bhí toil dhearfach ann ag an am chun dul i ngleic le ceist na téarmaíochta.

Tá ailt ó na nuachtáin, go mór mór ailt ó *An Claidheamh Soluis* curtha ar fáil ar dhlúthdhiosca a thagann leis an leabhar. Ós rud é gur leabhar acadúil é seo, d'fhéadfaí a mhaíomh gur faoiseamh éigin é don ghnáthléitheoir suí siar in amanna, agus ailt ó nuachtáin na linne, ina nochtar tuairimí na ndaoine faoi cheist na téarmaíochta

a léamh ar scáileán ríomhaire. Tá idir Bhéarla agus Ghaeilge sna hailt. Rinneadh caighdeánú ar ghramadach agus ar litriú na dtéacsanna Gaeilge ionas go mbeidís níos soiléire do léitheoir an lae inniu. Cuireann an caighdeánú seo le tarraingt an leabhair. In ionad don ghnáthléitheoir a bheith ag iarraidh ciall a bhaint as focail sa seanlitriú, is féidir leis/léi díriú ar an díospóireacht agus ar an bplé.

Is soiléir go raibh an-tionchar ag go leor teangacha ar an nGaeilge agus cuirtear é sin os ár gcomhair trí amlíne chuí a sholáthar sa chéad chaibidil. Déantar dul siar ar stair na téarmaíochta Gaeilge agus ar fhorbairt fhocalstór na Gaeilge ó ré na Sean-Ghaeilge go tús na hAthbheochana. Achoimre mhaith atá ann, don ghnáthléitheoir agus don acadóir araon. Tugtar go leor samplaí d'fhocail atá mar chuid den teanga anois, ach a tháinig ón Laidin, ón tSean-Lochlainnis nó a tháinig isteach sa teanga faoi anáil na hAngla-Normainnise ar dtús. Sa chúigiú haois le teacht na Críostaíochta go hÉirinn, glacadh focail ón Laidin isteach sa Ghaeilge, an focal *sacart* 'sagart' ó *sacerdos*, an focal *epscop* 'easpag' ó *episcopus*, agus an focal *oifrend* 'Aifreann' ó *offerenda*. D'fhág teacht na Lochlannach tionchar ar théarmaíocht na Gaeilge go mór mór i réimse na loingseoireachta. Mar shampla, glacadh leis an bhfocal *dorrge* 'dorú' ón bhfocal Lochlannach *dorg*. Le teacht na Normannach, tugadh isteach sa Ghaeilge go leor focal a bhain leis an dlí, mar shampla an focal *eigher/eighr* 'oidhre'. Sa lá atá inniu ann, bheadh go leor daoine den tuairim gur focal Gaeilge ó dhúchas an focal seo mar gur cuid de dhlúth agus d'inneach na teanga anois é. Is díol spéise iad seo don ghnáthléitheoir, agus cuireann an leabhar seo go mór le heolas an ghnáthléitheora maidir le stair na téarmaíochta.

Sa dara cuid de chaibidil a haon, léirítear athrach mór a tháinig ar an scéal tar éis bhunú Chonradh na Gaeilge. An aidhm a bhí ag an gConradh ná an Ghaeilge a bhuanú agus a fhorleathnú. Chun an forleathnú seo a chur i gcrích, bhí ar bhaill an Chonartha tabhairt faoin nGaeilge a chur in oiriúint don saol nua-aimseartha, saol nach raibh an Ghaeilge á húsáid ann. Is fiú na hailt ar an dlúthdhiosca a léamh in éineacht leis an gcaibidil seo chun blaiseadh a fháil de na tuairimí éagsúla a bhí beo beathach ag an am.

I gcaibidil a dó, déantar iniúchadh ar na heagraíochtaí agus ar na daoine aonair a thug faoi fhorbairt na téarmaíochta Gaeilge le linn bhlianta na hAthbheochana. Ó thaobh Chonradh na Gaeilge de, tugtar le fios gur phleanáil teanga, sa chiall is leithne den fhocal a bhí ann. Ceanglaítear teoiric na pleanála teanga leis an méid a bhí á dhéanamh ag Conradh na Gaeilge, agus é ar thús cadhnaíochta sa phleanáil seo. Is díol suime é gurbh é Dáithí Coimín, sa bhliain 1876, a bhí chun tosaigh ag moladh acadamh a chur ar bun chun an teanga a chaighdeánú, mar gur thuig sé na fadhbanna a bhain leis an bhfoilsitheoireacht i nGaeilge maidir leis an ngramadach, an litriú, an cló, agus focail nua. Is iomaí duine, agus ar ndóigh Conradh na Gaeilge féin a rinne an t-áiteamh céanna ina dhiaidh sin. Bhí coimhlint leanúnach idir grúpaí áirithe le linn na hAthbheochana, agus d'fhág na coimhlintí seo rian ar na tuairimí éagsúla a bhí ag grúpaí agus daoine aonair maidir le bunú acadaimh agus na daoine a bheadh ina bhun. Cuireann an t-eolas seo leis an dearcadh agus meon a bhí ann ag an am, mar is as na tuairimí éagsúla seo a shíolraigh ábhar an leabhair. Bhain an t-údar úsáid as na tuairimí seo chun cur ina luí ar an léitheoir an obair a bhí ar siúl ag an am. Is spléachadh é seo ar dhearcadh

an phobail i leith na Gaeilge. Arís, is fiú na hait ó na nuachtáin agus na hirísí atá ar an dlúthdhiosca a léamh, chun teannas an phlé a bhlaiseadh. Déantar mionscrúdú ar stair na n-iarrachtaí acadamh a bhunú. Is díol spéise é an méid teannais a bhí ann agus a laghad torthaí a cuireadh i gcrích.

D'fhéadfaí a mhaíomh gurb é caibidil a trí an chaibidil is suimiúla do dhaoine ar suim leo a bheith ag ceapadh téarmaíochta. Foilsíodh liosta téarmaíochta gach coicís in *An Claidheamh Soluis* ach ag an am céanna bhí easpa téarmaíochta ann maidir le hábhair nua-aimseartha, mar shampla, eolaíocht agus talmhaíocht. Bhí sé thar a bheith suimiúil go ndeachaigh an Conradh ar ais i measc na cosmhuintire chun na focail a bhí ag teastáil uathu a aimsiú. Ábhar grinn ar leathanach 207 den leabhar is ea an ráiteas a rinne an Niallach sa bhliain 1908: *'As an amusement, téarmaidheacht is quite on a par with writing limericks. Everyone who reaches a certain stage of interest in the language takes a hand at it.'* Déantar mionscagadh ar na modhanna difriúla ar bhain siad úsáid astu agus iad ag ceapadh téarmaíochta. Mínítear stair an fhocail 'rothar' agus an úsáid a bhaintear as an bhfocal 'bicycle' sna Gaeltachtaí fós. Músclaíonn fíricí beaga suimiúla dá leithéid spéis an léitheora neamhacadúil sa leabhar acadúil seo.

Cuirtear an comhthéacs soch-chultúrtha agus polaitíochta faoinár mbráid i gcaibidil a ceathair, agus mínítear teoiricí na pleanála teanga maidir leis an gcomhthéacs seo. Ní mór a chur san áireamh go bhfuil teoiricí na pleanála teanga ag lucht a saothraithe sa lá atá inniu ann, ach ag an am sin bhí daoine ag iarraidh an Ghaeilge a shaothrú agus iad aineolach ar theoiricí dá leithéid. Is ábhar suime é an méid díospóireachta a bhí ann maidir leis an íonaíochas. Fiú sa lá atá inniu ann, agus taighde á dhéanamh ar nuachainteoirí na Gaeilge, cloistear gnéithe den íonaíochas á gcur chun cinn, agus cáineadh á dhéanamh ar mhuintir na Gaeltachta mar gheall ar fhocail ar nós 'bodaráilte' agus 'bicycle' a bheith in úsáid acu.

Is é dualgas an léirmheastóra idir bhuanna agus laigí leabhair a shonrú. Ach bhí na léirmheastóirí seo ar aon intinn nach raibh easnaimh ar shaothar Mhig Eacháin. Caitheadh dua lena leagan amach. Tá réamhrá agus clabhsúr cumasach ag dul leis, chomh maith le ceithre chaibidil théagartha idir eatarthu. Tá an plé agus an díospóireacht leagtha amach go croineolaíoch. Ag tús gach caibidile tugtar cuntas gairid ar a bhfuil sa chaibidil agus ag a deireadh tugtar achoimre ghairid ar an ábhar. Léirítear nasc idir gach caibidil agus is áisiúil an snáithe seo don léitheoir agus é/í ag sealbhú a bhfuil sa leabhar. Sa ré dhigiteach seo agus leithéid [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) ar fáil dúinn, is fiú machnamh a dhéanamh ar na ceanróidaithe a chuaigh romhainn. Ní mór buíochas a ghabháil leo as na hiarrachtaí a rinne siad cur le focalstór na Gaeilge, ionas go mbeadh muidne, sliocht a sleachta in ann an Ghaeilge a úsáid i ngach réimse dár saol. Molaimis an t-údar agus Cois Life as an leabhar seo a fhoilsiú.





## **Nótaí Beathaisnéise**

### **Nótaí Beathaisnéise na nÚdar**

#### **An Dr Rósmáire Ní Cholla**

Coimeádaí Digiteach í an Dr Rósmáire Ní Cholla ar thionscadal Thaisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) lonnaithe in OÉ, Gaillimh, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna. Cuimsíonn a cuid réimsí taighde cartlannaíocht dhigiteach, teangeolaíocht, litríocht na 17ú haoise, agus irisí Athbheochan na Gaeilge.

#### **An Dr Eilís Ní Dhúill**

Is as Ceatharlach ó dhúchas d'Eilís Ní Dhúill. Tá céim sa mhínealaíon aici ó Institiúid na Gaillimhe-Maigh Eo agus bronnadh MA sa Léann Éireannach agus PhD sa Nua-Ghaeilge uirthi in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chaith Eilís cúig bliana ag obair le TG4, i rannóg na mblaisíní agus le Cúla 4, clár na bpáistí. Tá Eilís tiomanta do chur chun cinn léann na Gaeilge agus do theagasc na Gaeilge. Mar ábhar taighde, tá suim ag Eilís sa scéalaíocht, sa bhéaloideas agus sa scannánaíocht, go háirithe scannáin ina dtugtar léargas ar litríocht, ar dhrámaíocht agus ar chultúr na nGael. Tá ábhar foilsithe aici sna trí réimse seo.

#### **An Dr Dorothy Ní Uigín**

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge í Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Tá BA aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chomh maith le MA (Gaeilge), MA (Literature & Publishing), MA (Academic Practice) agus PhD (Gaeilge) ón ollscoil chéanna.

## Dónall Ó Braonáin

Is i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath a fuair Dónall Ó Braonáin a chuid oiliúna sa Nua-Ghaeilge agus sa Laidin. Tar éis roinnt blianta a chaitheamh ag léachtóireacht i UCD agus i mbun taighde ar thionscnaimh de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann (Foclóir na Nua-Ghaeilge & Dictionary of Irish Biography), chuaigh sé ag obair le RTÉ mar iriseoir nuachta agus léiritheoir raidió. Bhí sé ina Leascheannaire ar Raidió na Gaeltachta sular ceapadh ina Phríomhfheidhmeannach é ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## An Dr Conchúr Ó Brolcháin

Is léachtóir san oideachas é an Dr Conchúr Ó Brolcháin atá ag obair anois leis an Roinn Teanga, Lítearthachta agus Matoideachais i gColáiste Mhuire gan Smál (Ollscoil Luimnigh). Rugadh agus tógadh é i mBerna, Co. na Gaillimhe agus an-spéis aige i réimsí éagsúla luath-oideachais agus sochtheangeolaíochta lena n-áirítear: an ghaelscolaíocht, an tumoideachas, múnlaí oideachais dháttheangaigh, an dátheangachas agus an t-ilteangachas i gcomhthéacsanna éagsúla, múineadh na Gaeilge agus múineadh teangacha go ginearálta. Múineann sé ar mhodúil éagsúla de Mhúineadh na Gaeilge agus den Ghaeilge ar an gclár B.Oid, tá sé freagrach as cúrsa roghnach dar teideal ‘An tOideachas Dáttheangach agus Ilteangach i Suímh Éagsúla’ agus tugann sé léachtaí ar an M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge chomh maith. Ba é teideal a thráchtais PhD ná *Iniúchadh ar an Oideachas Dáttheangach i mBunscoileanna na Gaeltachta* a rinneadh i gColáiste Phádraig, Droim Conrach i gcomhpháirt leis an Dr Pádraig Ó Duibhir.

## An Dr Éamon Ó Cofaigh

Oibríonn Éamon Ó Cofaigh le Roinn na Fraincise chomh maith leis an Acadamh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Múineann sé Fraincis trí Ghaeilge agus tá sé ina chomhordaitheoir ar an BA sa Ghaeilge Fheidhmeach atá á sheachadadh trí mheán na foghlama cumaisc. Tá PhD sa Fhraincis aige agus faoi láthair tá an MA sa Chleachtas Acadúil ar bun aige.

## Eoin Ó Droighneáin

Is é Eoin Ó Droighneáin Riarthóir an Aonaid Aistriúcháin agus Ateangaireachta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ón mbliain 2001 i leith. Chaith sé sealanna roimhe seo ag obair mar aistritheoir le Bord na Gaeilge (1995–1997) agus le Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais (1997–2001). Tá an tAistriúchán Reachtaíochta ar cheann de na réimsí léinn is mó atá á saothrú aige. Is comhalta den Choiste Téarmaíochta



é ón mbliain 2001 agus bhí sé ar Choiste Stiúrtha an Chórais Creidiúnaithe d'Aistritheoirí faoi Fhoras na Gaeilge nuair a cuireadh ar bun i dtosach é. Bhí ról aige in ullmhú an leagain leasaithe den Chaighdeán Oifigiúil atá ar tí a fhoilsithe agus é ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, 2014–2016.

## **Piars Ó Droighneáin**

Is as ceantar Chois Fharrage do Phiaras Ó Droighneáin. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sé céimeanna BA agus MA amach. Tar éis a thréimhse staidéir in OÉ Gaillimh chuaigh sé ag obair le Coláiste na hOllscoile Corcaigh ar an tionscnamh taighde 'Béaloideas na mBan' (An Léann Dúchais Leictreonach). Ina dhiaidh sin chaith sé bliain go leith ag obair ar na tionscadail dhigiteacha [logainm.ie](http://logainm.ie), [ainm.ie](http://ainm.ie), [iate.europa.eu](http://iate.europa.eu) agus [dúchas.ie](http://dúchas.ie) le Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ag obair faoi láthair mar Choimeádaí Digiteach in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in Ionad an Acadaimh, Carna, Co. na Gaillimhe.

## **An Dr Lillis Ó Laoire**

Léachtóir sinsearach le Gaeilge is ea Lillis i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh é. Múineann sé cúrsaí i mBéaloideas na Gaeilge den chuid is mó. Tá go leor foilseachán aige ar an amhránaíocht, leabhar ar an amhránaí mór le rá sean-nóis, Seosamh Ó hÉanaí ina measc.

## **An Dr Pádraig Ó Tiarnaigh**

Is de bhunadh an Mhullaigh Bháin é Pádraig Ó Tiarnaigh ó dhúchas. D'fhreastail sé ar Scoil na Mainistreach in Iúr Cinn Trá agus d'éirigh leis PhD a bhaint amach sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh i Márta 2015, áit a ndearna sé céim agus iarchéim sa teanga roimhe sin. Ba é an bailitheoir béaloidis, Seán Ó hEochaidh, agus a chuid dialanna oibre, téama an tráchtais dochtúireachta. Tá Pádraig ag feidhmiú mar Fheidhmeannach Cumarsáide agus CTI (Cosaint Teanga agus Ionadaíocht) le Conradh na Gaeilge ó thuaidh le beagnach bliain anuas, agus ag léachtóireacht le hOllscoil Uladh i rith an ama. Ar bhonn deonach ceapadh Pádraig ina Chathaoirleach dhá bhliain ó shin ar Choiste Bainistíochta Choláiste Aoidh Mhic Bhricne; Coláiste Samhraidh i dTeileann, Gaeltacht Thír Chonaill.

## **An Dr Seathrún Ó Tuairisg**

Tá Seathrún Ó Tuairisg ag obair mar Riarthóir ar Aonaid na Teicneolaíochta Faisnéise in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhain sé PhD amach i réimse na réalteolaíochta in 2002 i Roinn na Fisice i nGaillimh, agus chaith sé trí bliana ag obair mar thaighdeoir iardhochtúireachta i Roinn na Teicneolaíochta Faisnéise. Bhí a chuid taighde dírithe ar ríomhaireacht ardfeidhmíochta agus na nuatheicneolaíochta, le béim faoi leith ar chúrsaí cartlainne. Faoi láthair, tá sé gníomhach i bhforbairtí úra an Acadaimh i réimse an chartlannaithe dhigitigh. I measc na rudaí atá á staidéar tá an poitéinseal oideachasúil atá ag ábhar cartlainne, modhanna nua digitithe d'ábhar teanga-lárnaithe agus forbairt ar ardáin ionas gur féidir leis an bpobal trí chéile dul i ngleic le hábhar cartlainne. Is príomhthaighdeoir OÉ Gaillimh é sa tionscadal Taisclann Dhigiteach na hÉireann.

## **Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí**

### **Róisín Ní Cheallaigh**

Is as Co. an Chláir do Róisín. Tá Dioplóma agus BA sa Ghaeilge aici, agus tá sí i mbun staidéir ar an MA sa Léann Teanga, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi láthair.

### **Aoife Ní Churraoin**

Is as An Spidéal i gCo. na Gaillimhe d'Aoife. Tá Dioplóma sa Phleanáil agus sa Bhuanú Teanga aici, chomh maith le Céim BA Idirnáisiúnta le Gaeilge agus Fraincis agus Céim MA san Ateangaireacht Chomhdhála ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. D'éirigh léi sna Scrúduithe Creidiúnaithe d'Ateangairí Comhdhála Institiúidí an Aontais Eorpaigh in 2012 agus bíonn sí ag ateangaireacht do na hInstitiúidí go rialta ó shin i leith. Ina theannta sin, tá Dioplóma Iarchéime sa Ghaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo aici agus tá sí i mbun an MA sa Léann Teanga i láthair na huaire.

### **Áine Nic Gabhann**

Is as Contae an Chabháin í Áine. Bhain sí amach céim onórach sa Ghaeilge agus sa Tíreolas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2007. Chomh maith leis sin bhain sí Diplóma Iarchéime san Oideachas amach san ollscoil chéanna in 2008. Tá Áine ag obair mar mhúinteoir Gaeilge ó 2008 i leith agus tá sí i mbun an MA sa Léann Teanga faoi láthair.

**Joyce Nic Giolla Shiomáin**

Is as Baile Átha Cliath do Joyce. Rinne sí an Diplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge Fheidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2015. Tá sí i mbun staidéir ar an aistriúchán don MA sa Léann Teanga anois.

**Máire Nic Oireachtaigh**

Is as an Muileann gCarr ó dhúchas do Máire ach tá sí ina cónaí i mBaile Átha Cliath anois. Bhain sí Diplóma sa Ghaeilge amach in Ollscoil Mhá Nuad. Ina dhiaidh sin, bhain sí céim chéad onóracha amach sa Ghaeilge Fheidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, (tríd an bhfoghlaim chumaisc). Tá sí i mbun staidéir ar an gcúrsa MA sa Léann Teanga faoi láthair.

**Nóirín Uí Mhaoilchiaráin**

Is as Co. na Gaillimhe do Nóirín. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa tSocheolaíocht agus sa Pholaitíocht in 2015. Tá sí anois i mbun staidéir ar an MA sa Léann Teanga. Tá spéis aici sa Phleanáil Teanga agus san Aistriúchán.

